



7.11.2023

*****I**

TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistriú carbóin
(COM(2022)0672 – C9-0399/2022 – 2022/0394(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: Lídia Pereira

Rapóirtéirí do na tuairimí ó choistí comhlachaithe de bhun Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Martin Hlaváček, an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	107
IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR	109
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE..	111
LITIR ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH.....	176
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH	190
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	191

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin (COM(2022)0672 – C9-0399/2022 – 2022/0394(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0672),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0399/2022),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Márta 2023¹,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 8 Feabhra 2023²,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,
 - ag féachaint don litir ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0329/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C 184, 25.5.2023, lch. 83.

² IO C 157, 3.5.2023, lch. 58.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais maidir le haistrithe carbóin

Leasú

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais maidir le haistrithe carbóin, *feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí*

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Faoi chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide²² ('Comhaontú Pháras'), chomhaontaigh an pobal idirnáisiúnta an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Is Páirtithe iad an tAontas agus a Bhallstáit i gComhaontú Pháras agus tá siad an-tiomanta dá chur chun feidhme trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus trí aistrithe carbóin a mhéadú.

Leasú

(1) Faoi chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide²² ('Comhaontú Pháras'), chomhaontaigh an pobal idirnáisiúnta an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. ***Treisíodh an gealltanais sin nuair a glacadh, faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, Comhshocrú Aeráide Ghlaschú an 13 Samhain 2021, ina n-aithníonn Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, ag feidhmiú mar chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, go mbeidh tionchair an athraithe aeráide i bhfad níos ísle ag méadú teochta 1.5 °C, i gcomparáid le 2 °C, agus ina mbeartaíonn sí iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1.5 °C a chur leis an méadú***

teochta. Is Páirtithe iad an tAontas agus a Bhallstáit i gComhaontú Pháras agus tá siad an-tiomanta dá chur chun feidhme trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus trí aistriú carbóin **agus feirmeoireacht carbóina** mhéadú.

²² Arna fhorghas le Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

²² Arna fhorghas le Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Ar an scála domhanda, léirítear sa tuarascáil²³ is déanaí ón bPainéal Idir-rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) nach dócha go ndéanfaí an téamh domhanda a theorannú go méadú 1.5 C ach amháin má tharlaíonn laghduithe tapa móra ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sna blianta amach romhainn. Luaitear go soiléir sa tuarascáil ó IPCC go bhfuil ‘sé dosheachanta aistriú dé-ocsaíde carbóin chun astaíochtaí iarmharacha a bhfuil sé deacair srian a chur orthu a fhrithchothromú má tá astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin glan-nialasacha (CO₂) nó GCT le baint amach’. Ceanglaítear leis sin gníomhaíochtaí inbhuanaithe a úsáid ar mhórsála chun CO₂ a ghabháil ón atmaisféar agus chun é a stóráil go marthanach i dtaiscumair gheolaíoch, in éiceachórais talún agus mhuirí, nó i dtáirgí. Sa lá atá inniu ann agus leis na beartais atá ann faoi láthair, níl an tAontas ar an gconair cheart chun na aistriú carbóin sin a bhaint amach: tá aistriú carbóin in

Leasú

(2) Ar an scála domhanda, léirítear sa tuarascáil²³ is déanaí ón bPainéal Idirnáisiúnta ar an Athrú Aeráide (IPCC) nach dócha go ndéanfaí an téamh domhanda a theorannú go 1.5 C ach amháin má tharlaíonn laghduithe tapa móra ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sna blianta atá ann faoi láthair agus sna blianta amach romhainn. Luaitear go soiléir sa tuarascáil IPCC freisin ‘**agus carbón glan-nialasach (CO₂) nó** astaíochtaí GCT glan-nialasacha á mbaint amach, tá gá le laghduithe doimhne agus tapa ar ollastaíochtaí, tá sé dosheachanta aistriú dé-ocsaíde carbóin a úsáid chun astaíochtaí iarmharacha a bhfuil sé deacair srian a chur orthu a fhrithchothromú, más rud é go bhfuil dé-ocsaíd charbóin (CO₂), nó astaíochtaí GCT glan-nialasacha le baint amach’ **agus ‘go mbeidh gá le aistriú dé-ocsaíde carbóin (CDR) chun glanastaíochtaí diúltacha CO₂ a bhaint amach**’. Ceanglaítear leis sin gníomhaíochtaí sábháilte agus inbhuanaithe a úsáid ar mhórsála chun

éiceachórais talún ag laghdú le blianta beaga anuas agus níl aon aistriú carbóin thionsclaíoch suntasach ar siúl faoi láthair san Aontas.

CO₂ a ghabháil ón atmaisféar agus chun é a stóráil go marthanach i dtaiscumair gheolaíocha, in éiceachórais talún agus mhuirí, nó i dtáirgí. Sa lá atá inniu ann agus leis na beartais atá ann faoi láthair, níl an tAontas ar an gconair cheart chun na aistrithe carbóin sin a bhaint amach: tá aistrithe carbóin in éiceachórais talún ag laghdú le blianta beaga anuas agus níl aon aistriú carbóin thionsclaíoch suntasach ar siúl faoi láthair san Aontas.

²³ *Grúpa Oibre an IPCC III (2022). Achoimre Theicniúil. i: Climate Change 2022:[Athrú Aeráide 2022] Mitigation of Climate Change [Athrú Aeráide 2022: Athrú Aeráide a Mhaolú]. An Séú Tuarascáil Mheasúnachta (nasc)*

²³ *IPCC (2023). An Séú Tuarascáil Mheasúnachta (Tuarascáil Sintéise AR 6).*

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Is é is aidhm don Rialachán seo creat deimhniúcháin deonach de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh aistrithe carbóin, d'fhonn glacadh le haistrithe carbóin ardcháilíochta a dhreasú, agus lánurraim á tabhairt do chuspóirí na bithéagsúlachta agus do na cuspóirí maidir le truailliú nialasach. Is uirlis í chun tacú le cuspóirí an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe an sprioc maidir le haeráidneodracht chomhchoiteann faoi 2050 a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴. Gheall an tAontas freisin astaíochtaí diúltacha a ghiniúint tar éis 2050. Is ionstraim thábhachtach í Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵ chun aistrithe carbóin in éiceachórais talún a fheabhsú, Rialachán atá á athbhreithniú faoi láthair. **Is é is**

Leasú

(3) Is é is aidhm don Rialachán seo creat deimhniúcháin deonach de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh aistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí, d'fhonn glacadh aistrithe carbóin sábháilte, inbhuanaithe agus ardcháilíochta, gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a dhreasú, agus lánurraim á tabhairt do na cuspóirí bithéagsúlachta agus do na cuspóirí maidir le truailliú nialasach. Is uirlis í chun tacú le cuspóirí an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe an sprioc maidir le haeráidneodracht chomhchoiteann faoi 2050 a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴, mar chomhlánú ar an laghdú do-aisiompaite agus de réir a chéile ar astaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa ar fud na n-earnálacha uile

***cuspoir don athbhreithniú sprioc
glan-aistrithe de chuid an Aontais de 310
Mt de choibhéis CO₂ a leagan amach faoi
2030, agus chun spriocanna a
leithdháileadh ar gach Ballstát.***

²⁴ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

²⁵ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Tacóidh creat deimhniúcháin an Aontais le forbairt gníomhaíochtaí aistrithe carbóin san Aontas a mbeidh glantairbhe aistrithe carbóin gan débhrí mar thoradh orthu, agus ag an am céanna seachnófar glas-snasú. I gcás feirmeoireacht carbóin, ba cheart do chreat deimhniúcháin den sórt sin glacadh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a spreagadh freisin lena ngintear

chun na cuspoirí agus na spriocanna a leagtar síos sa Rialachán sin agus spriocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. Gheall an tAontas freisin astaíochtaí diúltacha a ghiniúint tar éis 2050. Is ionstraim thábhachtach í Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵ chun aistrithe carbóin in éiceachórais talún a fheabhsú.

²⁴ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

²⁵ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

Leasú

(4) Tacóidh creat deimhniúcháin an Aontais le gníomhaíochtaí a fhorbairt san Aontas maidir le haistriú carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a mbíonn glantairbhe gan débhrí mar thoradh orthu, agus glas-snasú á sheachaint ag an am céanna. I gcás feirmeoireacht carbóin, ba cheart do chreat deimhniúcháin den sórt sin glacadh

comhthairbhí don bhithéagsúlacht, agus dá bhrí sin na spriocanna athbhunaithe dúlra a leagtar amach i nDlí an Aontais maidir le hathbhunú an dúlra a bhaint amach. Beidh ról lárnach ag creat deimhniúcháin an Aontais chun cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide a leagtar amach i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais a bhaint amach.

gníomhaíochtaí a spreagadh freisin lena ngintear comhthairbhí don bhithéagsúlacht, agus dá bhrí sin na spriocanna athbhunaithe dúlra a leagtar amach i nDlí an Aontais maidir le hathbhunú an dúlra a bhaint amach. Beidh ról lárnach ag creat deimhniúcháin an Aontais chun cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide a leagtar amach i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais a bhaint amach.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4a) Tá acmhainneacht shuntasach ag roinnt Comhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus ag tríú tíortha eile a bhfuil teorainn acu leis an Aontas, amhail an Iorua nó an Íoslainn, maidir le stóráil gheolaíoch CO₂. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí tugtha i gcrích idir an tAontas agus Ballstát de LEE nó tríú tír eile a bhfuil teorainn aige leis an Aontas agus ina gcuireann an tír sin na ceanglais dhlíthiúla chéanna i bhfeidhm agus a leagtar amach i dTreoir 2009/31/CE, ba cheart feidhm a bheith ag creat deimhniúcháin an Aontais freisin maidir le carbón atmaisféarach nó bithghineach a ghabhtar san Aontas ach a stóráiltear go geolaíoch sa Bhallstát sin de LEE, nó sa tír sin a bhfuil teorainn aici leis an Aontas.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4 b (nua)

(4b) Ba cheart do chreat deimhniúcháin an Aontais taighde agus nuálaíocht a spreagadh freisin, agus béim á leagan ag an am céanna ar ról mhisin Fís Eorpach, chomh maith le cláir eile i réimse na dteicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht aistriithe carbóin acu, agus na próisis atá ann cheana agus forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh agus é mar aidhm leis rochtain ar an margadh a éascú do theicneolaíochtaí nua.

Leasú 8

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 c (nua)**

(4c) I ndáil leis an méid sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit dul i mbun comhar trasdisciplíneach, ina mbeadh institiúidí taighde náisiúnta agus réigiúnacha, eolaithe, feirmeoirí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide rannpháirteach.

Leasú 9

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5**

(5) Chun tacú le hoibreoirí atá toilteanach iarrachtaí breise a dhéanamh chun aistriithe carbóin a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe, ba cheart do chreat deimhniúcháin an Aontais na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistriithe carbóin, a sonraíochtaí agus a dtionchair ghaolmhara ar an gcomhshaol a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhínte soiléire a

(5) Tá saintréithe éagsúla ag gníomhaíochtaí maidir le haistriú carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí maidir leis an bpróiseas stórála, an meán stórála agus an fad a mheastar a mhairfidh an stóráil, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó na deicheanna de bhlianta go dtí na céadta bliain i gcás gníomhaíochtaí áirithe

sholáthar sa Rialachán seo maidir le haistriú carbóin, gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, agus gnéithe eile de chreat deimhniúcháin an Aontais.

feirmeoireachta carbóin nó stóráil i dtáirgí áirithe, go stóráil bhuan i bhfoirmíochtaí geolaíocha má dhéantar an suíomh le haghaidh stóráil gheolaíoch CO₂ a roghnú agus a bhainistiú go hiomchuí. Chun sláine an chreata a áirithiú agus tacaíocht á tabhairt d'oibreoírí atá toilteanach iarrachtaí breise a dhéanamh chun ceapadh carbóin nó laghduithe astaíochtaí bithghineacha a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe, ba cheart do chreat deimhniúcháin an Aontais idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí, na sainiúlachtaí a bhaineann leo agus na tionchair ghaolmhara ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na sainmhínte, na critéir cháilíochta agus na rialacha maidir le húsáid a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhaineann le haistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí i gcreat deimhniúcháin an Aontais

Leasú 10

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5a) Faoi chreat deimhniúcháin an Aontais, maidir le gníomhaíochtaí lena n-áirithítear, faoi ghnáthchúinsí agus trí chleachtais bhainistíochta iomchuí a úsáid, go ndéanfar carbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráil go buan ar feadh na gcéadta bliain trí stóráil gheolaíoch CO₂, amhail bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin agus gabháil agus stóráil carbóin ón aer go díreach, nó trí mhianrú carbóin buancheangailte, ba cheart a mheas gur aistrithe buana carbóin iad. Meastar gur gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin iad gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú talún i bhfochatagóirí earnáil na

húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta a chumhdaítear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/841 nó gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú cósta, arb é an toradh a bhíonn orthu ceapadh carbóin, nó gníomhaíochtaí as a dtagann laghduithe ar astaíochtaí bithghineacha, amhail laghduithe meatáin ó athruithe ar bheatha nó ó bhainistiú aoiligh, nó laghduithe ocsaíde nítriúla ó laghduithe leasacháin nó ó bhainistiú aoiligh, ar feadh ióstréimhse 5 bliana. D'fhéadfadh ceapadh carbóin a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí áirithe feirmeoireachta carbóin, go háirithe athfhliuchadh tailte portaigh, a luaithe a bheidh an talamh portaigh athchóirithe ina iomláine, agus ag an am céanna astaíochtaí carbóin a laghdú trí athchóiriú agus athfhliuchadh dea-bhainistithe sa chéim thosaigh. Is féidir gníomhaíochtaí áirithe eile, amhail gníomhaíochtaí atá bunaithe ar úsáid bithghualach, a aicmiú faoi chineálacha éagsúla gníomhaíochtaí ag brath ar na coinníollacha sonracha faoina dtarlaíonn na gníomhaíochtaí. I bhfianaise na n-éiginnteachtaí sna modheolaíochtaí tomhais agus faireacháin a bhaineann le go leor feidhmeanna féideartha stórála carbóin i dtáirgí ag céimeanna luatha forbartha, ba cheart deimhniú stórála carbóin i dtáirgí a theorannú ar dtús do tháirgí adhmaid lománaithe nó d'ábhair le haghaidh tógála ina stóráiltear carbón atmaisféarach agus bithghineach a stóráiltear ar feadh caoga bliain ar a laghad agus ba cheart é a bheith bunaithe ar an tuarascáil atá le tíolacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2018/841, agus ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na comhbhabhtálacha féideartha a bhaineann le táirgí stórála carbóin fadsaolacha eile a áireamh mar chuid den athbhreithniú ar an Rialachán seo.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5b) Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gcreat deimhniúcháin um aistriú carbóin an tsolúbthacht is gá chun freastal ar shainiúlachtaí réigiúnacha, teicniúla, struchtúracha agus geoifisiceacha, agus éagsúlacht na gcoinníollacha ó thaobh córas táirgthe sna Ballstáit agus ina réigiúin á gcur san áireamh.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6) Ba cheart don Rialachán seo na ceanglais faoinar cheart aistrithe carbóin a bheith incháilithe do dheimhniú faoi chreat deimhniúcháin an Aontais a leagan amach. Chuige sin, ba cheart aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach cruinn láidir; agus níor cheart iad a ghiniúint ach amháin trí ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin lena ngintear glantairbhe aistrithe carbóin, ar gníomhaíochtaí breise iad, arb é is aidhm dóibh stóráil fhadtéarmach carbóin a áirithiú, agus a bhfuil tionchar neodrach nó comhthairbheach acu ar chuspóirí inbhuanaitheachta. Thairis sin, ba cheart aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách tríú páirtí chun inchreidteacht agus iontaofacht an phróisis deimhniúcháin a áirithiú. Tá rialacha sainordaitheacha an Aontais maidir le praghsáil carbóin a bunaíodh trí Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ i bhfeidhm lena rialaítear láimhseáil astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do

(6) Ba cheart go leagfaí amach sa Rialachán seo na ceanglais faoinar cheart aistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí a bheith incháilithe le haghaidh deimhniú faoi chreat deimhniúcháin an Aontais. Chuige sin, ba cheart aistrithe carbóin, ceapadh na feirmeoireachta carbóin, laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí na critéir maidir le heisiúint agus úsáid a chomhlíonadh; ba cheart aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach cruinn láidir; agus níor cheart iad a ghiniúint ach amháin le gníomhaíochtaí a ghineann glantairbhe, atá breise, a áirithíonn ceapadh feirmeoireachta carbóin buan nó fadtéarmach agus/nó a laghdaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus a chomhlíonann na ceanglais faireacháin agus dliteanais, agus a bhfuil tionchar neodrach nó comhthairbhí acu ar chuspóirí inbhuanaitheachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo. Ina theannta sin, ba cheart gníomhaíochtaí a bheith faoi réir iniúchóireacht

Threoir 2003/87/CE, ach amháin i ndáil le deimhniú aistrithe astaíochtaí ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

neamhspleách tríú páirtí chun inchreidteacht agus iontaofacht an phróisis deimhniúcháin a áirithiú, agus ba cheart an fhaisnéis a bhaineann leis na deimhnithe agus leis an bpróiseas deimhniúcháin a bheith ar fáil go poiblí trí chlárann de chuid an Aontais. Tá rialacha sainordaitheacha an Aontais maidir le praghsáil carbóin a bunaíodh trí Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ i bhfeidhm lena rialaítear láimhseáil astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do Threoir 2003/87/CE, ach amháin i ndáil le deimhniú aistrithe astaíochtaí ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

²⁶ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

²⁶ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Ba cheart go mbeadh glantairbhe aistrithe carbóin mar thoradh ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin lena léireofaí go mbeadh tionchar dearfach aige ar an aeráid. Ba cheart an glantairbhe aistrithe carbóin a ríomh trí úsáid a bhaint as dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, ba cheart d'oibreoirí méid na n-aistrithe carbóin breise atá á nginiúint ag gníomhaíocht aistrithe carbóin a chainníochtú i gcomparáid le bonnlíne. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhonnlíne

Leasú

(7) Ba cheart glantairbhe a bheith mar thoradh ar ghníomhaíocht a léiríonn go bhfuil tionchar dearfach aici ar an aeráid. Ba cheart ríomh an ghlansochair a idirdhealú le haghaidh aistrithe buana carbóin, ceapadh feirmeoireachta carbóin, feirmeoireachta carbóin, laghduithe ar astaíochtaí carbóin, nítrigine nó meatáin agus stóráil carbóin i dtáirgí, chun a saintréithe atá éagsúil go bunúsach a chur san áireamh, agus ba cheart é a ríomh tar éis dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, ba

chaighdeánaithe lena léirítear gnáthfheidhmíocht gníomhaíochtaí inchomparáide i gcúinsí comhchosúla sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha agus i suíomhanna geografacha comhchosúla ós rud é go n-áiríthítear oibiachtúlacht léi, go n-íoslaghdaítear comhlíonadh agus costais riaracháin, agus go n-aithnítear go dearfach gníomhaíocht ceannródaithe a bhí páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin. I gcomhthéacs na feirmeoireachta carbóin, ba cheart úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografáí, cianbhraiteacht, intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, agus léarscáileanna leictreonacha a chur chun cinn chun na costais a bhaineann le bonnlínte a bhunú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin a laghdú. Mar sin féin, i gcás nach féidir bonnlíne chaighdeánaithe den sórt sin a shocrú, is féidir bonnlíne a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a úsáid atá bunaithe ar fheidhmíocht aonair an oibreora. Chun na forbairtí sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha a léiriú agus chun uaimhian a spreagadh le himeacht ama i gcomhréir le Comhaontú Pháras, ba cheart na bonnlínte a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

cheart d'oibreoirí méid na n-aistrithe carbóin breise a chainníochtú, mar is infheidhme, i gcás gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, méid an cheaptha carbóin breise, i gcás ceapadh na feirmeoireachta carbóin, gníomhaíochtaí nó stóráil carbóin i ngníomhaíochtaí táirgí, nó méid na laghduithe breise ar astaíochtaí bithghineacha, i gcás laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, atá ginte ag gníomhaíocht i gcomparáid le bonnlíne. Ba cheart go mbeadh bonnlíne chaighdeánaithe ionadaíoch ar fheidhmíocht na gcleachtas coiteann atá ann faoi láthair i ngníomhaíochtaí inchomparáide in imthosca sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha comhchosúla agus ba cheart tosaíocht a thabhairt di toisc go n-áiríthítear léi oibiachtúlacht, go n-íoslaghdaítear comhlíonadh agus costais riaracháin eile, agus go n-aithnítear go dearfach gníomhaíocht na gcéad thionscnóirí a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin cheana féin. ***Chun sláine aeráide an chreata a áirithiú, i gcás aistrithe carbóin buana, ba cheart don bhonnlíne chaighdeánaithe a bheith ionadaíoch ar staid úrscothach na ngníomhaíochtaí inchomparáide, agus i gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, ba cheart gníomhaíochtaí atá ann cheana a eisiáimh ó ríomh bonnlíne caighdeánaithe, ar gníomhaíochtaí iad a saináithníodh, i gcás ceapadh feirmeoireachta carbóin, nach ionann iad agus fíorcheapacháin, agus ina ionad sin go bhfuil glanastaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh orthu, agus, i gcás laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, nach ionann iad agus fíorlaghduithe, agus ina ionad sin a bhfuil níos mó astaíochtaí seachas níos lú astaíochtaí mar thoradh orthu.*** I gcomhthéacs na feirmeoireachta carbóin, ba cheart úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ar fáil, lena n-áirítear bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografáí, cianbhraiteacht, córais

nua cainníochtaithe carbóin laistigh den láthair, an intleacht shaorga agus an mheaisínfhoghlaim, agus léarscáileanna leictreonacha a chur chun cinn chun na costais a bhaineann le bunú bonnlínte agus gníomhaíochtaí faireacháin a laghdú. Mar sin féin, i gcás nach féidir bonnlíne chaighdeánaithe den sórt sin a shocrú, is féidir bonnlíne a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a úsáid atá bunaithe ar fheidhmíocht aonair an oibreora. Chun na forbairtí sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha a léiriú agus chun uaillmhian a spreagadh le himeacht ama i gcomhréir le Comhaontú Pháras, ba cheart don Choimisiún na bonnlínte a athbhreithniú go rialta agus iad a thabhairt cothrom le dáta gach cúig bliana ar a laghad. ***Mar sin féin, chun timpeallacht chobhsaí oibríochtúil agus infheistíochta a áirithiú d'oibreacha, a luaithe a bheidh tús curtha le gníomhaíocht, ba cheart an bhonnlíne a bheith seasmhach i gcónaí don oibreoir don ghníomhaíocht sin le linn na tréimhse faireacháin, agus níor cheart í a athbhreithniú agus a nuashonrú ach amháin nuair a athdheimhnítear í.***

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) Sa dara céim chun glantairbhe aistrithe carbóin a chainníochtú, ba cheart aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le cur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin a dhealú. Ar na hastaíochtaí ábhartha gás ceaptha teasa ba cheart a chur san áireamh, áirítear astaíochtaí díreacha, amhail na hastaíochtaí sin a eascraíonn as níos mó leasachán, breosla nó fuinnimh a úsáid, nó astaíochtaí indíreacha, amhail na hastaíochtaí sin a eascraíonn as athrú ar thalamhúsáid, le

Leasú

(8) Sa dara céim chun glantairbhe a chainníochtú, ba cheart aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saolré iomlán chur chun feidhme na gníomhaíochta a dhealú. Ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ábhartha ba cheart a chur san áireamh, áirítear astaíochtaí díreacha, amhail na hastaíochtaí a eascraíonn as níos mó leasachán, ceimiceán, breosla nó fuinnimh a úsáid, nó astaíochtaí indíreacha, amhail na hastaíochtaí a eascraíonn as iompar, as

rioscaí iarmhartacha do shlándáil an tsoláthair bia mar thoradh ar shuaitheadh táirgthe talmhaíochta. *Níor cheart laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin a chur san áireamh chun an glantairbhe aistrithe carbóin a chainníochtú, ach ba cheart é a mheas mar chomhthairbhe i dtreo chuspóir inbhuanaitheachta an mhaolaithe ar an athrú aeráide; trí thuairisciú a dhéanamh ar na deimhnithe, is féidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (amhail comhthairbhí inbhuanaitheachta eile) luach na n-aistrithe carbóin deimhnithe a mhéadú.*

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) Déanann gníomhaíocht aistrithe carbóin glantairbhe aistrithe carbóin a sholáthar nuair is mó na haistrithe carbóin os cionn na bonnlíne ná aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar gheall ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin. Mar shampla, i gcás gníomhaíochtaí lena soláthraítear stóráil bhuan carbóin trí charbón a instealladh faoi thalamh, ba cheart gur mhó an méid carbóin a stóráiltear go buan ná na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh ón bpróiseas tionsclaíoch. I gcás feirmeoireacht carbóin, ba cheart gur mhó an carbón a ghabhtar le gníomhaíocht foraoisithe nó an carbón a choinnítear sa talamh le gníomhaíocht athfhliuchta talún portaigh ná na hastaíochtaí ón innealra a úsáidtear chun an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a dhéanamh nó na hastaíochtaí indíreacha maidir le hathrú ar an talamhúsáid ar féidir gurb é sceitheadh

ionchuir ábhair, as éifeachtaí díláithriúcháin mar gheall ar éileamh iomaíoch ar fuinneamh nó ar dhramhtheas, nó as athrú díreach agus indíreach ar úsáid talún agus rioscaí iarmhartacha ann do shlándáil an tsoláthair bia i ngeall ar dhíláithriú an táirgthe talmhaíochta, agus ba cheart na tionchair laistigh agus lasmuigh den Aontas araon a chumhdach leo.

Leasú

(9) Is glantairbhe í gníomhaíocht más rud é, faoi seach, gur mó na haistrithe carbóin, an ceapadh carbóin nó na laghduithe ar astaíochtaí os cionn na bonnlíne ná aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bharr chur chun feidhme na gníomhaíochta. Mar shampla, i gcás gníomhaíochtaí lena soláthraítear stóráil bhuan carbóin trí charbón a instealladh faoi thalamh, ba cheart gur mhó an méid carbóin a stóráiltear go buan ná na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh ón bpróiseas tionsclaíoch le linn gabhála, iompair agus stórála chomh maith leis na héifeachtaí díláithrithe mar gheall ar éileamh iomaíoch ar fuinneamh nó ar dhramhtheas. I gcás ceapadh feirmeoireachta carbóin, ba cheart gur mhó an carbón arna ghabháil agus arna cheapadh ag gníomhaíocht foraoisithe, nó an carbón a choinnítear sa talamh ag gníomhaíocht athfhliuchta tailte portaigh, ná na hastaíochtaí ón innealra a úsáidtear

carbóin is cúis leo.

chun an ghníomhaíocht a dhéanamh, nó na hastaíochtaí ón athrú indíreach ar thalamhúsáid a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar sceitheadh carbóin. *I gcás laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, ba cheart gur mhó na hastaíochtaí carbóin arna laghdú le gníomhaíocht athfhliuchta portaigh ná na hastaíochtaí ón innealra a úsáidtear chun an ghníomhaíocht a dhéanamh nó na hastaíochtaí ón athrú indíreach ar an talamhúsáid a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar sceitheadh carbóin.*

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Ba cheart aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach ábhartha cruinn iomlán comhsheasmhach inchomparáide. Ba cheart éiginnteachtaí sa chainníochtú a thuairisciú go cuí agus a chur san áireamh chun teorainn a chur leis an riosca go ndéanfaí rómheastachán ar chainníocht na dé-ocsaíde carbóin a aistrítear ón atmaisféar. Ba cheart aistrithe carbóin arna nginiúint ag feirmeoireacht carbóin a chainníochtú le hardleibhéal cruinnis chun an caighdeán is airde a áirithiú agus chun éiginnteachtaí a íoslaghú. Thairis sin, chun sineirgí idir cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a dhreasú, is gá faireachán feabhsaithe a dhéanamh ar thalamh, agus ar an gcaoi sin cuidiú le hathléimneacht aistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Ní mór na cineálacha cur chuige sin a léiriú go dlúth san fhaireachán agus sa tuairisciú ar astaíochtaí agus aistrithe ar shatailít agus ar an láthair, agus an úsáid is fearr a bhaint as ardteicneolaíochtaí atá ar fáil faoi chláir an Aontais, amhail Copernicus, agus an leas iomlán a bhaint as uirlisí atá ann cheana,

Leasú

(10) Ba cheart gníomhaíochtaí a chainníochtú ar bhealach atá ábhartha, cruinn, iomlán, comhsheasmhach, inchomparáide agus trédhearcach. Ba cheart neamhchinnteachtaí sa chainníochtú a thuairisciú go cuí agus a chur san áireamh mar chuid de na modheolaíochtaí deimhniúcháin, ar bhealach atá coimeádach, comhréireach leis an leibhéal neamhchinnteachta, agus i gcomhréir le cineálacha cur chuige staidrimh aitheanta agus leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí atá ar fáil, d'fhonn teorainn a chur leis an riosca a bhaineann le rómheastachán a dhéanamh ar chainníocht na dé-ocsaíde carbóin a bhaintear as an atmaisféar. Ba cheart ceapadh carbóin agus laghduithe ar astaíochtaí arna nginiúint ag an bhfeirmeoireacht carbóin a chainníochtú le leibhéal ard cruinnis chun an cháilíocht is airde a áirithiú agus neamhchinnteachtaí a íoslaghú, bunaithe ar mhodheolaíochtaí Leibhéal 3 a úsáid i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa. Thairis sin, chun sineirgí idir cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a dhreasú, ní

agus comhsheasmhacht leis na fardail náisiúnta de gháis ceaptha teasa a áirithiú.

mór gá a bheith le faireachán feabhsaithe ar thalamh, agus ar an gcaoi sin cuidiú le hathléimneacht linnte dúlrabhunaithe a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Ní mór na cineálacha cur chuige sin a léiriú go dlúth san faireachán agus sa tuairisciú ar astaíochtaí agus aistrithe ar shatailít agus ar an láthair, agus an úsáid is fearr a bhaint as ardteicneolaíochtaí atá ar fáil faoi chláir an Aontais, amhail Copernicus, agus an leas iomlán a bhaint as uirlisí atá ann cheana, agus comhsheasmhacht leis na fardail náisiúnta de gháis ceaptha teasa a áirithiú.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(11) Chun a áirithiú go gcuirfidh creat deimhniúcháin an Aontais dreasachtaí i dtreo aistrithe carbóin a théann thar an ngnáthchleachtas, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith ina ngníomhaíochtaí breise. Dá bhrí sin, ba cheart do na gníomhaíochtaí sin dul thar na ceanglais reachtúla, is é sin, ba cheart d'oibreoirí gníomhaíochtaí a dhéanamh nach bhfuil á bhforchur orthu cheana féin leis an dlí is infheidhme. Thairis sin, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dhéanamh de bharr na héifeachta dreasachta a chuirtear ar fáil leis an deimhniú. Is ann d'éifeacht den sórt sin nuair a athraíonn an dreasacht a chruthaítear leis na hioncaim fhéideartha, mar thoradh ar an deimhniú, iompar na n-oibreoirí ar bhealach ina nglacann siad páirt sa ghníomhaíocht bhreise aistrithe carbóin chun aistrithe carbóin breise a bhaint amach.

Leasú

(11) Chun a áirithiú go gcuirfidh creat deimhniúcháin an Aontais dreasachtaí i dtreo gníomhaíochtaí a théann níos faide ná an cleachtas caighdeánach, ba cheart gníomhaíochtaí a bheith sa bhreis. Dá bhrí sin, ba cheart do na gníomhaíochtaí sin dul thar cheanglais reachtúla ar leibhéal an oibreora aonair, is é sin le rá, ba cheart d'oibreoirí gníomhaíochtaí a dhéanamh nach bhforchuirtear orthu cheana féin leis an dlí is infheidhme. ***I gcás feirmeoireacht carbóin, áirítear ar na ceanglais reachtúla sin ceanglais reachtúla bhainistíochta ábhartha agus caighdeáin mhaithe talmhaíochta agus comhshaoil a bhunaítear faoi Theideal III, Caibidil I, Roinn 2 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus íoscheanglais ábhartha maidir le húsáid leasacháin agus táirgí cosanta plandaí, leas ainmhithe, chomh maith le ceanglais reachtúla ábhartha eile arna mbunú le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, is infheidhme ar leibhéal an oibreora.*** Thairis sin, ba cheart gníomhaíochtaí a dhéanamh i ngeall ar an éifeacht dreasachta dá bhforáiltear leis an

deimhniú, rud a fhágann go bhfuil an ghníomhaíocht tarraingteach ó thaobh airgeadais de. Tá éifeacht den sórt sin ann nuair a athraíonn an dreasacht a chruthaítear leis na hioncaim ionchasacha, mar thoradh ar an deimhniú, iompar na n-oibreoirí ar bhealach ina dtugann siad faoi ghníomhaíocht bhreise chun glansochair bhreise a bhaint amach.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Ba cheart do bhonnlíne chaighdeánaithe na coinníollacha reachtúla agus margaidh ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a léiriú. Má fhorchuirtear gníomhaíocht aistrithe carbóin ar oibreoirí leis an dlí is infheidhme, nó mura gá aon dreasacht a dhéanamh leis, léireofar feidhmíocht na gníomhaíochta sin sa bhonnlíne. Ar an gcúis sin, ba cheart a thiomhdiú gur gníomhaíocht bhreise í gníomhaíocht aistrithe carbóin a ghineann aistrithe carbóin os cionn bonnlíne den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart d'úsáid bonnlíne caighdeánaithe léiriú breisíochta d'oibreoirí a shimpliú. Dá bhrí sin, ba cheart dó an t-ualach riaracháin maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin a laghdú, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcás bainisteoirí talún ar mhionscála.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(13) Carbón atmaisféarach agus bithghineach a ghabhtar agus a stóráiltear

Leasú

(12) Ba cheart go léireodh bonnlíne chaighdeánaithe na dálaí reachtúla agus margaidh ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht. Má fhorchuirtear gníomhaíocht ar oibreoirí leis an dlí is infheidhme, léireofar a feidhmíocht sa bhonnlíne. Ar an gcúis sin, ba cheart a thiomhdiú go bhfuil gníomhaíocht lena ngintear glantairbhe de bhreis ar an mbonnlíne sin sa bhreis ar cheanglais reachtúla. Dá bhrí sin, trí bhonnlíne chaighdeánaithe a úsáid, ba cheart go simpleofaí léiriú na breisíochta rialála d'oibreoirí. Dá bhrí sin, ba cheart dó an t-ualach riaracháin maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin a laghdú, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcás bainisteoirí talún ar mhionscála.

(13) Tá an baol ann go scaoilfead ar ais san atmaisféar (e.g. aisiompú) carbón

trí ghníomhaíocht aistrithe carbóin, tá riosca ann go scaoiltear ar ais san atmaisféar é (e.g. cúlú) mar gheall ar theagmhais nádúrtha nó antrapaigineacha. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí gach beart coisctheach ábhartha a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú agus ba cheart dóibh faireachán cuí a dhéanamh go leanfar de charbón a stóráil le linn na tréimhse faireacháin a leagtar síos don ghníomhaíocht aistrithe carbóin ábhartha. Ba cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe a bheith ag brath ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an stóráil agus na rioscaí éagsúla cúlaithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin ar leith. Le gníomhaíochtaí a stóráilann carbón i bhfoirmíochtaí geolaíocha, soláthraítear go leor cinnteachtaí maidir le fad an-fhadtéarmach na gcéadta bliain don charbón stóráilte agus is féidir a mheas go soláthraítear stóráil bhuan carbóin leo. Tá feirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí níos neamhchosanta ar an riosca go scaoilfear carbón san atmaisféar go deonach nó go neamhdheonach. Chun an riosca sin a chur san áireamh, ***ba cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe arna nginiúint ag feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a bheith faoi réir dáta éaga a chomhoirfidh le deireadh na tréimhse faireacháin ábhartha. Ina dhiaidh sin, ba cheart glacadh leis go bhfuil an carbón á scaoileadh san atmaisféar, ach amháin má chruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch cothabháil na stórála carbóin trí ghníomhaíochtaí faireacháin gan bhriseadh.***

atmaisféarach agus bithghineach a ghabhtar agus a stóráiltear trí ghníomhaíocht de bharr cúiseanna nádúrtha, lena n-áirítear adhaimsir agus imeachtaí force majeure, nó cúiseanna antrapaigineacha. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí gach beart coisctheach ábhartha a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú agus faireachán cuí a dhéanamh chun a áirithiú go leanfar de charbón a stóráil thar an tréimhse faireacháin a leagtar síos don ghníomhaíocht ábhartha. Ba cheart bailíocht an deimhnithe a bheith ag brath ar fhad measta na stórála nó an laghdaithe ar astaíochtaí bithghineacha agus ar na rioscaí éagsúla a bhaineann le haisiompú agus a bhaineann leis an ngníomhaíocht ar leith. Soláthraíonn gníomhaíochtaí a stóráilann carbón i bhfoirmíochtaí geolaíocha dóthain cinnteachta ar feadh tréimhse an-fhadtréimhseach na gcéadta bliain maidir leis an gcarbóin stóráilte agus is féidir a mheas go gcuireann siad stóráil bhuan carbóin ar fáil. ***Dá bhrí sin, ba cheart an tréimhse faireacháin agus ceanglais na stórála deimhnithe a ghintear le haistrithe buana carbóin a bheith comhsheasmhach leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 13, in Airteagal 17 agus in Airteagal 18 de Threoir 2009/31/CE.*** Tá feirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí níos neamhchosanta ar an riosca go scaoilfear carbón san atmaisféar go deonach nó go neamhdheonach. Chun an riosca sin a chur san áireamh, ba cheart a chumhdach le tréimhse faireacháin an cheaptha dheimhnithe nó an laghdaithe ar astaíochtaí a ghintear le feirmeoireacht carbóin an tréimhse iomlán ar a laghad ar lena linn a mheastar go leanfar le torthaí na gníomhaíochta mar a leagtar amach sa mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme, agus ba cheart go gcumhdódh tréimhse faireacháin an cheaptha dheimhnithe arna ghiniúint trí stóráil carbóin i dtáirgí saolré iomlán an táirge go dtí deireadh shaolré an táirge agus an tréimhse sin san áireamh. ***Mar sin féin, i gcás feirmeoireacht carbóin, chun ualach***

riaracháin míchuí ar oibreoirí aonair a sheachaint, ba cheart go mbeadh an rogha ag an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí duine dlítheanach nó údarás ábhartha a ainmniú, amhail an ghníomhaireacht tacaíochta de réir bhri Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a} i gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin atá cláraithe sa chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, le bheith freagrach as an bhfaireachán, faoi réir na ceanglais uile faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

^{1a} Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(14) Anuas ar na bearta a dhéantar chun an riosca maidir le scaoileadh carbóin san atmaisféar a íoslaghdú le linn na tréimhse faireacháin, ba cheart sásraí iomchuí dlíteanais a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna cúlaithe. D'fhéadfá a áireamh sna sásraí sin e.g. lascainiú ar aonaid aistriithe carbóin, maoláin chomhchoiteanna nó cuntais ar aonaid aistriithe carbóin, agus sásraí árachais tosaigh. ***Ós rud é go bhfuil sásraí dlíteanais i ndáil le stóráil gheolaíoch agus sceitheadh CO₂, agus bearta ceartaitheacha ábhartha leagtha síos cheana le Treoir 2003/87/CE agus Treoir***

Leasú

(14) Sa bhreis ar na bearta a dhéantar chun an riosca go scaoilfí carbón isteach san atmaisféar a íoslaghdú le linn na tréimhse faireacháin, ba cheart sásraí dlíteanais iomchuí a thabhairt isteach agus ba cheart duine nádúrtha nó dlítheanach atá faoi dhlíteanas a ainmniú le bheith freagrach as aghaidh a thabhairt ar chásanna cúlaithe. Chun rialáil dhúbailte le haghaidh gníomhaíochtaí aistriithe carbóin bhuain a sheachaint, ba cheart an sásra dlíteanais a bheith comhsheasmhach leis an sásra dlíteanais a leagtar amach i dTreoir 2009/31/CE, agus, i gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, ba

2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷, ba cheart feidhm a bheith ag na sásraí dliteanais sin chun rialáil dhúbailte a sheachaint.

cheart an sásra dliteanais a leagan amach agus a fhormheas mar chuid den mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme agus a áirithiú go nginfear ceapadh coibhéiseach carbóin mar chúiteamh as an gcúlú. D'fhéadfaí a áireamh i sásraí den sórt sin e.g. lascainiú aonad aistrithe carbóin, maoláin chomhchoiteanna nó cuntais aonad aistrithe carbóin, céatadán creidmheasanna atá le cur i gcomhthiomsú arna bhainistiú ag an scéim deimhniúcháin i gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, agus sásraí árachais tosaigh. **Chun a áirithiú go leanfaidh sásraí dliteanais de bheith oiriúnach don fheidhm, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin faireachán leanúnach a dhéanamh ar infhaighteacht agus ullmhacht na sásraí dliteanais agus iad a áirithiú le linn thréimhse faireacháin gníomhaíochta.**

²⁷ Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

²⁷ Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(14a) Chun an riosca cúlaithe a chur san áireamh, agus chun sláine aeráide an chreata a áirithiú, ba cheart na haonaid dheimhnithe a chur ar fionraí sa chlárlann go dtí go dtabharfar aghaidh ar an gcúlú, tríd an sásra dliteanais. I gcás

nár tugadh aghaidh ar chúlú tríd an sásra dliteanais laistigh de thréimhse ama réasúnta, ba cheart bailíocht an deimhnithe a dhul in éag agus ba cheart na haonaid chomhfhreagracha a chealú ón gclárlann agus ba cheart an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí a bheith faoi réir pionós ceartaitheach a léiríonn costas carbóin an méid carbóin a scaoiltear isteach san atmaisféar. I gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí, ba cheart bailíocht na n-aonad deimhnithe a bheith faoi réir dáta éaga a chomhfhreagraíonn do dheireadh na tréimhse faireacháin ábhartha. Ina dhiaidh sin, nó i gcás ina scoirfead den fhaireachán roimh dheireadh na tréimhse faireacháin, ba cheart glacadh leis go scaoiltear an glantairbhe a ghineann an ghníomhaíocht san atmaisféar agus ba cheart na haonaid chomhfhreagracha a chur ar ceal sa chlárlann, mura gcruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch cothabháil na stórála carbóin trí ghníomhaíochtaí faireacháin gan bhriseadh.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) Tá acmhainneacht láidir ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin chun réitigh ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht a sholáthar, fiú mura féidir comhbhabhtálacha a chur as an áireamh. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais íosta inbhuanaitheachta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh tionchar neodrach ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin nó go gcruthófar comhthairbhí leo i dtaca leis na cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, cosaint agus athbhunú

Leasú

(15) D'fhéadfadh baint carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i ngníomhaíochtaí táirgí réitigh ar mhaithe le hinbhuanaitheacht a chur ar fáil, fiú mura féidir comhbhabhtálacha a chur as an áireamh. Dá bhrí sin, is iomchuí íoscheanglais inbhuanaitheachta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh tionchar neodrach ar a laghad ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin nó go nginfidh siad comhthairbhí do chuspóirí inbhuanaitheachta an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus an oiriúnaithe don athrú

bithéagsúlachta agus éiceachóras, úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus cosc agus rialú ar thruailliú. Ba cheart do na ceanglais inbhuanaitheachta sin, de réir mar is iomchuí, agus coinníollacha áitiúla á gcur san áireamh, cur leis na critéir scagtha theicniúla maidir le ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ maidir le gníomhaíochtaí foraoiseachta agus stóráil bhuan gheolaíoch CO2 faoi thalamh, a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún²⁸, agus maidir leis na critéir inbhuanaitheachta maidir le hamhábhar bithmhaise foraoise agus talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹. Níor cheart cleachtais amhail monashaotrú foraoise a mbíonn éifeachtaí díobhálacha acu ar an mbithéagsúlacht a bheith incháilithe do dheimhniú.

aeráide, do chosaint agus d’athbhunú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras, d’úsáid agus cosaint inbhuanaithe acmhainní uisce agus muirí, don aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus do chosc agus rialú ar thruailliú, chun a áirithiú go nginfidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin comhthairbhí ar a laghad don chuspóir inbhuanaitheachta maidir leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú agus go mbeidh tionchar neodrach ar a laghad acu ar chuspóirí inbhuanaitheachta an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus an oiriúnaithe don athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe agus cosaint nó feabhsú cháilíocht an uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú agus cosc a chur ar dhíghrádú ithreach, athchóiriú ithreach, feabhas a chur ar thorthúlacht na hitreach agus ar bhainistiú cothaitheach agus bithraí ithreach, agus a áirithiú go nginfidh stóráil carbóin i ngníomhaíochtaí táirgí comhthairbhí do cheann amháin ar a laghad, agus go mbeidh tionchar neodrach ar a laghad acu ar an gcuid eile, ar na cuspóirí inbhuanaitheachta maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus a oiriúnú, bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, úsáid inbhuanaithe agus cosaint nó feabhsú cháilíocht an uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, truailliú a chosc agus a rialú agus díghrádú ithreach a chosc, athchóiriú ithreach, feabhas a chur ar thorthúlacht na hitreach agus bainistiú cothaitheach agus bithraí ithreach. ***Ba cheart a chur san áireamh sna ceanglais inbhuanaitheachta sin, de réir mar is iomchuí, na tionchair laistigh agus lasmuigh den Aontas mar aon le coinníollacha áitiúla, agus ba cheart dóibh a bheith comhsheasmhach leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ maidir le gníomhaíochtaí foraoiseachta agus stóráil gheolaíoch bhuan faoi thalamh CO2, a leagtar síos i***

Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/213928 ón gCoimisiún, agus ba cheart dóibh na critéir inbhuanaitheachta maidir le hamhábhair bhithmhaise foraoise agus talmhaíochta a chur chun cinn i gcomhréir leis na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa le haghaidh bithmhaise a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹. Níor cheart cleachtais amhail monashaothrú foraoise a mbíonn éifeachtaí díobhálacha acu ar an mbithéagsúlacht a bheith incháilithe do dheimhniú.

²⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

²⁹ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

²⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

²⁹ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Leasú 23

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(15a) Thairis sin, níor cheart go mbeadh

tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin ar shlándáil bia an Aontais agus níor cheart grabáil talún ná amhantraíocht talún a bheith mar thoradh orthu. Ba cheart go n-urramófaí leis na gníomhaíochtaí sin cearta na bpobal áitiúil agus na ndaoine dúchasacha a ndéanann siad difear dóibh, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, mar aon leis an gcothromaíocht idir an tionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta ar phobail áitiúla agus ar bhainisteoirí talún ar mhionscála.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Cuireann cleachtais feirmeoireachta a bhaineann CO₂ as an atmaisféar le cuspóir na haeráidneodrachta agus ba cheart iad a chúiteamh, tríd an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) nó trí thionscnaimh phoiblí nó phríobháideacha eile. *Go sonrach, ba cheart cleachtais feirmeoireachta dá dtagraítear sa Teachtaireacht maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe³⁰ a chur san áireamh sa Rialachán seo.*

³⁰ *Teachtairacht ón gCoimisiún, Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe, COM (2021) 800.*

Leasú

(16) Cuireann cleachtais feirmeoireachta a bhaineann CO₂ as an atmaisféar le cuspóir na haeráidneodrachta agus ba cheart iad a chúiteamh, tríd an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) nó trí thionscnaimh phoiblí nó phríobháideacha eile. *Ba cheart don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Ardán agus laistigh de 6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, treoir a fhoilsiú chun oibreoirí feirmeoireachta carbóin féideartha nó grúpaí oibreoirí a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin sin a bhfuil tosaíocht le tabhairt dóibh agus na modheolaíochtaí deimhniúcháin á n-ullmhú.*

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(17) Féadfaidh oibreoírí nó grúpa oibreoírí comhthairbhí a thuairisciú a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta. Chuige sin, ba cheart dá dtuairisciú na modheolaíochtaí deimhniúcháin atá curtha in oiriúint do na gníomhaíochtaí aistrithe carbóin éagsúla, arna bhforbairt ag an gCoimisiún, a chomhlíonadh. Ba cheart do mhodheolaíochtaí deimhniúcháin, a mhéid is féidir, giniúint comhthairbhí don bhithéagsúlacht a dhreasú thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta. Leis na comhthairbhí breise sin, tabharfar luach eacnamaíoch níos mó do na haistrithe carbóin deimhnithe agus is é a bheidh mar thoradh orthu ioncam níos airde do na hoibreoírí. I bhfianaise na mbreithnithe sin, is iomchuí don Choimisiún tús áite a thabhairt d'fhorbairt modheolaíochtaí deimhniúcháin oiriúnaithe maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin lena soláthraítear comhthairbhí móra don bhithéagsúlacht.

Leasú

(17) Féadfaidh oibreoírí nó grúpaí oibreoírí comhthairbhí a thuairisciú a chuireann leis na cuspóirí inbhuanaitheachta thar na híoscheanglais inbhuanaitheachta agus ba cheart na comhthairbhí dearfacha arna nginiúint ag gníomhaíocht a léiriú go soiléir, i gcás inarb infheidhme. Chuige sin, ba cheart go gcomhlíonfadh a dtuairisciú na modheolaíochtaí deimhniúcháin atá saincheaptha do na gníomhaíochtaí éagsúla, arna bhforbairt ag an gCoimisiún. Le modheolaíochtaí deimhniúcháin, ba cheart, a mhéid is féidir, giniúint comhthairbhí don bhithéagsúlacht a dhreasú a théann thar na híoscheanglais inbhuanaitheachta agus, i gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht préimh feirmeoireachta carbóin a ghiniúint le haghaidh comhthairbhí den sórt sin. Tabharfaidh na comhthairbhí breise sin níos mó luacha eacnamaíoch do na gníomhaíochtaí deimhnithe agus beidh ioncam níos airde do na hoibreoírí mar thoradh orthu. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba cheart don Choimisiún tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt modheolaíochtaí deimhniúcháin saincheaptha maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí sin is aibí, a bhfuil an acmhainneacht acu na glantairbhí is mó a ghiniúint agus an acmhainneacht na comhthairbhí is mó a chur ar fáil. ***I gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, ba cheart a chur san áireamh sa tosaíocht sin an rannchuidíonn na gníomhaíochtaí le bainistiú inbhuanaithe talún talmhaíochta agus foraoisí.***

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) Is iomchuí modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a fhorbairt le haghaidh na gníomhaíochtaí éagsúla **aistrithe carbóin** chun na critéir cháilíochta a leagtar síos sa Rialachán sin a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe infhíoraithe inchomparáide. Leis na modheolaíochtaí sin, ba cheart deimhniú láidir trédhearcach a áirithiú den ghlantairbhe aistrithe carbóin a ghintear leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, agus ag an am céanna ualach riaracháin díreireach ar oibreoirí nó ar ghrúpa oibreoirí a sheachaint, go háirithe d’fheirmeoirí beaga agus do shealbhóirí foraoise. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe do na gníomhaíochtaí éagsúla **aistrithe carbóin**. Ba cheart na modheolaíochtaí sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin agus leis na gníomhaithe leasmhara eile uile. Ní mór dóibh a bheith bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil, tógáil ar scéimeanna agus modheolaíochtaí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana le haghaidh deimhniú aistrithe carbóin, agus aon chaighdeán ábhartha agus aon riail ábhartha a glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh.

Leasú

(18) Is iomchuí modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a fhorbairt do na gníomhaíochtaí éagsúla chun na critéir cháilíochta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe, infhíoraithe agus inchomparáide. Leis na modheolaíochtaí sin, ba cheart deimhniú láidir agus trédhearcach ar an nglantairbhe a ghintear leis an ngníomhaíocht a áirithiú, ba cheart iad a bheith éasca le húsáid agus a fhorbairt ar bhealach lena n-éascófar fíorú a gcomhlíontachta, agus nach gcruthófar ualach riaracháin agus airgeadais díreireach d’oibreoirí nó do ghrúpa oibreoirí, go háirithe d’fheirmeoirí beaga agus do shealbhóirí foraoise agus d’fhiontair beaga agus mheánmhéide, gan cur isteach ar cháilíocht na n-aistrithe carbóin nó na gcomhthairbhí. Chuige sin, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe le haghaidh na gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin. Ba cheart na modheolaíochtaí sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an Ardán um Aistriú Carbóin, Feirmeoireacht Carbóin agus Stóráil Carbóin i nGníomhaíochtaí Táirgí agus leis na gníomhaithe leasmhara eile go léir. Ní mór dóibh a bheith bunaithe ar mheasúnú tionchair críochnúil bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil agus ar thréimhse chomhairliúcháin poiblí ceithre seachtaine ar a laghad, agus tógáil ar scéimeanna poiblí agus príobháideacha agus modheolaíochtaí deimhniúcháin atá ann cheana i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais agus na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo, agus aon chaighdeán

agus aon rialacha ábhartha arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(19) Chun próiseas deimhniúcháin inchreidte iontaofa a áirithiú, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách tríú páirtí. Go sonrach, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh deimhniúcháin tosaigh sula gcuirfear chun feidhme iad, lena bhfíorófaí go gcomhlíonann siad na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear an cainníochtú ceart maidir leis an nglantairbhe aistrithe carbóin measta. Ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchtaí athdheimhniúcháin go tráthrialta chun comhlíonadh na n-aistrithe carbóin a ghintear a fhíorú. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an struchtúr, na sonraí teicniúla agus an fhaisnéis íosta atá le bheith sa tuairisc maidir leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, agus sna tuarascálacha iniúcháireachta deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin, a leagan amach.

Leasú

(19) D'fhonn próiseas deimhniúcháin inchreidte agus iontaofa a áirithiú, ba cheart gníomhaíochtaí a bheith faoi réir iniúcháireachta tríú páirtí neamhspleách. Go háirithe, ba cheart na gníomhaíochtaí uile a bheith faoi réir iniúchadh deimhniúcháin tosaigh sula gcuirfear chun feidhme iad, lena bhfíorófar go gcomhlíonann siad na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear cainníochtú ceart ar an nglantairbhe a bhfuiltear ag súil leis. Ba cheart na gníomhaíochtaí uile a bheith faoi réir iniúchtaí athdheimhniúcháin tréimhsiúla freisin gach cúig bliana ar a laghad le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, agus gach 10 mbliana ar a laghad i gcás gníomhaíochtaí eile, agus cur chuige rioscabhunaithe á leanúint, chun comhlíonadh na n-aistrithe carbóin a ghintear, ceapadh na feirmeoireachta carbóin, laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí a fhíorú. Chuige sin, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun struchtúr, mionsonraí teicniúla, agus an fhaisnéis íosta atá le bheith sa tuairisc ar an ngníomhaíocht, agus sna tuarascálacha iniúcháireachta deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin a leagan amach.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(20) Tá sé ríthábhachtach eolas, uirlisí agus modhanna feabhsaithe a chur ar fáil do bhainisteoirí talún chun na haistrithe carbóin a mheasúnú agus a optamú ar bhealach níos fearr chun gníomhaíochtaí maolaithe a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach agus chun a rannpháirtíocht i bhfeirmeoireacht carbóin a chinntiú. Tá sé sin ábhartha go háirithe d'fheirmeoirí beaga nó sealbhóirí foraoise an Aontais nach mbíonn an fios ná an saineolas is gá acu chun gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a chur chun feidhme agus chun na critéir cháilíochta is gá agus na modheolaíochtaí deimhniúcháin gaolmhara a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal ar eagraíochtaí táirgeoirí soláthar seirbhísí comhairleacha ábhartha a éascú trí chomhairle theicniúil a thabhairt dá gcomhaltaí. Is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus le státchabhair náisiúnta tacaíocht airgeadais a thabhairt chun seirbhísí comhairleacha, malartú eolais, oiliúint, gníomhaíochtaí faisnéise nó tionscadail nuálaíochta idirghníomhacha le feirmeoirí agus le foraoiseoirí a sholáthar.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin

Leasú

(20) Tá sé ríthábhachtach eolas, uirlisí agus modhanna feabhsaithe a chur ar fáil do bhainisteoirí talún chun measúnú agus barrfheabhsú níos fearr a dhéanamh ar an bhfeirmeoireacht carbóin chun gníomhaíochtaí maolaithe a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach agus chun a rannpháirtíocht san fheirmeoireacht carbóin a áirithiú. Tá sé sin ábhartha go háirithe d'fheirmeoirí beaga nó sealbhóirí foraoise an Aontais nach mbíonn an fios gnó ná an saineolas is gá acu go minic chun gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a chur chun feidhme agus chun na critéir cháilíochta agus na modheolaíochtaí deimhniúcháin gaolmhara a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal ar eagraíochtaí táirgeoirí soláthar seirbhísí comhairleacha ábhartha a éascú trí chomhairle theicniúil a chur ar fáil dá gcomhaltaí agus, i gcás inarb ábhartha, tacú leo le treoir agus acmhainní. Is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus státchabhair náisiúnta, chomh maith le hionstraimí airgeadais eile, tacaíocht airgeadais a thabhairt do sholáthar seirbhísí comhairleacha, malartú eolais, oiliúint, gníomhaíochtaí faisnéise nó tionscadail nuálaíochta idirghníomhacha le feirmeoirí agus foraoiseoirí. ***I gcásanna tionóntachta, ba cheart go soláthródh an scéim sochair nó luaíochtaí airgeadais cuí do bhainisteoir na talún atá i mbun na hoibre.***

Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(20a) *Ba cheart do gach aistriú, ceapadh agus laghdú ar astaíochtaí bithghineacha arna nginiúint faoin Rialachán seo rannchuidiú le rannchuidiú an Aontais arna chinneadh go náisiúnta (NDCanna) nó spriocanna agus cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach. Mar sin féin, chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, níor cheart do níos mó ná duine nádúrtha nó dlítheanach amháin, amhail gnóthais nó údaráis phoiblí seachas Ballstát, amhail comhairlí cathrach nó bardais eile, aonad deimhnithe a úsáid ná a éileamh tráth ar bith, agus níor cheart é a áireamh i bhfardail gás ceaptha teasa Ballstáit amháin tráth ar bith.*

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 20 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(20b) *Ba cheart do na seirbhísí comhairleacha atá ann cheana sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, amhail an Córas um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS), rannchuidiú freisin le heolas agus faisnéis níos leithne chun tacú le cleachtais inbhuanaithe lena bhfeabhsaítear ceapadh carbóin agus athchóiriú an dúlra á gcur chun cinn ag an am céanna, agus rochtain éasca ar an bhfaisnéis sin a áirithiú lena n-áirítear réitigh dhigiteacha a úsáid i gcás inarb ábhartha. Ba cheart do AKIS ardán digiteach comhroinnte eolais a chur ar bun freisin, lena dtabharfaí comhairle theicniúil do bhainisteoirí talún agus lena soláthraítear aiseolas do na Ballstáit.*

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 20 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(20c) Ba cheart don Choimisiún tacú freisin le fothú acmhainneachta sna Ballstáit trí infheistíochtaí leordhóthanacha a dhéanamh i gcláir oiliúna agus oideachais, lena n-áirítear do gheallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha féideartha agus dá lucht saothair. Ba cheart a chur san áireamh sa tacaíocht sin freisin réaltachtaí éagsúla na mBallstát agus na réigiúin, lena n-áirítear trí na gníomhaíochtaí is oiriúnaí a shainnithint maidir leis na sainiúlachtaí éagsúla.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(21) Is iomchuí go mbeidh deimhnithe aistrithe carbóin mar bhonn taca d'úsáidí deiridh éagsúla, amhail fardail náisiúnta agus chorparáideacha gás ceaptha teasa a thiomsú, lena n-áirítear maidir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, cruthúnas ar mhaímh a bhaineann leis an aeráid agus éilimh chorparáideacha eile maidir leis an gcomhshaol (lena n-áirítear maidir leis an mbithéagsúlacht), nó aonaid fhíoraithe aistrithe carbóin a mhalartú trí mhargaí deonacha fritháirimh carbóin. Chuige sin, ba cheart faisnéis chruinn thrédhearcach a bheith sa deimhniú maidir leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, lena n-áirítear na haistrithe iomlána agus an glantairbhe aistrithe carbóin a

(21) Maidir le húsáidí deiridh éagsúla aonad deimhnithe, amhail fardail náisiúnta agus chorparáideacha gás ceaptha teasa a thiomsú, lena n-áirítear maidir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, an cruthúnas ar mhaímh chorparáideacha a bhaineann leis an aeráid agus éilimh chorparáideacha comhshaoil eile (lena n-áirítear maidir leis an mbithéagsúlacht), nó malartú aonad fíoraithe trí mhargaí deonacha, ba cheart iad a rialáil tríd an Rialachán seo. ***Ba cheart an úsáid a bhaineann gnóthas as aonaid arna ndeimhniú faoin Rialachán seo le haghaidh éilimh maidir le cúiteamh, fritháireamh nó laghdú deonach ina thuairisciú corparáideach ar fhardail gás ceaptha teasa a bheith mar***

chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe a shonrú nó a leasú tuilleadh.

an gcéanna leis an úsáid a leagtar amach i dTreoir (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Tomhaltóirí a Chumhachtú don Aistriú Glas], lena gcuirtear toirmeasc ar aonaid dheimhnithe a úsáid chun a mhaíomh, bunaithe ar fhritháireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa, go bhfuil tionchar neodrach, laghdaithe nó dearfach ag táirge nó ag cuideachta ar an gcomhshaol i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ina theannta sin, maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as aonaid dheimhnithe amach anseo chun creat aeráide an Aontais agus creat aeráide náisiúnta a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún, faoin...[12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] measúnú a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh maidir le spriocanna an Aontais a bhunú d'aistrithe buana carbóin agus do cheapadh ar talamh, agus ba cheart dó, i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE, measúnú a dhéanamh faoin 31 Iúil 2026 ar an gcaoi a bhféadfaí stóráil bhuan carbóin a chur san áireamh agus ar an gcaoi a bhféadfaí na hastaíochtaí diúltacha sin a chumhdach le trádáil astaíochtaí, agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh i ndáil leis sin. Chuige sin, ba cheart aonaid aistrithe carbóin, aonaid ceaptha feirmeoireachta carbóin, aonaid laghdaithe astaíochtaí feirmeoireachta carbóin agus stóráil carbóin in aonaid táirgí a bheith ar leithligh óna chéile i gcónaí agus ba cheart faisnéis chruinn agus thrédhearcach a bheith sa deimhniú maidir leis an ngníomhaíocht, lena n-áirítear cineál na gníomhaíochta, meán stórála agus fad measta na dtorthaí, na haistrithe iomlána, ceapadh nó laghduithe ar astaíochtaí bithghineacha, de réir mar is iomchuí, an glantairbhe, an sásra dlítheadais mionsonraithe agus an duine dlítheadach nó nádúrtha atá faoi dhlítheadas, fianaise go gcomhlíonann an ghníomhaíocht na cuspóirí inbhuanaitheachta agus cainníocht na n-

aonad deimhnithe a chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh chun Iarscibhinn II lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe a shonrú nó a leasú tuilleadh.

³¹ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

³¹ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

^{31a} Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

^{31b} Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le lagduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(22) Chun fíorú cruinn láidir trédhearcach a áirithiú, ba cheart na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá a bheith ag na comhlachtaí deimhniúcháin atá freagrach as gníomhaíochtaí aistriithe carbóin a dheimhniú agus ba cheart iad a bheith creidiúnaithe ag na húdaráis creidiúnaithe náisiúnta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³². Chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart do na comhlachtaí deimhniúcháin a bheith go hiomlán neamhspleách ar an oibreoir a dhéanann an ghníomhaíocht aistriithe carbóin atá faoi réir an deimhnithe. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit rannhuidiú le cur chun feidhme ceart an phróisis deimhniúcháin a áirithiú trí mhaoirseacht a dhéanamh ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin atá creidiúnaithe ag údaráis creidiúnaithe náisiúnta, agus trí na scéimeanna deimhniúcháin a chur ar an eolas faoi thorthaí neamhchomhlíonta ábhartha.

³² Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin

Leasú

(22) Chun fíorú cruinn, láidir agus trédhearcach a áirithiú, ba cheart na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá a bheith ag na comhlachtaí deimhniúcháin atá freagrach as gníomhaíochtaí a dheimhniú agus ba cheart d'údaráis náisiúnta creidiúnaithe iad a chreidiúnú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³². Chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart do na comhlachtaí deimhniúcháin a bheith go hiomlán neamhspleách, ó thaobh dlí agus airgeadais de, ar an oibreoir a dhéanann an ghníomhaíocht atá faoi réir an deimhnithe. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, do na húdaráis réigiúnacha, rannhuidiú lena áirithiú go gcuirfear an próiseas deimhniúcháin chun feidhme i gceart trí mhaoirseacht a dhéanamh ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin atá creidiúnaithe ag údaráis náisiúnta creidiúnaithe, agus trí na scéimeanna deimhniúcháin a chur ar an eolas faoi thorthaí ábhartha neamh-chomhréireachta.

³² Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(23) Ba cheart d'oibreoírí scéimeanna deimhniúcháin a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin feidhmiú ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta atá iontaofa agus trédhearcach agus ba cheart cruinneas, iontaofacht, sláine agus neamhshéanadh tionscnaimh, agus cosaint i gcoinne calaois faisnéise agus sonraí a chuirtear isteach ag oibreoírí, a áirithiú. Ba cheart dóibh cuntasáiocht cheart na n-aonad fíoraithe aistrithe carbóin a áirithiú freisin, go háirithe trí chomhaireamh dúbailte a sheachaint. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear caighdeán leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta, cuntasáiochta agus iniúcháireachta neamhspleáiche atá le cur i bhfeidhm ag scéimeanna deimhniúcháin, chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoírí agus maidir le scéimeanna deimhniúcháin. Chun próiseas deimhniúcháin costéifeachtach a áirithiú, ba cheart é a bheith de chuspóir freisin ag na rialacha teicniúla comhchuibhithe sin maidir le deimhniú an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú d'oibreoírí, nó do ghrúpa oibreoírí, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear feirmeoirí agus foraoiseoirí beaga.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(24) Chun rialú iontaofa comhchuibhithe

PE745.292v04-00

Leasú

(23) Ba cheart d'oibreoírí scéimeanna deimhniúcháin a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin feidhmiú ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta atá iontaofa agus trédhearcach agus ba cheart cruinneas, iontaofacht, sláine agus neamhshéanadh tionscnaimh, agus cosaint i gcoinne calaois faisnéise agus sonraí a chuirtear isteach ag oibreoírí, a áirithiú. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go dtabharfar cuntas ceart ar na haonaid fhíoraithe a ghintear le gníomhaíocht dheimhnithe, go háirithe trí chomhaireamh dúbailte a sheachaint. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear caighdeán leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta, cuntasáiochta agus iniúcháireachta neamhspleáiche atá le cur i bhfeidhm ag scéimeanna deimhniúcháin, chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoírí agus maidir le scéimeanna deimhniúcháin. Chun próiseas deimhniúcháin costéifeachtach a áirithiú, ba cheart é a bheith de chuspóir freisin ag na rialacha teicniúla comhchuibhithe sin maidir le deimhniú an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú d'oibreoírí, nó do ghrúpa oibreoírí, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear feirmeoirí agus foraoiseoirí beaga.

(24) Chun rialú iontaofa comhchuibhithe

RR\1289493GA.docx

38/191

maidir le deimhniúchán a áirithiú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cinntí a ghlacadh lena n-aithnítear scéimeanna deimhniúcháin a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear maidir le hinniúlacht theicniúil, iontaofacht, trédhearcacht agus iniúcháireacht neamhspleách. Ba cheart na cinntí aitheantais sin a bheith teoranta ó thaobh ama de. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le hábhar agus próisis aitheantais an Aontais do scéimeanna deimhniúcháin.

maidir le deimhniúchán a áirithiú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cinntí a ghlacadh lena n-aithnítear scéimeanna deimhniúcháin a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear maidir le hinniúlacht theicniúil, iontaofacht, trédhearcacht agus iniúcháireacht neamhspleách. Ba cheart na cinntí aitheantais sin a bheith teoranta ó thaobh ama de agus ba cheart iad a chur ar fáil go poiblí. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le hábhar agus próisis aitheantais an Aontais do scéimeanna deimhniúcháin.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(26) Ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin clárlanna poiblí idir-inoibritheacha a bhunú agus a choinneáil ar bun chun trédhearcacht agus inrianaitheacht iomlán deimhnithe aistrithe carbóin a áirithiú, agus chun an riosca calaoise agus comhairimh dhúbailte a sheachaint. D'fhéadfadh calaois tarlú má eisítear níos mó ná deimhniú amháin le haghaidh na gníomhaíochta aistrithe carbóin céanna ós rud é gur cláraíodh an ghníomhaíocht faoi dhá scéim deimhniúcháin éagsúla nó gur cláraíodh í faoi dhó faoin scéim chéanna. D'fhéadfadh calaois tarlú freisin nuair a úsáidtear an deimhniú céanna roinnt uaireanta chun an maíomh céanna a dhéanamh bunaithe ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin nó ar aonad aistrithe carbóin. Ba cheart do na clárlanna na doiciméid a eascraíonn as próiseas deimhniúcháin aistrithe carbóin a stóráil, lena n-áirítear achoimrí ar iniúchtaí deimhniúcháin agus tuarascálacha iniúcháireachta athdheimhniúcháin, na

Leasú

(26) Ba cheart don Choimisiún clárlann idir-inoibritheach agus phoiblí de chuid an Aontais a bhunú agus a choinneáil ar bun chun trédhearcacht, iontaofacht agus inrianaitheacht iomlán deimhnithe a áirithiú, agus chun an riosca calaoise agus comhairimh dhúbailte a sheachaint. D'fhéadfadh calaois tarlú má eisítear níos mó ná deimhniú amháin don ghníomhaíocht chéanna toisc gur cláraíodh an ghníomhaíocht faoi dhá scéim deimhniúcháin éagsúla nó gur cláraíodh í faoi dhó faoin scéim chéanna. D'fhéadfadh calaois tarlú freisin nuair a úsáidtear an deimhniú céanna roinnt uaireanta chun an t-éileamh céanna a dhéanamh bunaithe ar ghníomhaíocht nó aonad. Ba cheart an fhaisnéis go léir i gclárlann an Aontais a bheith éasca le húsáid agus cuardach a dhéanamh ina leith. ***Ba cheart go soláthrófaí don Choimisiún trí scéim deimhniúcháin an fhaisnéis uile is gá a stóráil agus a chur ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach i gclárlann an***

deimhnithe agus deimhnithe nuashonraithe, agus ba cheart iad a chur ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach. Ba cheart do na clárlanna taifead a dhéanamh freisin de na haonaid aistrithe carbóin dheimhnithe a chomhlíonann critéir cháilíochta an Aontais. Chun cothrom iomaíochta laistigh den mhargadh aonair a áirithiú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach caighdeáin agus rialacha teicniúla maidir le feidhmiú agus idir-inoibritheacht na gclárlann sin.

Aontais. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin na doiciméid a eascraíonn as an bpróiseas deimhniúcháin, lena n-áirítear iniúchtaí deimhniúcháin agus tuarascálacha iniúchóireachta athdheimhniúcháin, na deimhnithe agus deimhnithe nuashonraithe agus an fhaisnéis a áirítear iontu, stádas reatha aonaid dheimhnithe, mar shampla, bíodh sé gníomhach, ar scor/in úsáid, nó imithe in éag, loga na n-idirbheart agus, más infheidhme, an sealbhóir reatha agus an cuspóir a bhfuil an deimhniú á shealbhú ina leith agus an praghas a íocadh leis an oibreoir. Sula mbunófar clár poiblí an Aontais, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin, atá aitheanta ag an gCoimisiún, an fhaisnéis uile is gá a stóráil agus a chur ar fáil go poiblí ina dhiaidh sin, ar chlárann an Aontais, a chothabháil agus a stóráil. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den mhargadh aonair, ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le struchtúr, formáid agus mionsonraí teicniúla chlárann an Aontais agus maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh scéimeanna deimhniúcháin chun an fhaisnéis a chur ar fáil do chlárann an Aontais.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(27) Tá ról tábhachtach ag scéimeanna deimhniúcháin maidir le fianaise a sholáthar go bhfuil na critéir cháilíochta le haghaidh aistrithe carbóin á gcomhlíonadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gceanglódh an Coimisiún ar scéimeanna deimhniúcháin tuairisc a thabhairt go tráthrialta ar a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na tuarascálacha sin a chur ar fáil go poiblí, ina n-iomláine nó, i gcás inarb iomchuí, i bhformáid chomhiomlánaithe, chun

Leasú

(27) Tá ról tábhachtach ag scéimeanna deimhniúcháin maidir le fianaise a sholáthar go bhfuil na critéir cháilíochta le haghaidh aistrithe carbóin á gcomhlíonadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gceanglódh an Coimisiún ar scéimeanna deimhniúcháin tuairisc a thabhairt go tráthrialta ar a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na tuarascálacha sin a phoiblíú, go hiomlán nó, i gcás inar gá chun rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a

trédhearcacht a mhéadú agus chun maoirseacht an Choimisiúin a fheabhsú. Ina theannta sin, bheadh sna tuarascálacha sin an fhaisnéis ba ghá don Choimisiún chun tuarascáil a thabhairt ar oibríocht scéimeanna deimhniúcháin d'fhonn dea-chleachtais a aithint agus togra a thíolacadh, dá mba iomchuí, chun na dea-chleachtais sin a chur chun cinn tuilleadh. Chun tuairisciú inchomparáide comhsheasmhach a áirithiú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach na sonraí teicniúla maidir le hábhar agus formáid na dtuarascálacha arna dtarraingt suas ag na scéimeanna deimhniúcháin.

chaomhnú i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha, cé is moite den fhaisnéis sin atá íogair ó thaobh na tráchtála de, chun trédhearcacht, iontaoibh, inrianaitheacht agus grinnscrúdú an phobail a mhéadú, agus chun an mhaoirseacht a dhéanann an Coimisiún a fheabhsú. Ina theannta sin, bheadh sna tuarascálacha sin an fhaisnéis ba ghá don Choimisiún chun tuarascáil a thabhairt ar oibríocht scéimeanna deimhniúcháin d'fhonn dea-chleachtais a aithint agus togra a thíolacadh, dá mba iomchuí, chun na dea-chleachtais sin a chur chun cinn tuilleadh. Chun tuairisciú inchomparáide comhsheasmhach a áirithiú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach na sonraí teicniúla maidir le hábhar agus formáid na dtuarascálacha arna dtarraingt suas ag na scéimeanna deimhniúcháin.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(28) Chun a chur ar a chumas d'oibreoírí na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe costéifeachtach, agus saintréithe sonracha gníomhaíochtaí éagsúla aistriithe carbóin á gcur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a bhunú maidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistriithe carbóin. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann Iarscríbhinn II a leasú lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe.

Leasú

(28) Chun a chur ar a chumas d'oibreoírí na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe costéifeachtach, agus saintréithe sonracha gníomhaíochtaí éagsúla á gcur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a bhunú maidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistriithe carbóin. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann Iarscríbhinn II a leasú lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr³⁴. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(30) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an athbhreithnithe dhomhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras. Ba cheart a chur san áireamh sna hathbhreithnithe sin na forbairtí ábhartha a bhaineann le reachtaíocht an Aontais, dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch, forbairtí margaidh i réimse na n-aistrithe carbóin agus na slándála bia lena n-áirítear infhaighteacht bia agus inacmhainneacht bia, agus ba cheart na hathbhreithnithe sin a bheith bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe dhomhanda ar Chomhaontú

an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe agus trí chomhairliúcháin phoiblí maidir leis na dréachtghníomhartha tarmligthe uile ar feadh tréimhse ceithre seachtaine ar a laghad, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr³⁴. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Leasú

(30) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an athbhreithnithe dhomhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras. Ba cheart a chur san áireamh sna hathbhreithnithe sin na forbairtí ábhartha maidir le reachtaíocht an Aontais, an dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch, forbairtí margaidh i réimse na n-aistrithe carbóin, na feirmeoireachta carbóin agus na stórála carbóin i dtáirgí, agus slándáil an tsoláthair bia lena n-áirítear infhaighteacht agus inacmhainneacht bia, agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe dhomhanda ar Chomhaontú

Pháras.

Pháras.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(31) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin úsáid aistrithe carbóin ardcháilíochta a chur chun cinn agus an riosca a bhaineann le glas-snasú a íoslghdú ag an am céanna, a bhaint amach go leordhóthanach ina n-aonar, agus de bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Is é is cuspóir don Rialachán seo úsáid aistrithe carbóin ag oibreoirí nó ag grúpaí oibreoirí a éascú. Chuige sin, leis an Rialachán seo bunaítear creat deonach de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin a dheimhniú, trí na nithe seo a leanas a leagan síos:

Leasú

(31) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon úsáid aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin ar ardcháilíocht a chur chun cinn agus an riosca a bhaineann le glas-snasú a íoslghdú ag an am céanna, a bhaint amach go leordhóthanach astu féin, agus de bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

Leasú

1. Is é cuspóir an Rialacháin seo úsáid agus feabhsú aistrithe carbóin, feirmeoireachta carbóin agus stórála carbóin i dtáirgí ag oibreoirí nó ag grúpaí oibreoirí a éascú agus a spreagadh mar chomhlánú ar an laghdú do-aisiompairthe agus de réir a chéile ar astaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa ar fud na n-earnálacha uile chun na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar síos i Rialachán

(AE) 2021/1119 agus spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Chuige sin, bunaítear leis an Rialachán seo creat deonach de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a dheimhniú tríd an méid seo a leanas a leagan síos:

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) critéir cháilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dhéantar san Aontas;

Leasú

(a) critéir cháilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéantar san Aontas;

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) rialacha maidir le haistrithe carbóin a fhíorú agus a dheimhniú;

Leasú

(b) rialacha maidir le gníomhaíochtaí a fhíorú agus a dheimhniú;

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ca) rialacha maidir le haonaid dheimhnithe a eisiúint agus a úsáid;

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Níl feidhm ag an gcreat deonach sin de chuid an Aontais chun aistriú carbóin a dheimhniú maidir le hastaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE, seachas astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe a stóráil i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

Leasú

2. Níl feidhm ag an gcreat deonach seo de chuid an Aontais maidir le haistriú carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a dheimhniú maidir le hastaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE, cé is moite de stóráil astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó bhithmhais inbhuanaithe a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhunaítear faoi Threoir (AE) 2018/2001 agus atá nialasach i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2003/87/CE.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. I gcás ina mbeidh comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí tugtha i gcrích idir an tAontas agus tríú tír maidir le carbón atmaisféarach nó bithghineach a gabhadh san Aontas ach a stóráiltear go geolaíoch i dtír is comhalta de chuid LEE, nó i dtír a bhfuil teorainn aici leis an Aontas, agus go gcuireann an Comhalta sin de LEE nó den tír sin na ceanglais dhlíthiúla chéanna i bhfeidhm agus a leagtar amach i dTreoir 2009/31/CE, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na hastaíochtaí gabhála sin.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) ciallaíonn ‘aistriú carbóin’ carbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráil laistigh de linnte carbóin geolaíocha, linnte carbóin bithghineacha, táirgí fadtéarmacha agus ábhair fhadtéarmacha, agus an mhuirthimpeallacht, nó scaoileadh carbóin ó linn carbóin bhithghineach san atmaisféar a laghdú;

Leasú

(a) ciallaíonn ‘aistriú carbóin’ carbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráil go buan ar feadh na gcéadta bliain, nach bhfuil comhcheangailte le Gnothú Hidreacarbóin Feabhsaithe

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) ciallaíonn ‘laghdú ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin’ gníomhaíocht arb é atá inti cleachtas feirmeoireachta carbóin amháin nó níos mó nó próisis feirmeoireachta carbóin amháin nó níos mó arna ndéanamh ag oibreoir as a dtagann laghdú ar scaoileadh carbóin ó linn charbóin bhithghineach, scaoileadh ocsaíd nítriúil ó ithreacha talmhaíochta nó ó bhainistiú aoiligh a laghdú, nó scaoileadh meatáin ó choipeadh eintreach nó ó bhainistiú aoiligh isteach san atmaisféar a laghdú trí ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin;

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) ciallaíonn ‘gníomhaíocht aistrihe carbóin’ cleachtas nó próiseas amháin nó níos mó a dhéanann oibreoir a bhfuil stóráil bhuan carbóin mar thoradh air, lena bhfeabhsaítear gabháil carbóin i linn

Leasú

scriosta

carbóin bhithghineach, lena laghdaítear scaoileadh carbóin ó linn carbóin bhithghineach chuig an atmaisféar, nó lena stóráiltear carbón atmaisféarach nó bithghineach i dtáirgí fadtéarmacha nó in ábhair fhadtéarmacha;

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) ciallaíonn ‘linn carbóin bhithghineach’ bithmhais os cionn talún, bithmhais faoi thalamh, bruscar, adhmaid marbh agus carbón orgánach ithreach mar a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de Chuid B d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2018/841;

Leasú

(c) ciallaíonn ‘linn charbóin bhithghineach’ bithmhais bheo, bruscar, adhmaid marbh, ábhar orgánach marbh, ithreacha mianracha agus ithreacha orgánacha mar a leagtar amach i bpointí (a) go (f) de Chuid B d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2018/841;

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) ciallaíonn ‘oibreoir’ aon duine dlítheanach nó fisiciúil a oibríonn nó a rialaíonn gníomhaíocht aistrithe carbóin, nó a bhfuil cumhacht eacnamaíoch chinntitheach thar fheidhmiú teicniúil na gníomhaíochta tarmligthe chuige;

Leasú

(d) ciallaíonn ‘oibreoir’ aon duine dlítheanach nó nádúrtha a oibríonn nó a rialaíonn gníomhaíocht, lena n-áirítear eintitis phoiblí agus údaráis phoiblí, nó a ndearnadh cumhacht eacnamaíoch chinntitheach ar fheidhmiú teicniúil na gníomhaíochta a tharmligean chuige; ***i gcás gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin, is feirmeoir é oibreoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 nó is úinéir foraoise nó bainisteoir foraoise é mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta, nó eintiteas poiblí nó údarás poiblí;***

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) ciallaíonn ‘grúpa oibreoirí’ eintiteas dlítheanach a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná oibreoir amháin agus atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann na hoibreoirí sin an Rialachán seo;

Leasú

(e) ciallaíonn ‘grúpa oibreoirí’ eintiteas dlítheanach a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná oibreoir amháin agus atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann na hoibreoirí sin an Rialachán seo; ***i gcás gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin, ciallaíonn ‘grúpa oibreoirí’ comharchumann nó eintiteas dlíthiúil a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná feirmeoir, úinéir nó bainisteoir foraoise amháin, nó eintitis phoiblí nó údaráis phoiblí, nó eagraíochtaí táirgeoirí nó grúpaí táirgeoirí;***

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) ciallaíonn ‘tréimhse faireacháin’ tréimhse, a gcinntear a fad i gcomhréir leis an gcineál gníomhaíochta aistrithe carbóin, ar lena linn a dhéanann an t-oibreoir faireachán ar stóráil carbóin;

Leasú

(f) ciallaíonn ‘tréimhse faireacháin’ tréimhse a ndéantar a fad a chinneadh do gach cineál gníomhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 6, a ndéanann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí faireachán ar stóráil carbóin lena linn agus a leanann an t-oibreoir de bheith faoi dhliteanas lena linn;

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(g) ciallaíonn ‘stóráil carbóin bhuan’ gníomhaíocht aistrithe carbóin, faoi ghnáthchúinsí agus cleachtais bhainistíochta iomchuí á n-úsáid, a

Leasú

(g) ciallaíonn ‘stóráil bhuan carbóin’ gníomhaíocht arb éard atá inti cleachtas nó próiseas amháin nó níos mó a dhéanann oibreoir, faoi ghnáthchúinsí agus trí

stóráil carbón atmaisféarach nó bithghineach ar feadh na gcéadta bliain, lena n-áirítear bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin agus dírgabháil agus stóráil carbóin;

chleachtais bhainistíochta iomchuí a úsáid, chun carbón san atmaisféar nó bithghineach a stóráil ar feadh na gcéadta bliain trí CO₂ a stóráil go geolaíoch nó trí mhianrú carbóin atá ceangailte go buan;

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(h) ciallaíonn ‘feirmeoireacht carbóin’ gníomhaíocht aistrithe carbóin a bhaineann le bainistíocht talún as a n-eascraíonn méadú ar stóráil carbóin i mbithmhais bheo, ábhar orgánach marbh agus ithreacha tríd an ngabháil carbóin a fheabhsú agus/nó scaoileadh an charbóin san atmaisféar a laghdú;

Leasú

(h) ciallaíonn ‘feirmeoireacht carbóin’ gníomhaíocht a bhaineann le bainistiú talún, bainistiú cósta nó feirmeoireacht ainmhithe, as a dtagann ceapadh feirmeoireachta carbóin nó laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad;

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2– mír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ha) ciallaíonn ‘ceapadh feirmeoireachta carbóin’ gníomhaíocht a bhaineann le bainistiú talún sna fochatagóirí d’earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta a chumhdaítear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/841, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/839, nó gníomhaíocht a bhaineann le bainistiú cósta, ina bhfuil cleachtas nó próisis feirmeoireachta carbóin amháin nó níos mó arna ndéanamh ag oibreoir as a dtagann méadú ar charbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráiltear i linnte carbóin bhithghineacha trí ghabháil carbóin a fheabhsú, de réir mar a shainmhínítear in aghaidh na gníomhaíochta sa

Leasú 57

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(i) ciallaíonn ‘stóráil carbóin i dtáirgí’ gníomhaíocht aistrithe carbóin lena stóráiltear carbón atmaisféarach agus bithghineach i dtáirgí fadtéarmacha nó in ábhair fhadtéarmacha;

Leasú

(i) ciallaíonn ‘stóráil carbóin i dtáirgí’ gníomhaíocht arb éard atá inti cleachtas nó próiseas amháin nó níos mó arna ndéanamh ag oibreoir lena n-áirithítear stóráil fhadtéarmach carbóin atmaisféir agus bhithghinigh i dtáirgí adhmaid lománaithe fadmharthanacha nó in ábhair le haghaidh tógála ar feadh caoga bliain ar a laghad ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí comhshaoil eile de chuid an Aontais, chomh maith le Rialachán (AE) 2018/841 agus Treoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras.

Leasú 58

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ia) ciallaíonn ‘stóráil gheolaíoch CO₂’ stóráil gheolaíoch CO₂ mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2009/31/CE;

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe n

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(n) ciallaíonn ‘deimhniú’ ráiteas comhréireachta arna eisiúint ag an gcomhlacht deimhniúcháin lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin an Rialachán seo;

Leasú

(n) ciallaíonn ‘deimhniú’ ráiteas comhréireachta arna eisiúint ag an gcomhlacht deimhniúcháin lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an ghníomhaíocht an Rialachán seo;

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe o

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(o) ciallaíonn ‘aonad aistrithe carbóin’ aon tona amháin de ghlantairbhe aistrithe carbóin a ghintear le gníomhaíocht aistrithe carbóin agus atá cláraithe le scéim deimhniúcháin.

Leasú

(o) ciallaíonn ‘aonad aistrithe carbóin’ aon tona amháin de ghlantairbhe aistrithe carbóin a ghintear le haistrithe carbóin agus atá cláraithe le scéim deimhniúcháin.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2– mír 1 – pointe o a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(oa) ciallaíonn ‘cúlú’ carbón a scaoileadh ar ais san atmaisféar ar bhonn deonach nó neamhdheonach; i gcás stóráil gheolaíoch CO₂, tá an bhri chéanna le ‘cúlú’ agus atá le sceitheadh mar a shainmhínítear in Airteagal 3(5) de Threoir 2009/31/CE nó le linn iompair CO₂;

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2– mír 1 – pointe o b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ob) *ciallaíonn ‘aonad ceaptha feirmeoireachta carbóin’ aon tona amháin de shochar ceaptha glanfheirmeoireachta carbóin deimhnithe arna ghiniúint ag ceapadh feirmeoireachta carbóin;*

Leasú 63

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2– mír 1 – pointe o c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(oc) *ciallaíonn ‘aonad táirge stórála carbóin’ aon tona amháin de thairbhe ceaptha táirgí carbóin deimhnithe arna ghiniúint trí stóráil carbóin i dtáirgí agus arna gclárú ag scéim deimhniúcháin;*

Leasú 64

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2– mír 1 – pointe o d (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(od) *ciallaíonn ‘aonad laghdaithe astaíochtaí na feirmeoireachta carbóin’ aon tona amháin de ghlanlaghdú carbóin deimhnithe ar fheirmeoireacht charbóin, glanlaghdú nítrigine deimhnithe ar fheirmeoireacht charbóin nó glanlaghdú meatáin deimhnithe ar fheirmeoireacht charbóin arna ghiniúint ag laghdú astaíochtaí feirmeoireachta carbóin agus arna chlárú le scéim deimhniúcháin, agus arna dheighilt agus arna shainathint mar ‘aonad laghdaithe astaíochtaí feirmeoireachta carbóin — carbón’, ‘aonad laghdaithe astaíochtaí feirmeoireachta carbóin — nítrigin’, nó ‘aonad laghdaithe astaíochtaí*

Leasú 65

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Beidh aistrithe carbóin incháilithe do dheimhniúchán faoin Rialachán seo i gcás ina gcomhlíonann siad an dá choinníoll seo a leanas:

Leasú

Beidh aistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí incháilithe le haghaidh deimhniú faoin Rialachán seo i gcás ina gcomhlíonann siad an dá choinníoll seo a leanas:

Leasú 66

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) gintear iad ó ghníomhaíocht aistrithe carbóin a chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagail 4 go 7;

Leasú

(a) go gcomhlíonann siad na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagal 4 go hAirteagal 7;

Leasú 67

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) go gcomhlíonann siad na rialacha maidir le húsáid aonad a leagtar amach in Airteagal 3a;

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 3a

Rialacha maidir le haonaid a eisiúint agus a úsáid

1. Eiseofar aonaid um cheapadh feirmeoireachta carbóin agus aonaid laghdaithe astaíochtaí faoin 31 Nollaig gach bliain, ar choinníoll nach léirítear i seiceáil faireacháin bhliantúil aon neamhchomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus nach léirítear cúlú léi. Beidh an comhlacht deimhniúcháin freagrach as an tseiceáil faireacháin bhliantúil bunaithe ar fhíorshonraí iontaofa, a fhéadfaidh duine dlítheanach nó údarás ábhartha, amhail an ghníomhaireacht íocaíochta, a sholáthar le cabhair ón gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2021/2116. Déanfar an tseiceáil faireacháin bhliantúil faoin 15 Deireadh Fómhair gach bliain. Tarchuirfidh an comhlacht deimhniúcháin sonraí maidir le haon neamhchomhlíonadh nó cúlú chuig an scéim deimhniúcháin laistigh de mhí amháin ón tseiceáil faireacháin.

2. Le haon úsáid a bhaintear as aonaid, áirítheofar an tsláine is airde maidir le maolú ar an athrú aeráide agus beidh tiúchan astaíochtaí gás ceaptha teasa níos ísle ar an iomlán san atmaisféar mar thoradh air. Rannchuideoidh gach aistriú, ceapadh agus laghdú ar astaíochtaí a ghintear faoin Rialachán seo le rannchuidithe an Aontais arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) agus spriocanna agus cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 agus ní rannchuideoidh siad le NDC tríú tír.

3. Ní úsáidfidh ná ní éileoidh níos

mó ná duine dlítheanach nó nádúrtha amháin aonad deimhnithe tráth ar bith, agus ní áireofar é i níos mó ná fardal gás ceaptha teasa Ballstáit amháin tráth ar bith;

4. Leanfaidh aonaid aistrithe carbóin, aonaid ceaptha feirmeoireachta carbóin, aonaid laghdaithe astaíochtaí feirmeoireachta carbóin agus stóráil carbóin in aonaid táirgí de bheith éagsúil óna chéile.

5. Maidir le húsáid aonad arna ndeimhniú faoin Rialachán seo ag gnóthas le haghaidh éilimh maidir le cúiteamh deonach, fritháireamh nó laghdú ina thuairisciú corparáideach fardail gás ceaptha teasa, beidh sí faoi réir na gcoinníollacha céanna leis na coinníollacha a leagtar síos maidir le húsáid aonad le haghaidh cleachtais tráchtála chorparáideacha gnólacht le tomhaltóir i dTreoir 2005/29/CE arna leasú le Treoir (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Tomhaltóirí a Chumhachtú don Aistriú Glas]. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhionsonraí na míre seo a bhunú.

6. I gcomhréir leis an gclásal athbhreithnithe a leagtar amach in Airteagal 30(5) de Threoir 2003/87/CE, faoin 31 Iúil 2026, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach agus measúnú tionchair, maidir leis an gcaoi a bhféadfaí cuntas a thabhairt ar astaíochtaí diúltacha, a eascraíonn as gáis cheaptha teasa a bhaintear as an atmaisféar agus a stóráiltear go sábháilte agus go buan, agus conas a d'fhéadfaí na hastaíochtaí diúltacha sin a chumhdach le trádáil astaíochtaí, más iomchuí, lena n-áirítear raon feidhme soiléir agus critéir dhochta do chumhdach den sórt sin, agus

coimircí chun a áirithiú nach ndéanfaidh na haistrithe sin na lagduithe riachtanacha ar astaíochtaí a fhritháireamh, i gcomhréir le spriocanna aeráide an Aontais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119;

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Glantairbhe aistrithe carbóin = $AC_{\text{bonnlíne}} - AC_{\text{iomlán}} - GTC_{\text{méadú}} > 0$

Leasú

Glantairbhe aistrithe carbóin = $AC_{\text{bonnlíne}} - AC_{\text{iomlán}} - GTC_{\text{bainteach}} > 0$

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) Is é $GCT_{\text{méadú}}$ an méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha seachas iad siúd ó linnte carbóin bithghineacha i gcás feirmeoireacht carbóin, arb é is cúis leo an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a chur chun feidhme.

Leasú

(c) Is éard atá i gceist le $GCT_{\text{bainteach}}$ an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha, thar shaolré iomlán na gníomhaíochta atá mar thoradh ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin, arna ríomh i gcomhréir leis na prótacail a leagtar amach i dTreoirlínte 2006 IPCC maidir le Fardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa. *Áirítear leis sin, i measc nithe eile, astaíochtaí mar gheall ar úsáid fuinnimh, iompar, ionchuir ábhair, éifeachtaí diláithrithe mar gheall ar éileamh iomaíoch ar fhuinneamh nó ar dhramhtheas, agus athrú díreach agus indíreach ar thalamhúsáid, agus cumhdaítear leis sin tionchair laistigh agus lasmuigh den Aontas araon. Ní thiocfaidh méadú ar acmhainneacht an ghléasra thar a bhfuil riachtanach chun carbón a ghabháil agus a stóráil mar thoradh ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin a dheimhniú, bunaithe*

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. I gcás feirmeoireacht carbóin, tuigfear $AC_{\text{bonnlíne}}$ agus $AC_{\text{iomlán}}$ mar ghlanáistrithe nó glanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/841.

Leasú

2. Soláthrófar glantairbhí le gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin, a dhéanfar a chainníochtú trí úsáid a bhaint as na foirmlí seo a leanas:

Glantairbhe ceaptha feirmeoireachta carbóin = $(AC_{\text{bonnlíne}} - AC_{\text{iomlán}}) - GTC_{\text{bainteach}} > 0$, i gcás:

(a) Is é $AC_{\text{bonnlíne}}$ an ceapadh carbóin faoin mbonnlíne,

(b) Is é $AC_{\text{iomlán}}$ ceapadh carbóin iomlán na gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin,

(c) Is éard atá i gceist le $GTC_{\text{bainteach}}$ astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha thar shaolré iomlán na gníomhaíochta, arb é cur chun feidhme na gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin is cúis leo. ***Áirítear leis sin, i measc nithe eile, astaíochtaí mar gheall ar úsáid fuinnimh, iompar, ionchuir ábhair, agus athrú díreach agus indíreach ar an talamhúsáid, agus cumhdaítear leis sin tionchair laistigh agus lasmuigh den Aontas araon.***

Glantairbhe laghdaithe carbóin na feirmeoireachta carbóin = $(RC_{\text{bonnlíne}} - RC_{\text{iomlán}} - GTC_{\text{bainteach}}) > 0$

Glantairbhe laghdaithe nítrigine na feirmeoireachta carbóin = $(N2O_{\text{bonnlíne}} - N2O_{\text{iomlán}} - GTC_{\text{bainteach}}) > 0$

Glantairbhe laghdaithe meatáin na feirmeoireachta carbóin = $(RC_{\text{bonnlíne}} - RC_{\text{iomlán}} - GTC_{\text{bainteach}}) > 0$

i gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist:

(a) Is é $RC_{\text{bonnlíne}}$ na hastaíochtaí carbóin faoin mbonnlíne;

(b) Is é $RC_{\text{iomlán}}$ an laghdú iomlán ar astaíochtaí carbóin a bhaintear amach trí chur chun feidhme na gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin,

(c) Is éard atá i gceist le $GTC_{\text{bainteach}}$ astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha thar shaolré iomlán na gníomhaíochta, arb é cur chun feidhme na gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin is cúis leo. *Áirítear leis sin, i measc nithe eile, astaíochtaí i ngeall ar úsáid fuinnimh, iompar, ionchuir ábhair, agus athrú díreach agus indíreach ar an talamhúsáid, agus cumhdaítear leis sin tionchair laistigh agus lasmuigh den Aontas araon;*

(d) Is é $N2O_{\text{bunlíne}}$ na hastaíochtaí $N2O$ faoin mbonnlíne de bharr úsáid leasacháin nó aoiligh;

(e) Is é $N2O_{\text{iomlán}}$ an laghdú iomlán ar astaíochtaí $N2O$ de bharr úsáid a bhaint as bainistiú leasacháin nó aoiligh atá inchurtha go díreach i leith na gníomhaíochta;

(f) Is é $CH4_{\text{bonnlíne}}$ na hastaíochtaí $CH4$ faoin mbonnlíne de bharr coipeadh eintreach nó bainistiú aoiligh a dhéanamh;

(g) Is é $CH4_{\text{iomlán}}$ an laghdú iomlán ar astaíochtaí $CH4$ de bharr coipeadh eintreach nó bainistiú aoiligh atá inchurtha go díreach i leith na gníomhaíochta;

I gcás ina ngineann an ghníomhaíocht ceapadh feirmeoireachta carbóin agus laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin araon, áirítheoidh an clárann dá dtagraítear in Airteagal 12 go ndéanfar idirdhealú idir na haonaid chomhfhreagracha um cheapadh feirmeoireachta carbóin agus aonaid

laghdaithe astaíochtaí feirmeoireachta carbóin.

I gcás feirmeoireacht carbóin, comhfhreagraíonn raon feidhme na gcainníochtaí dá dtagraítear in $AC_{bonnlíne}$ agus $AC_{Iomlán}$ do ghlanastrithe gás ceaptha teasa a áirítear i raon feidhme Rialachán (AE) 2018/841, agus comhfhreagraíonn raon feidhme na gcainníochtaí dá dtagraítear in $RC_{bonnlíne}$ agus $RC_{Iomlán}$ do na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa ó linnte carbóin bhithghineacha mar a leagtar amach i bpointí (e) go (f) de Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841.

Freagraíonn raon feidhme na gcainníochtaí dá dtagraítear in $N2O_{bonnlíne}$ agus $N2O_{Iomlán}$ do na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó chatagóir foinse 4B 10-12 IPCC (bainistiú aoiligh) agus 4D (ithreacha talmhaíochta).

Freagraíonn raon feidhme na gcainníochtaí dá dtagraítear in $CH4_{bonnlíne}$ agus $CH4_{Iomlán}$ do na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó chatagóirí foinse 4A IPCC (coipeadh eintreach) agus 4B 1-9 (bainistiú aoiligh).

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Le stóráil carbóin i ngníomhaíocht táirgí, soláthrófar tairbhe glanstórála carbóin i dtáirgí, rud a dhéanfar a chainníochtú tríd an bhfoirmle seo a leanas a úsáid:

Glantairbhe ceaptha táirgí carbóin = $CPS_{bonnlíne} - AC_{Iomlán} - GTC_{bainteach} > 0$

(a) Is é $CPS_{bonnlíne}$ an carbón a cheaptar i dtáirge faoin mbonnlíne;

(b) Is é $CPS_{Iomlán}$ an carbón iomlán arna cheapadh i dtáirge na gníomhaíochta;

(c) Is éard atá i gceist le $GTC_{bainteach}$ an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha, thar shaolré iomlán na gníomhaíochta atá mar thoradh ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin. Áirítear leis sin, i measc nithe eile, astaíochtaí mar gheall ar úsáid fuinnimh, iompar, ionchuir ábhair, éifeachtaí díláithrithe mar gheall ar éileamh iomaíoch ar fhuinneamh nó ar dhramhtheas, agus athrú díreach agus indíreach ar thalamhúsáid, agus cumhdaítear leis sin tionchair laistigh agus lasmuigh den Aontas araon.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Déanfar cainníochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), a ainmniú le comhartha diúltach (-) más glanaistrithe gás ceaptha teasa iad agus le comhartha deimhneach (+) más glanastaíochtaí gás ceaptha teasa iad; déanfar iad a shloinneadh i dtónaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin

Leasú

3. Ainmneofar cainníochtaí dá dtagraítear i mír 1 pointí (a), (b) agus (c), i mír 2, pointí (a), (b), (c), (d), (e), (f) agus (g), agus i mír 2a, pointí (a), (b) agus (c), le comhartha diúltach (-) más glanaistrithe gás ceaptha teasa iad nó, i gcás laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, glanlaghduithe ar gháis cheaptha teasa, agus le comhartha dearfach (+) más glanastaíochtaí gás ceaptha teasa iad, sloinnfear iad i dtónaí coibhéise dé-ocsaíde carbóin.

Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Déanfar aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach ábhartha cruinn iomlán comhsheasmhach trédhearcach.

Leasú

4. Déanfar aistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a chainníochtú ar bhealach ábhartha, cruinn, iomlán, comhsheasmhach, inchomparáide agus trédhearcach. Déanfar neamhchinnteachtaí i gcainníochtú aistrithe carbóin a thuairisciú go cuí agus a chur san áireamh mar chuid de na modheolaíochtaí deimhniúcháin, ar bhealach atá coimeádach, comhréireach leis an leibhéal neamhchinnteachta, agus i gcomhréir le cineálacha cur chuige staidrimh aitheanta agus leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí atá ar fáil.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Comhfhreagróidh an bhonnlíne d'fheidhmíocht chaighdeánach aistrithe carbóin gníomhaíochtaí inchomparáide in imthosca sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha comhchosúla agus cuirfear an comhthéacs geografach san áireamh.

Leasú

5. I gcás aistrithe carbóin nó stórála carbóin i dtáirgí, beidh an bhonnlíne chaighdeánaithe ionadaíoch ar fheidhmíocht úrscothach na gcleachtas reatha coiteann de ghníomhaíochtaí inchomparáide in imthosca sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha comhchosúla agus cuirfear an comhthéacs geografach san áireamh.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 5a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5a. I gcás feirmeoireachta carbóin, beidh an bhonnlíne chaighdeánaithe ionadaíoch d'fheidhmiú cleachtas reatha

coiteann gníomhaíochtaí inchomparáide in imthosca sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha comhchosúla agus cuirfear an comhthéacs geografach san áireamh. I gcás ceapadh na feirmeoireachta carbóin, ní cuirfear san áireamh agus an bhonnlíne chaighdeánaithe á ríomh na cleachtais reatha choiteanna sin maidir le gníomhaíochtaí ceaptha feirmeoireachta carbóin inchomparáide a mbíonn glanastaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh orthu. I gcás laghdú ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, ní cuirfear san áireamh i ríomh na bonnlíne caighdeánaithe na cleachtais reatha choiteanna sin de ghníomhaíochtaí laghdaithe astaíochtaí feirmeoireachta carbóin atá inchomparáide agus a mbíonn glanastaíochtaí gás ceaptha teasa méadaithe mar thoradh orthu. Déanfar idirdhealú sna modheolaíochtaí faoi seach idir bonnlínte statacha nó dinimiciúla i gcás inar gá.

Leasú 77

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 6**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. De mhaolú ar mhír 5, i gcás ina mbeidh údar cuí leis, féadfar an bhonnlíne a bhunú ar fheidhmíocht aonair aistrithe carbóin na gníomhaíochta sin.

Leasú

6. De mhaolú ar mhír 5, i gcás ina bhfuil údar cuí leis sa mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme toisc nach bhfuil gníomhaíochtaí leordhóthanacha inchomparáide ann le bheith in ann bonnlíne ionadaíoch a shocrú, féadfar an bhonnlíne a bhunú ar fheidhmíocht aonair na gníomhaíochta sin ag tús na gníomhaíochta sin.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

7. Déanfar an bhonnlíne a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

Leasú

7. Déanfaidh an Coimisiún an bhonnlíne a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta gach cúig bliana ar a laghad. ***Fanfaidh an bhonnlíne seasmhach don oibreoir i rith na tréimhse faireacháin a luaithe a bheidh tús curtha le gníomhaíocht, ach déanfar í a athbhreithniú agus a nuashonrú tráth athdheimhniúcháin.***

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

8. ***Leis an gcainníochtú aistrithe carbóin, cuirfear éiginnteachtaí san áireamh i gcomhréir le cineálacha cur chuige staidrimh aitheanta.***

Leasú

scriosta

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

9. Chun tacú le cainníochtú aistrithe carbóin a ghintear le feirmeoireacht carbóin, baileoidh an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí sonraí maidir le haistrithe carbóin agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhealach atá comhoiriúnach le fardail náisiúnta gás ceaptha teasa faoi Rialachán (AE) 2018/841 agus faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999.

Leasú

9. Chun tacú le cainníochtú na feirmeoireachta carbóin, baileoidh an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí sonraí maidir le ceapadh carbóin agus astaíochtaí gás ceaptha teasa bunaithe ar úsáid mhodheolaíochtaí Leibhéal 3 i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa, agus ar bhealach atá comhoiriúnach le fardail náisiúnta gás ceaptha teasa faoi Rialachán (AE) 2018/841 agus faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999, agus an cuspóir maidir leis an ualach riaracháin d'oibreoirí ar

mhionscála a íoslaghdú i gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Rialachán seo á chur san áireamh.

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Is gníomhaíocht bhreise a bheidh i ngníomhaíocht aistrithe carbóin. Chuige sin, comhlíonfaidh an ghníomhaíocht aistrithe carbóin an dá chritéar seo a leanas:

Leasú

1. Is gníomhaíocht bhreise a bheidh i ngach gníomhaíocht. Chuige sin, comhlíonfaidh an ghníomhaíocht an dá chritéar seo a leanas:

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) téann sé thar ceanglais reachtacha an Aontais agus ceanglais reachtacha náisiúnta;

Leasú

(a) téann sé thar cheanglais reachtacha an Aontais agus ceanglais reachtacha náisiúnta ar leibhéal an oibreora aonair;

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) tarlaíonn sé de bharr éifeacht dreasachta an deimhnithe.

Leasú

(b) tá gá le héifeacht dreasachta an deimhniúcháin chun go mbeidh an ghníomhaíocht tarraingteach ó thaobh airgeadais de.

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) I gcás ina mbunófar an bhonnline de bhun Airteagal 4(5), meastar gur comhlíonadh an bhreisíocht dá dtagraítear i mír 1. I gcás ina mbunófar an bhonnline de bhun Airteagal 4(6), léireofar breisíocht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), trí thástálacha sonracha.

Leasú

(2) I gcás ina mbunófar an bhonnline de bhun Airteagal 4(5) nó (5a), meastar gur comhlíonadh an bhreisíocht dá dtagraítear i mír 1, pointe (a). I gcás ina mbunófar an bhonnline de bhun Airteagal 4(6), léireofar breisíocht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), trí thástálacha sonracha a leagtar amach mar chuid de na modheolaíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8.

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Stóráil fhadtéarmach

Leasú

Fad na stórála, ceanglais faireacháin agus dliteanais.

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Léireoidh oibreoir nó grúpa oibreoirí go bhfuil sé d'aidhm ag gníomhaíocht aistrithe carbóin stóráil fhadtéarmach carbóin a áirithiú.

Leasú

1. Déanfaidh oibreoir nó grúpa oibreoirí a áirithiú agus a léiriú go mbeidh stóráil bhuan carbóin mar thoradh ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Áiritheoidh agus léireoidh oibreoir nó grúpa oibreoirí go mbeidh ceapadh fadtéarmach carbóin, laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, nó iad araon mar thoradh ar ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin.

Leasú 88

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1b. Déanfaidh oibreoir nó grúpa oibreoirí a áirithiú agus a léiriú go mbeidh stóráil fhadtéarmach carbóin mar thoradh ar ghníomhaíocht stórála carbóin i dtáirgí.

Leasú 89

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Chun críocha mhír 1, comhlíonfaidh oibreoir nó grúpa oibreoirí an dá chritéar seo a leanas:

(a) déanfaidh siad faireachán agus maolú ar aon riosca go scaoilfear an carbón stóráilte a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin;

(b) beidh siad faoi réir sásraí iomchuí dlíteanais chun aghaidh a thabhairt ar aon scaoileadh den charbón stóráilte a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin.

2. CChun críocha mhír 1, mhír 1a agus mhír 1b, comhlíonfaidh oibreoir nó grúpa oibreoirí na critéir seo a leanas a leagtar amach i míreanna 2a go 2e.

Leasú 90

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Déanfaidh oibreoir nó grúpa oibreoirí faireachán agus maolú ar aon riosca go scaoilfear an carbón stóráilte le linn na tréimhse faireacháin, a shocrófar mar seo a leanas:

(a) maidir le gníomhaíochtaí aistriúthe carbóin, beidh an tréimhse faireacháin agus na ceanglais comhsheasmhach le hAirteagal 13, le hAirteagal 17 agus le hAirteagal 18 de Threoir 2009/31/CE;

(b) maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, cumhdófar leis an tréimhse faireacháin agus na ceanglais ar a laghad an tréimhse iomlán ina dtuairtar torthaí na gníomhaíochta a bheith marthanach mar a leagtar amach sa mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme;

(c) maidir le stóráil carbóin i ngníomhaíochtaí táirgí, cumhdóidh an tréimhse faireacháin saolré iomlán an táirge go dtí deireadh ré an táirge agus an tréimhse sin san áireamh.

Leasú 91

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2b. Féadfaidh oibreoir feirmeoireachta carbóin nó grúpa oibreoirí duine dlítheanach nó údarás ábhartha a ainmniú, amhail an ghníomhaireacht íocaíochta de réir bhri Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/2116 i gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin atá cláraithe sa chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí

talmhaíochta, le bheith freagrach as an bhfaireachán, faoi réir gach ceanglas faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2c. Beidh oibreoir nó grúpa oibreoirí faoi réir sásraí dliteanais iomchuí, agus ainmneoidh siad duine nádúrtha nó dlítheanach faoi dhliteanas a bheidh freagrach as aghaidh a thabhairt ar aon chúlú, lena n-áirítear de bharr force majeure, tráth ar bith le linn na gníomhaíochta:

(a) maidir le gníomhaíochtaí aistriú carbóin, beidh an sásra dliteanais comhsheasmhach leis an sásra dliteanais a leagtar amach i dTreoir 2009/31/CE;

(b) maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, déanfar an sásra dliteanais a leagan amach agus a fhormheas mar chuid den mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme agus áiríteofar go nginfear ceapadh coibhéiseach carbóin mar chúiteamh ar an gcúlú;

(c) maidir le stóráil carbóin i ngníomhaíochtaí táirgí, déanfar an sásra dliteanais a leagan amach agus a fhormheas mar chuid den mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme agus áiríteofar go nginfear stóráil choibhéiseach carbóin mar chúiteamh ar an gcúlú.

Déanfaidh an scéim deimhniúcháin faireachán leanúnach agus áiríteoidh sí infhaighteacht agus ullmhacht an tsásra dliteanais le linn thréimhse faireacháin gníomhaíochta

Leasú 93

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 d (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2d. I gcás cúlú, cuirfear na haonaid chomhfhreagracha ar fionraí sa chlárann deimhniúcháin i gcás ina gclárófar iad go dtí go dtabharfar aghaidh ar an gcúlú leis an sásra dliteanais i gcomhréir le mír 2c.

I gcás nach dtugtar aghaidh ar chúlú laistigh de thréimhse ama réasúnach tríd an sásra dliteanais i gcomhréir le mír 2c, rachaidh bailíocht deimhniúcháin in éag agus cealófar na haonaid chomhfhreagracha sa chlárann deimhniúcháin ina bhfuil siad cláraithe.

Leasú 94

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 e (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2e. I gcás ina bhfuil bailíocht deimhniúcháin imithe in éag i gcomhréir le mír 2a, pointe (c), íocfaidh an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí pionós ceartaitheach lena léireofar costas carbóin an mhéid carbóin a scaoiltear isteach san atmaisféar. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an bhfoirmle a bhunú chun na pionóis agus na socrúithe maidir le híocaíocht na bpionós a ríomh.

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Maidir le feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí, measfar go scaoilfear an carbón san atmaisféar a stóráiltear le gníomhaíocht aistrithe carbóin ag deireadh na tréimhse faireacháin.

Leasú

3. Maidir le feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí, measfar go scaoilfear an glantairbhe a ghintear leis an ngníomhaíocht le linn shaolré iomlán na gníomhaíochta san atmaisféar ag deireadh na tréimhse faireacháin nó, i gcás ina scoirfear den fhaireachán, roimh dheireadh na tréimhse faireacháin, agus cuirfear na haonaid chomhfhreagracha ar ceal sa chlárann deimhniúcháin ina bhfuil siad cláraithe, ach amháin má dhéanann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí athdheimhniú ar an ngníomhaíocht agus má léiríonn sé go bhfuil an ghníomhaíocht agus an tréimhse faireacháin fós ar siúl.
Mar sin féin, ní bheidh mar thoradh ar ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin laghdú ar linn charbóin, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/841, i gcomparáid leis an mbonnlíne tar éis na tréimhse faireacháin.

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Beidh tionchar neodrach ag gníomhaíocht aistrithe carbóin ar na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas ar fad nó déanfaidh sí comhthairbhí a ghiniúint ina leith:

(a) maolú ar an athrú aeráide thar an nglantairbhe aistrithe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(b) oiriúnú don athrú aeráide;

Leasú

1. Beidh tionchar neodrach ar a laghad ag gníomhaíocht aistrithe carbóin ar gach ceann de na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas, agus féadfaidh sí comhthairbhí a ghiniúint le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas:

(a) maolú ar an athrú aeráide thar an nglantairbhe dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(aa) an riosca sceite carbóin i dtríú tíortha a sheachaint;

(b) oiriúnú don athrú aeráide;

- (c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint;
- (d) aistriú chuig geilleagar ciorclach;
- (e) truailliú a chosc agus a rialú;
- (f) bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

- (c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint;
- (d) aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid éifeachtúil ábhar bithbhunaithe a fhoinsítear go hinbhuanaithe;
- (e) truailliú a chosc agus a rialú;
- (f) bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Ginfidh gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin comhthairbhí ar a laghad don chuspóir inbhuanaitheachta dá dtagraítear i bpointe (f) den mhír seo, agus beidh tionchar neodrach ar a laghad aici ar gach ceann de na cuspóirí inbhuanaitheachta a liostaítear i bpointí (a) go (ea) nó féadfaidh sí comhthairbhí a ghiniúint le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí inbhuanaitheachta a liostaítear i bpointí (a) go (ea) mar seo a leanas:

- (a) maolú ar an athrú aeráide thar an nglantairbhe feirmeoireachta carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1a);***
- (b) oiriúnú don athrú aeráide;***
- (c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as cáilíocht an uisce agus as acmhainní muirí agus iad a chosaint nó a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe;***
- (d) aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid éifeachtúil ábhar bithbhunaithe a fhoinsítear go hinbhuanaithe;***
- (e) truailliú a chosc agus a rialú;***
- (ea) díghrádú ithreach a chosc, ithreach a athchóiriú, torthúlacht na***

hithreach agus bainistiú cothaitheach agus bithra ithreach a fheabhsú;

(f) bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

Leasú 98

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7– mír 1b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1b. Beidh tionchar neodrach ar a laghad ag stóráil carbóin i ngníomhaíocht táirge ar gach ceann de na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas, agus ginfear comhthairbhí léi le haghaidh ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas:

(a) maolú ar an athrú aeráide thar an nglantairbhe feirmeoireachta carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1a);

(b) oiriúnú don athrú aeráide;

(c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as cáilíocht an uisce agus as acmhainní muirí agus iad a chosaint nó a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe;

(d) aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid éifeachtúil ábhar bithbhunaithe a fhoinsítear go hinbhuanaithe;

(e) truailliú a chosc agus a rialú;

(ea) díghrádú ithreach a chosc, ithreach a athchóiriú, torthúlacht na hithreach agus bainistiú cothaitheach agus bithra ithreach a fheabhsú;

(f) bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1c. Ní bheidh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin ar shlándáil bia an Aontais agus ní bheidh grabáil talún ná amhantraíocht talún mar thoradh orthu. Urramóidh siad cearta na bpobal áitiúil agus na ndaoine dúchasacha a ndéanann na gníomhaíochtaí sin difear dóibh, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, chomh maith leis an gcothromaíocht idir an tionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta ar phobail áitiúla agus ar bhainisteoirí talún ar mhionscála.

Ní bheidh tionchar diúltach ag gníomhaíocht faoi raon feidhme an Rialacháin seo ar ghníomhaíochtaí eile faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Chun críocha mhír 1, comhlíonfaidh gníomhaíocht aistriú carbóin na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a leagtar síos sna modheolaíochtaí deimhniúcháin, a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 8.

2. Chun críocha mhíreanna 1, 1a, 1b agus 1c, leagfaidh an Coimisiún amach na híoscheanglais inbhuanaitheachta maidir le gach cineál gníomhaíochta sa mhodheolaíocht deimhniúcháin ábhartha, mar chuid de na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 8. ***Cuirfear san áireamh sna híoscheanglais inbhuanaitheachta na tionchair laistigh agus lasmuigh den Aontas agus dálaí áitiúla araon. Beidh na híoscheanglais inbhuanaitheachta sin, i gcás inarb iomchuí, comhsheasmhach leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a bhaineann le gníomhaíochtaí foraoiseachta agus stóráil bhuan gheolaíoch faoi thalamh CO₂ a***

leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139, agus cuirfear chun cinn leo inbhuanaitheacht amháibhar bithmhaise foraoise agus talmhaíochta i gcomhréir leis na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le gás ceaptha teasa a laghdú le haghaidh bithmhaise a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. I gcás ina dtuairisceoidh oibreoir nó grúpa oibreoirí comhthairbhí a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 2, comhlíonfaidh siad na modheolaíochtaí deimhniúcháin a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 8. Déanfaidh na modheolaíochtaí deimhniúcháin giniúint comhthairbhí a théann thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a dhreasú a mhéid is féidir, go háirithe don chuspóir dá dtagraítear i mír 1, pointe (f).

Leasú

3. I gcás ina dtuairiscíonn oibreoir nó grúpa oibreoirí comhthairbhí a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1, 1a nó 1b thar na híoscheanglais inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 2, comhlíonfaidh siad na modheolaíochtaí deimhniúcháin a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 8. Leis na modheolaíochtaí deimhniúcháin, tabharfar dreasacht do ghiniúint comhthairbhí a théann thar na híoscheanglais inbhuanaitheachta maidir leis na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1a agus déanfar foráil iontu maidir leis an bhféidearthacht préimh feirmeoireachta carbóin a ghiniúint le haghaidh na gcomhthairbhí sin, a leagfaidh an Coimisiún amach an mhodheolaíocht ina leith trí ghníomhartha tarmligthe faoin... ***[cuir isteach an dáta le do thoil bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Cuirfear in iúl le deimhnithe an bhfuil tionchar neodrach ag gníomhaíocht nó an ngineann gníomhaíocht comhthairbhí do na cuspóirí inbhuanaitheachta.***

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla dá dtagraítear i mír 1 a bhunú maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le stóráil bhuan carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí. Áireofar sna modheolaíochtaí deimhniúcháin sin ar a laghad na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Leasú

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun na modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla dá dtagraítear i mír 1 a bhunú le haghaidh gach cineál gníomhaíochta. ***Beidh gach modheolaíocht deimhniúcháin do gach cineál gníomhaíochta faoi réir gníomh tarmligthe ar leithligh.*** Áireofar sna modheolaíochtaí deimhniúcháin sin ar a laghad na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I. ***Déanfar an chéad ghníomh tarmligthe den sórt sin a ghlacadh faoin... [Cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

Tabharfaidh an Coimisiún tosaíocht d'fhorbairt modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh na gcineálacha gníomhaíochtaí sin is aibí, a d'fhéadfadh na glantairbhí is mó a ghiniúint agus a d'fhéadfadh na comhthairbhí is mó a sholáthar. I gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, déanfaidh an Coimisiún, mar chuid dá thosaíocht, a chur san áireamh freisin an rannchuidíonn na gníomhaíochtaí le bainistiú inbhuanaithe talún talmhaíochta agus foraoisí.

Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun gníomhaíochtaí nua nó nuálacha a chur san áireamh, arna n-ullmhú i gcomhréir leis na critéir a liostaítear i mír 2a agus i mír 3.

Ní fhorbrófar na modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla do ghníomhaíochtaí a bhaineann le stóráil carbóin i dtáirgí ach amháin tar éis na tuarascála a chuirfidh an Coimisiún i láthair i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2018/841 agus ar bhonn

na tuarascála sin.

Leasú 103

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Sula nglacfaidh sé an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ardán dá dtagraítear in Airteagal 8a maidir leis na modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

Leasú 104

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2b. Maidir le gach dréachtghníomh tarmligthe, déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair críochnúil, a bheidh bunaithe ar fhianaise dhochloíte eolaíoch agus ar chomhairliúchán poiblí ar feadh tréimhse ceithre seachtaine ar a laghad, agus poibleofar torthaí críochnaitheacha an ghnímh sin tráth a ghlacfar an gníomh tarmligthe gaolmhar.

Laistigh de 6 mhí ó ... [cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le mír 2 agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an Ardán, treoir a fhoilsiú d'oibreoírí feirmeoireachta carbóin nó do ghrúpaí oibreoírí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le liosta na ngníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhfuil tosaíocht le tabhairt dóibh agus na modheolaíochtaí á n-ullmhú. Féadfar an liosta sin a athbhreithniú agus a leathnú go tréimhsiúil.

Leasú 105

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) na cuspóirí maidir le stóinseacht aistrithe carbóin a áirithiú agus cosaint agus athbhunú éiceachóras a aithint;

Leasú

(a) na cuspóirí maidir le stóinseacht **na ngníomhaíochtaí** a áirithiú agus cosaint agus athbhunú éiceachóras a aithint;

Leasú 106

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe a a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) beidh na modheolaíochtaí deimhniúcháin bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar phrionsabal an réamhchúraim atá cumhdaithe in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

Leasú 107

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe a b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ab) toradh an chomhairliúcháin phoiblí agus chomhairle an Ardáin;

Leasú 108

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe a c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ac) caighdeáin agus dea-chleachtais

atá ann cheana sna modheolaíochtaí deimhniúcháin, i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais agus na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo;

Leasú 109

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) na cuspóirí maidir leis an ualach riaracháin ar oibreoírí a íoslaghdú, go háirithe d'oibreoírí feirmeoireachta carbóin ar mhionscála;

Leasú

(b) an cuspóir an t-ualach riaracháin agus airgeadais a íoslaghdú agus an nós imeachta deimhniúcháin a choinneáil chomh simplí agus is féidir d'oibreoírí, go háirithe d'oibreoírí feirmeoireachta carbóin ar mhionscála agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, gan cur isteach ar cháilíocht na n-aistrithe carbóin nó na gcomhthairbhí;

Leasú 110

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe b a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) beidh na modheolaíochtaí deimhniúcháin éasca le húsáid agus bunófar iad ar bhealach a éascóidh fíorú a gcomhlíonta;

Leasú

(ba) beidh na modheolaíochtaí deimhniúcháin éasca le húsáid agus bunófar iad ar bhealach a éascóidh fíorú a gcomhlíonta;

Leasú 111

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3a. Cuirfidh an Coimisiún na modheolaíochtaí deimhniúcháin ar fáil go poiblí.

Leasú

3a. Cuirfidh an Coimisiún na modheolaíochtaí deimhniúcháin ar fáil go poiblí.

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 8a

***Ardán ar Aistriú Carbóin, Feirmeoireacht
Carbóin agus Stóráil Carbóin i
nGníomhaíochtaí Táirgí***

***1. Bunóidh an Coimisiún Ardán
maidir le Aistriú Carbóin agus
Gníomhaíochtaí Feirmeoireachta
Carbóin (an ‘Ardán’). Beidh sé
comhdhéanta ar bhealach cothrom de na
grúpaí seo a leanas:***

(a) ionadaithe thar ceann:

***(i) an Ghníomhaireacht Eorpach
Comhshaoil;***

***(ii) an Bord Comhairleach Eolaíoch
Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide a
bunaíodh faoi Airteagal 10a de Rialachán
(CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na
hEorpa agus ón gComhairle^{1a};***

***(b) saineolaithe a dhéanann
ionadaíocht thar ceann geallsealbhóirí
príobháideacha ábhartha, lena n-áirítear
feirmeoirí agus úinéirí nó bainisteoirí
foraoise, agus earnálacha gnó, a
dhéanann ionadaíocht thar ceann na
dtionscal ábhartha, a bhfuil baint acu leis
na réimsí a chumhdaítear leis an
Rialachán seo;***

***(ba) ionadaithe na scéimeanna
deimhniúcháin;***

***(c) saineolaithe a dhéanann
ionadaíocht thar ceann na sochaí
sibhialta a bhfuil saineolas acu sna réimsí
a chumhdaítear leis an Rialachán seo;***

***(d) saineolaithe arna gceapadh i gcáil
phearsanta a bhfuil eolas agus taithí
chruthaithe acu sna réimsí a
chumhdaítear leis an Rialachán seo;***

(e) saineolaithe a dhéanann ionadaíocht ar an saol acadúil, lena n-áirítear ollscoileanna, institiúidí taighde agus eagraíochtaí eolaíocha eile.

Déanfar comhaltaí an Ghrúpa Saineolaithe maidir le haistrithe carbóin a chomhtháthú sna grúpaí ionadaithe agus saineolaithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) ar bhealach lena ráthaítear go ndéanfar ionadaíocht ar ghrúpaí i bpointí (a) go (e) ar bhealach cothrom.

2. Déanfaidh an tArdán an méid seo a leanas:

(a) Comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir leis na modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8, lena n-áirítear maidir leis na híoscheanglais inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7, agus maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann na modheolaíochtaí deimhniúcháin sin a thabhairt cothrom le dáta;

(b) anailís a dhéanamh ar thionchar na modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla i dtéarmaí na gcostas agus na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith i gceist lena gcur i bhfeidhm;

(c) cúnamh a thabhairt don Choimisiún anailís a dhéanamh ar iarrataí ó gheallsealbhóirí chun modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla le haghaidh gníomhaíocht ar leith a fhorbairt nó a athbhreithniú;

(d) faireachán a dhéanamh ar threochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát maidir le haistriú carbóin agus feirmeoireacht carbóin agus tuairisciú go tráthrialta don Choimisiún ina leith sin;

(e) comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann bearta breise a fhorbairt chun infhaighteacht agus cáilíocht sonraí a fheabhsú.

(f) comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le hinúsáidteacht na modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla, agus an gá atá le hualach riaracháin míchuí a sheachaint á chur san áireamh;

(g) comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann an Rialachán seo a leasú;

(h) comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir leis an bhfaisnéis íosta a áirítear sna deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 9, agus maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le hiniúchtaí agus scéimeanna deimhniúcháin, agus maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann na rialacha agus na nósanna imeachta sin a thabhairt cothrom le dáta;

3. Cuirfidh an tArdán réimse leathan tuairimí geallsealbhóirí san áireamh. Féachfaidh roghnú na gcomhaltaí le saineolas éagsúil araíonachta agus earnála a áirithiú, chomh maith le cothromaíocht inscne agus gheografach.

4. Beidh an tArdán faoi chathaoirleacht comhalta den Ardán a thoghfaidh an tArdán agus a bhunófar i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus oibriú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do shaineolaithe a bhfuil saineolas sonrach acu ar bhonn ad hoc.

5. Cuirfidh an tArdán a chuid cúraimí i gcrích i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta. Foilseoidh an Coimisiún miontuairiscí chruinnithe an Ardáin agus doiciméid ábhartha eile ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

6. I gcás ina measann oibreoirí nó grúpaí oibreoirí gur cheart gníomhaíocht nach gcomhlíonann na modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla arna mbunú de

bhun an Rialacháin seo, nó nach bhfuil modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla den sórt sin bunaithe ina leith go fóill, a bheith incháilithe le haghaidh deimhniúcháin faoin Rialachán seo, féadfaidh siad an tArdán a chur ar an eolas faoi sin.

1^a Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (IO L 126, 21.5.2009, lch. 13).

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú comhlíontachta an Rialacháin seo, cuirfidh oibreoir nó grúpa oibreoirí iarratas faoi bhráid scéime deimhniúcháin. Ar ghlacadh leis an iarratas sin, cuirfidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí tuairisc chuimsitheach faoi bhráid comhlachta deimhniúcháin ar an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, lena n-áirítear an mhodheolaíocht deimhniúcháin a cuireadh i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 4 go 7, na haistrithe carbóin iomlána measta agus an glantairbhe aistrithe carbóin. Sonróidh grúpaí oibreoirí freisin cén chaoi a soláthraítear seirbhísí comhairleacha maidir le gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, go háirithe d'oibreoirí feirmeoireachta carbóin ar mhionscála.

Leasú

1. Chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú comhlíontachta an Rialacháin seo, cuirfidh oibreoir nó grúpa oibreoirí iarratas faoi bhráid scéime deimhniúcháin. Ar ghlacadh leis an iarratas sin, cuirfidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí tuairisc chuimsitheach ar an ngníomhaíocht faoi bhráid comhlachta deimhniúcháin, lena n-áirítear an mhodheolaíocht deimhniúcháin a cuireadh i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 3a go 7, agus an glansochar iomlán a bhfuiltear ag súil leis. Sonróidh grúpaí oibreoirí freisin conas a sholáthraítear seirbhísí comhairleacha maidir le gníomhaíochtaí, go háirithe d'oibreoirí ar mhionscála, agus cad iad na bearta a dhéanfar chun an t-ualach riaracháin ar bhainisteoirí talún a theorannú. ***I gcás oibreoirí nó grúpaí oibreoirí a bhfuil baint acu le tionscadail trasteorann nó ilnáisiúnta, féadfar comhlachta deimhniúcháin aonair a cheapadh do***

gach tionscadal trasteorann agus ilnáisiúnta.

Maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, féadfaidh na Ballstáit comhairle a thabhairt d'fheirmeoirí faoi chuimsiú na seirbhísí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/2115.

Maidir le feirmeoireacht carbóin, ní féidir dáileachtaí talmhaíochta atá cláraithe sa Chóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS) a leagtar amach in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2021/2116 a bhfuil gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin arna deimhniú ag scéim deimhniúcháin ar siúl ina leith, ní féidir iad a dheimhniú le haghaidh na gníomhaíochta céanna le scéim deimhniúcháin eile.

Chun comhsheasmhacht le hIarscríbhinn I (ba) a áirithiú, le haghaidh feirmeoireacht carbóin, clárófar an fhaisnéis seo a leanas sa chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, dá bhforúiltear in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2021/2116, i gcás inarb infheidhme: cleachtas bhainistíochta a bhaineann leis an ngníomhaíocht feirmeoireachta carbóin, dáta tosaigh agus dáta deiridh na gníomhaíochta aistrithe carbóin, ainm na scéime deimhniúcháin agus uimhir uathúil deimhnithe nó cód uathúil an deimhnithe le haghaidh dáileacht talmhaíochta ar leith.

Leasú 114

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchadh deimhniúcháin chun an fhaisnéis a cuireadh isteach i

Leasú

2. Ceapfaidh an scéim deimhniúcháin comhlacht deimhniúcháin a dhéanfaidh iniúchadh deimhniúcháin chun a fhíorú go

gcomhréir le mír 1 a fhíorú agus chun a dheimhniú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin Airteagail 4 go 7. Mar thoradh ar an iniúchadh deimhniúcháin sin, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuarascáil iniúchta deimhniúcháin, ina mbeidh achoimre, agus deimhniú ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Déanfaidh an scéim deimhniúcháin rialú ar an tuarascáil iniúchta deimhniúcháin agus an deimhniú, agus cuirfidh sí an achoimre ar an tuarascáil iniúchta deimhniúcháin ar fáil go poiblí sa chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12.

bhfuil an fhaisnéis a chuirtear isteach i gcomhréir le mír 1 cruinn agus iontaofa, agus a dheimhniú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht Airteagal 3a go hAirteagal 7. ***Nuair a dhéantar an iliomad gníomhaíochtaí éagsúla feirmeoireachta carbóin ar leibhéal na feirme, féadfar na hiniúchtaí deimhniúcháin a dhéanamh uair amháin.*** Nuair a fhíorófar, mar thoradh ar an iniúchadh deimhniúcháin sin, go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach i gcomhréir le mír 1 á comhlíonadh, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuarascáil iniúchóireachta deimhniúcháin, ina mbeidh achoimre agus deimhniú ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Rialóidh an scéim deimhniúcháin an tuarascáil iniúchóireachta deimhniúcháin agus an deimhniú, agus cuirfidh sí an tuarascáil iniúchóireachta deimhniúcháin agus an deimhniú ar fáil don phobal go hiomlán nó, i gcás inar gá chun rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chaomhnú i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha, seachas an fhaisnéis sin atá íogair ó thaobh na tráchtála de, i gclárlann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12.

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchtaí athdheimhniúcháin go tréimhsiúil chun comhlíonadh na gníomhaíochta aistrithe carbóin le hAirteagail 4 go 7 a athdheimhniú agus chun an tairbhe carbóin a ghintear a fhíorú. Mar thoradh ar an iniúchadh athdheimhniúcháin, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuarascáil iniúchta athdheimhniúcháin, ina mbeidh achoimre, agus deimhniú nuashonraithe.

Leasú

3. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchtaí athdheimhniúcháin tréimhsiúla chun a athdhearbhú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht Airteagal 3a go hAirteagal 7 agus chun an glantairbhe a ghintear a fhíorú. Déanfar iniúchtaí athdheimhniúcháin gach 5 bliana ar a laghad le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, agus gach 10 mbliana ar a laghad i gcás gníomhaíochtaí

Déanfaidh an scéim deimhniúcháin rialú ar an tuarascáil iniúchta athdheimhniúcháin agus ar an deimhniú nuashonraithe, agus cuirfidh sí achoimre ar an tuarascáil iniúchta athdheimhniúcháin, an deimhniú nuashonraithe agus na haonaid dheimhnithe aistrithe carbóin ar fáil go poiblí i gclárlann dá dtagraítear in Airteagal 12.

eile, de réir cur chuige rioscabhunaithe. Mar thoradh ar an iniúchadh athdheimhniúcháin, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuarascáil iniúchta athdheimhniúcháin, ina mbeidh achoimre, agus deimhniú nuashonraithe. Rialóidh an scéim deimhniúcháin an tuarascáil iniúcháireachta athdheimhniúcháin agus an deimhniú nuashonraithe, agus cuirfidh sí an tuarascáil iniúcháireachta athdheimhniúcháin, an deimhniú nuashonraithe agus na haonaid aistrithe carbóin dheimhnithe ar fáil go poiblí go hiomlán nó, i gcás inar gá chun rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chaomhnú i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha, seachas an fhaisnéis sin atá íogair ó thaobh na tráchtála de, i gclárlann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12.

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Tacóidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí leis an gcomhlacht deimhniúcháin le linn iniúchtaí deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin, go háirithe trí rochtain a thabhairt ar áitreabh na gníomhaíochta agus trí shonraí agus doiciméid ábhartha a sholáthar.

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Tacóidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí leis an gcomhlacht deimhniúcháin le linn iniúchtaí deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin, go háirithe trí rochtain a thabhairt ar áitreabh na gníomhaíochta agus trí aon sonraí agus doiciméadacht is gá a chur ar fáil.

Leasú

4a. Gheobhaidh comhlachtaí deimhniúcháin luach saothair ón scéim deimhniúcháin chun neamhspleáchas na n-iniúchtaí deimhniúcháin nó

Leasú 118

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun struchtúr, formáid, sonraí teicniúla na tuairisce cuimsithí ar an ngníomhaíocht aistrithe carbóin dá dtagraítear i mír 1, agus na dtuarascálacha iniúchta deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, a leagan amach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú 119

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh údarás creidiúnaithe náisiúnta comhlachtaí deimhniúcháin arna gceapadh ag scéimeanna deimhniúcháin a chreidiúnú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷.

³⁷ Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear

Leasú

5. Déanfaidh an Coimisiún tráth nach déanaí ná... [cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun struchtúr, formáid, sonraí teicniúla na tuairisce cuimsithí ar an ngníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus na dtuarascálacha iniúchóireachta deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 a leagan amach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú

1. Déanfaidh údarás creidiúnaithe náisiúnta comhlachtaí deimhniúcháin arna gceapadh ag scéimeanna deimhniúcháin a chreidiúnú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷. ***Cuirfear liosta na gcomhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe ar fáil go poiblí i gclárann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12.***

³⁷ Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear

Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) neamhspleách ar na hoibreoirí nó ar ghrúpa oibreoirí, agus na gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoin Rialachán seo a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

Leasú

(b) neamhspleách ó thaobh dlí agus airgeadais de ar na hoibreoirí nó ar ghrúpa oibreoirí, agus na gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoin Rialachán seo a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail.

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Déanfaidh na Ballstáit maoirseacht ar oibriú comhlachtaí deimhniúcháin. Cuirfidh comhlachtaí deimhniúcháin isteach, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla náisiúnta, an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun maoirseacht a dhéanamh ar a n-oibriú, lena n-áirítear dáta, am agus suíomh na n-iniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 9. I gcás ina n-aimseoidh na Ballstáit saincheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh, cuirfidh siad an comhlacht deimhniúcháin agus an scéim deimhniúcháin ábhartha ar an eolas faoi sin gan mhoill.

Leasú

4. Déanfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na húdaráis réigiúnacha maoirseacht ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin. Arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme, ag na húdaráis inniúla réigiúnacha, tíolacfaidh comhlachtaí deimhniúcháin an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun maoirseacht a dhéanamh ar a n-oibríocht, lena n-áirítear dáta, am agus suíomh na n-iniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 9. I gcás ina n-aimsíonn na Ballstáit, agus i gcás inarb infheidhme, na húdaráis réigiúnacha saincheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh, cuirfidh siad an comhlacht deimhniúcháin agus an scéim deimhniúcháin ábhartha ar an eolas faoi sin gan mhoill agus foilseoidh siad an fógra sin i gclárann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12.

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Feidhmeoidh scéimeanna deimhniúcháin ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta iontaofa agus trédhearcacha, go háirithe maidir le bainistíocht agus monatóireacht inmheánach, gearáin agus achomhairc a láimhseáil, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, trédhearcacht agus foilsíú faisnéise, ceapadh agus oiliúint comhlachtaí deimhniúcháin, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna neamh-chomhréireachta, forbairt agus bainistiú clárlann.

Leasú

2. Feidhmeoidh scéimeanna deimhniúcháin ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta iontaofa agus trédhearcacha, go háirithe maidir le bainistiú agus faireachán inmheánach, gearáin agus achomhairc a láimhseáil, comhairliúchán le geallsealbhóirí, trédhearcacht agus foilsíú faisnéise, comhlachtaí deimhniúcháin a cheapadh agus a oiliúint agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna neamh-chomhréireachta. ***Chun déileáil le gearáin agus achomhairc, cuirfidh scéimeanna deimhniúcháin nósanna imeachta gearáin agus achomhairc a mbeidh rochtain éasca orthu i bhfeidhm. Cuirfear na nósanna imeachta sin ar fáil go poiblí i gclárlann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12.***

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Fíoróidh scéimeanna deimhniúcháin an raibh an fhaisnéis agus na sonraí a chuir an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí isteach chun comhlíonadh a dheimhniú de bhun Airteagal 9 faoi réir iniúchadh neamhspleách agus an ndearnadh an deimhniú comhlíontachta ar bhealach cruinn, iontaofa agus costéifeachtach.

Leasú

3. Fíoróidh scéimeanna deimhniúcháin an raibh an fhaisnéis agus na sonraí a chuir an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí isteach le haghaidh deimhniú comhlíontachta de bhun Airteagal 9 faoi réir iniúchóireacht neamhspleách agus an ndearnadh an deimhniú comhlíontachta agus na tuarascálacha iniúchóireachta athdheimhniúcháin ar bhealach cruinn, iontaofa agus costéifeachtach.

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Foilseoidh scéimeanna deimhniúcháin, go bliantúil ar a laghad, liosta na gcomhlachtaí deimhniúcháin a cheaptar, ina luafar, i gcás gach comhlachta deimhniúcháin, cén t-eintiteas nó údarás poiblí náisiúnta a bhfuil sé aitheanta aige agus cén t-eintiteas nó údarás poiblí náisiúnta a bhfuil faireachán á dhéanamh air.

Leasú

4. Foilseoidh scéimeanna deimhniúcháin, ar a laghad uair sa bhliain, liosta de na comhlachtaí deimhniúcháin arna gceapadh i gclárann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12, ina luafar do gach comhlacht deimhniúcháin cé acu eintiteas nó údarás náisiúnta nó, i gcás inarb infheidhme, údarás poiblí réigiúnach a d'aithin é, agus cén t-eintiteas nó údarás poiblí náisiúnta nó, i gcás inarb infheidhme, údarás poiblí réigiúnach a dhéanann faireachán air.

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach an struchtúr, an fhormáid, na mionsonraí teicniúla agus an próiseas dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4, a mbeidh feidhm acu maidir leis na scéimeanna deimhniúcháin uile. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú

5. Déanfaidh an Coimisiún tráth nach déanaí ná... [cuir isteach, le do thoil, an dáta 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leagfar amach struchtúr, formáid, sonraí teicniúla agus próiseas dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4, a mbeidh feidhm acu maidir le gach scéim deimhniúcháin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Clárlanna

Clárlann an Aontais

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Déanfaidh scéim deimhniúcháin clárlann poiblí a bhunú agus a choinneáil ar bun go cuí chun an fhaisnéis a bhaineann leis an bpróiseas deimhniúcháin a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear na deimhnithe agus na deimhnithe nuashonraithe, agus cainníocht na n-aonad aistrithe carbóin arna ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 9. Úsáidfídh na clárlanna sin córais uathoibríthe, lena n-áirítear teimpléid leictreonacha, agus beidh siad idir-inoibrítheach.

1. Déanfaidh an Coimisiún clárlann poiblí ('clárlann an Aontais') a bhunú agus a choinneáil go cuí chun an fhaisnéis a bhaineann leis an bpróiseas deimhniúcháin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach inrochtana, ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IIa. Úsáidfídh clárlann an Aontais córais uathoibríthe, lena n-áirítear teimpléid leictreonacha.

Cuirfear isteach le scéim deimhniúcháin na sonraí agus an tuairisciú ábhartha uile a cheanglaítear a áireamh i gclárlann an Aontais i gcomhréir le hIarscríbhinn IIa agus atá riachtanach chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo a fhíorú.

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach struchtúr, formáid agus mionsonraí na gclárlann poiblí, agus taifeadadh, coinneáil nó úsáid aonad aistrithe carbóin, dá dtagraítear i mír 1.

2. Déanfaidh an Coimisiún faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leagfar amach struchtúr, formáid agus mionsonraí teicniúla chlárlann an Aontais agus na

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

rialacha agus na nósanna imeachta chun an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. *Airitheoidh an Coimisiún go dtuairisceoidh scéimeanna deimhniúcháin meán sciar an ioncaim a bhaineann le haonaid dheimhnithe a dhíol le haghaidh gach gníomhaíochta a chuir sé ar aghaidh chuig an oibreoir. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na tuarascálacha arna dtíolacadh agus déanfaidh sé a thorthaí a thuairisciú go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.*

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Ní fhéadfaidh oibreoirí nó grúpa oibreoirí ach scéim deimhniúcháin a aithníonn an Coimisiún trí bhíthin cinnidh a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin a léiriú. Beidh cinneadh den sórt sin bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana.

1. Ní fhéadfaidh oibreoirí nó grúpa oibreoirí ach scéim deimhniúcháin a aithníonn an Coimisiún trí bhíthin cinnidh a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin a léiriú. Beidh cinneadh den sórt sin bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana agus cuirfear ar fáil don phobal é i gelárlann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12. ***Cuirfidh an Coimisiún an scéim deimhniúcháin ar an eolas faoina chinneadh maidir le haitheantas tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an fógra a thabhairt.***

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Tabharfaidh Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis an iarratas ar aitheantas don scéim deimhniúcháin phoiblí. Tabharfaidh ionadaí dlíthiúil scéime deimhniúcháin príobháidí fógra don Choimisiún maidir leis an iarratas ar aitheantas don scéim deimhniúcháin phríobháideach.

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh lena n-aithnítear scéim deimhniúcháin a aisghairm de bhun mhír 1 i gcás nach gcuireann an scéim deimhniúcháin na caighdeáin agus na rialacha a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 11(5) chun feidhme. I gcás ina n-ardaíonn Ballstát ábhair inmí nach bhfeidhmíonn scéim deimhniúcháin i gcomhréir leis na caighdeáin agus na rialacha a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 11(5) atá mar bhonn do chinntí faoi mhír 1, déanfaidh an Coimisiún an cás a imscrúdú agus déanfaidh sé gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear an cinneadh ábhartha a aisghairm.

Leasú

2. Tabharfaidh Ballstát, nó i gcás inarb ábhartha, na húdaráis réigiúnacha, fógra don Choimisiún faoin iarratas ar aitheantas don scéim deimhniúcháin phoiblí. Tabharfaidh ionadaí dlíthiúil scéime deimhniúcháin príobháidí fógra don Choimisiún maidir leis an iarratas ar aitheantas don scéim deimhniúcháin phríobháideach.

Leasú

3. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle go hiomchuí leis an scéim deimhniúcháin, cinneadh lena n-aithnítear scéim deimhniúcháin de bhun mhír 1 a aisghairm i gcás nach gcuirfidh an scéim deimhniúcháin na caighdeáin agus na rialacha a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 11(5) chun feidhme. I gcás ina gcuirfidh Ballstát nó, i gcás inarb infheidhme, údarás réigiúnach ábhair inmí in iúl, nó i gcás ina n-ardóidh duine dlítheanach, oibreoir nó grúpa oibreoirí ábhair inmí a bhfuil bunús cuí leo, nach bhfuil scéim deimhniúcháin ag feidhmiú i gcomhréir leis na caighdeáin agus na rialacha a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 11(5) arb iad is bonn do chinntí faoi mhír 1, déanfaidh an Coimisiún an t-ábhar a imscrúdú agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear an

cinneadh ábhartha a aisghairm.

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach struchtúr, formáid agus mionsonraí teicniúla na bpróiseas fógartha agus aitheantais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí, ina n-íomláine nó, i gcás inar gá chun rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála a chaomhnú, i bhfoirm chomhiomlán.

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh

Leasú

4. Déanfaidh an Coimisiún, faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leagfar amach struchtúr, formáid agus sonraí teicniúla na bpróiseas fógartha agus aitheantais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú

2. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí i gclárann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12, go hiomlán nó, i gcás inar gá chun rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chaomhnú i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha, agus an fhaisnéis sin atá íogair ó thaobh na tráchtála de á heisiamh.

lena leagtar amach struchtúr, formáid, agus mionsonraí teicniúla na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Rialacháin seo] gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leagfar amach struchtúr, formáid agus sonraí teicniúla na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 14a

Soláthróidh an Coimisiún treoir theicniúil do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme Airteagal 9(4) agus Airteagal 13(2) agus (3).

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun Iarscríbhinn II a leasú chun an liosta den fhaisnéis íosta a áirítear sna deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 9 a chur in oiriúint.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Ardán dá dtagraítear in Airteagal 8a, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun Iarscríbhinn II a leasú chun an liosta faisnéise íosta a áirítear sna deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 9 a oiriúnú.

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 15 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 15 a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Leasú

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3a, 8 agus 15 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Leasú

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3a, 8 agus 15 a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

Leasú

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, déanfaidh an Coimisiún comhairliúchán poiblí ceithre seachtaine agus rachaidh sé i mbun comhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016

Leasú 141

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 5**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8 agus 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 142

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 – fómhír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3a, 8 agus 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú

Mar chuid den tuarascáil i mír 2, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na tairbhí agus ar na comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le táirgí stórála carbóin fadsaolacha eile a áireamh bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí agus féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh don Pharlaimint agus don Chomhairle.

Leasú 143

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach agus measúnú tionchair, maidir le spriocanna an Aontais a bhunú d'aistriú buana carbóin agus do cheapadh talamhbhunaithe mar dhlúthchuid de chreat aeráide an Aontais i ndiaidh 2030.

Leasú 144

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2b. Scrúdóidh an Coimisiún roghanna chun laghdúithe astaíochtaí a mhéadú laistigh den slabhra soláthair bia, lena n-áirítear roghanna a bhaineann le haonaid feirmeoireachta carbóin a úsáid, agus déanfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] togra reachtach a thíolacadh a mbeidh measúnú tionchair ag gabháil leis chun na críche sin.

Leasú 145

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Gnéithe de na modheolaíochtaí

Gnéithe de na modheolaíochtaí

deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8

Agus gníomhartha tarmhligthe á nglacadh de bhun Airteagal 8, áireofar ar ghnéithe de na modheolaíochtaí deimhniúcháin na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) tuairisc maidir leis an ngníomhaíocht **aistrithe carbóin** a chumhdaítear, lena n-áirítear an tréimhse faireacháin;

(b) rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí GCT uile dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a aithint;

(c) rialacha maidir leis na haistrithe carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a) a ríomh;

(d) rialacha maidir leis na haistrithe iomlána carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b) a ríomh;

(e) rialacha maidir leis an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (c) a ríomh;

deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8

Agus gníomhartha tarmhligthe á nglacadh de bhun Airteagal 8, áireofar ar ghnéithe de na modheolaíochtaí deimhniúcháin na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(-a) tuairisc ar an gcineál gníomhaíochta a chumhdaítear (aistriú carbóin, ceapadh feirmeoireachta carbóin, feirmeoireacht charbóin, laghdú ar astaíochtaí nítrigine nó meatáin, nó stórúil carbóin i dtáirgí);

(a) tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht a chumhdaítear, lena n-áirítear marthanacht réamh-mheasta a torthaí agus a tréimhse faireacháin;

(b) le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin:

(i) rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí GCT uile dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a aithint;

(ii) rialacha maidir leis na haistrithe carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a) a ríomh;

(iii) rialacha maidir leis na haistrithe iomlána carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b) a ríomh;

(iv) rialacha maidir leis an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (c) a ríomh;

(c) le haghaidh gníomhaíochtaí fheirmeoireacht carbóin:

(i) **rialacha maidir leis na linnte ceapadh carbóin agus na laghduithe agus gach laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gach foinse dá dtagraítear in Airteagal 4(2) a shaináithint;**

(ii) **cmaidir le ceapadh feirmeoireachta carbóin, rialacha chun an ceapadh carbóin a ríomh faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, pointe (a);**

(iii) maidir le ceapadh feirmeoireachta carbóin, rialacha maidir leis an gceapadh carbóin iomlán dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d’Airteagal 4(2) a ríomh;

(iv) maidir le ceapadh feirmeoireachta carbóin, rialacha maidir leis an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d’Airteagal 4(2) a ríomh;

(v) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, rialacha chun astaíochtaí carbóin a ríomh faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an dara fómhír, pointe (a);

(vi) maidir le laghduithe ar fheirmeoireacht carbóin, rialacha chun an laghdú iomlán carbóin dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fómhír d’Airteagal 4(2) a ríomh;

(vii) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, rialacha maidir leis an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear i bpointe (c) den dara fómhír d’Airteagal 4(2) a ríomh;

(viii) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, rialacha maidir le hastaíochtaí N₂O a ríomh faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an dara fómhír, pointe (d);

(ix) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, rialacha chun laghduithe iomlána ar astaíochtaí N₂O dá dtagraítear i bpointe (e) den dara fómhír d’Airteagal 4(2) a ríomh;

(x) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, rialacha maidir le hastaíochtaí CH₄ a ríomh faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an dara fómhír, pointe (f);

(xi) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, rialacha maidir

le hastaíochtaí iomlána CH₄ dá dtagraítear i bpointe (g) den dara fomhír d'Airteagal 4(2) a ríomh;

(d) maidir le stóráil carbóin i ngníomhaíochtaí táirgí;

(i) rialacha maidir le gach linn ceaptha carbóin agus gach foinse astaíochtaí GCT dá dtagraítear in Airteagal 4(2a) a shaináithint;

(ii) rialacha maidir leis an gceapadh carbóin a ríomh faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2a), pointe (a);

(iii) rialacha maidir leis an gceapadh carbóin iomlán dá dtagraítear in Airteagal 4(2a), pointe (b) a ríomh;

(iv) rialacha maidir leis an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 4(2a), pointe (c) a ríomh;

(e) rialacha chun aghaidh a thabhairt ar éiginnteachtaí maidir le cainníochtú na n-aistrithe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(4);

(f) an bhonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(5), 4(5a) nó 4(6), lena n-áirítear na rialacha agus an bonn cirt leis an mbonnlíne bunáithe;

(g) rialacha chun na tástálacha breisíochta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a dhéanamh;

(h) rialacha maidir le faireachán agus maolú a dhéanamh ar aon riosca sceite maidir le carbón stóráilte dá dtagraítear in Airteagal 6 (2a);

(i) rialacha maidir le sásraí dliteanais sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6 (2c);

(ia) rialacha maidir leis an mbailíocht agus na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 6(2d) agus 6(2e);

(j) na híoscheanglais inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2) a shonrú;

(f) rialacha chun aghaidh a thabhairt ar éiginnteachtaí maidir le cainníochtú na n-aistrithe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(8);

(g) rialacha chun na tástálacha breisíochta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a dhéanamh;

(h) rialacha maidir le faireachán agus maolú a dhéanamh ar aon riosca sceite maidir le carbón stóráilte dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (a);

(i) rialacha maidir le sásraí dliteanais sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (b);

(j) rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2);

(k) rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhthairbhí dá dtagraítear in Airteagal 7(3).

(k) rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhthairbhí dá dtagraítear in Airteagal 7(3).

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn II

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

An fhaisnéis íosta a áirítear sa deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 9

Áireofar an fhaisnéis íosta seo a leanas sa deimhniú:

(a) ainm agus cineál na gníomhaíochta ***aistriú carbóin***, lena n-áirítear ainm agus sonraí teagmhála an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí;

(b) suíomh na gníomhaíochta ***aistriú carbóin***, lena n-áirítear suíomh sainráite geografach theorainneacha na gníomhaíochta, agus ceanglais scála mapála 1:5000 maidir leis an mBallstát á n-urramú;

(c) dáta tosaigh agus dáta deiridh na gníomhaíochta ***aistriú carbóin***;

(d) ainm na scéime deimhniúcháin;

(e) ainm agus seoladh an chomhlachta deimhniúcháin agus an lógó;

(f) (uathúil) uimhir nó cód an

Leasú

An fhaisnéis íosta a áirítear sa deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 9

Áireofar an fhaisnéis íosta seo a leanas sa deimhniú:

(a) ainm agus cineál na gníomhaíochta, lena n-áirítear an ionann an ghníomhaíocht agus aistriú carbóin, feirmeoireacht carbóin, laghdú ar astaíochtaí carbóin, nítrigine nó meatáin, nó stóráil carbóin i ngníomhaíocht táirgí, lena n-áirítear ainm agus sonraí teagmhála an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí;

(b) suíomh na gníomhaíochta, lena n-áirítear suíomh sainráite geografach theorainneacha na gníomhaíochta, agus ceanglais scála mapála 1:5000 maidir leis an mBallstát á n-urramú;

(ba) i gcás gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, i gcás inarb infheidhme, sainithint uathúil na dáileachta talmhaíochta mar atá cláraithe sa chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2021/2116 ar a bhfuil gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin ar siúl;

(c) dáta tosaigh agus dáta deiridh ionchasach na gníomhaíochta;

(d) ainm na scéime deimhniúcháin;

(e) ainm agus seoladh an chomhlachta deimhniúcháin agus an lógó;

(f) (uathúil) uimhir nó cód an

deimhnithe;

(g) áit agus dáta eisiúna an deimhnithe;

(h) tagairt don mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 8;

(i) an glantairbhe aistrithe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(j) na haistrithe carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a);

(k) na haistrithe iomlána carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b);

(l) an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (c);

deimhnithe;

(g) áit agus dáta eisiúna an deimhnithe;

(h) tagairt don mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 8;

(i) ***le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin:***

(i) an glantairbhe aistrithe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(ii) na haistrithe carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a);

(iii) na haistrithe iomlána carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b);

(ia) ***le haghaidh gníomhaíochtaí fheirmeoireacht carbóin:***

(i) ***maidir le ceapadh feirmeoireachta carbóin, glantairbhe feirmeoireachta carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(2);***

(ii) ***maidir le ceapadh feirmeoireachta carbóin, ceapadh carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, pointe (a);***

(iii) ***maidir le ceapadh feirmeoireachta carbóin, an ceapadh carbóin iomlán dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, pointe (b);***

(iv) ***maidir le ceapadh feirmeoireachta carbóin, méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 4(2);***

(v) ***maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, glantairbhe laghdaithe astaíochtaí feirmeoireachta carbóin dá dtagraítear sa dara fhomhír d'Airteagal 4(2);***

(vi) ***maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, astaíochtaí carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an dara fhomhír, pointe (a);***

(vii) ***maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, an laghdú***

iomlán carbóin dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fohír d’Airteagal 4(2);

(viii) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear i bpointe (c) den dara fohír d’Airteagal 4(2);

(ix) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, astaíochtaí N₂O faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an dara fohír, pointe (d);

(x) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, laghduithe iomlána ar astaíochtaí N₂O dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an dara fohír, pointe (e);

(xi) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, astaíochtaí CH₄ faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), an dara fohír, pointe (f);

(xii) maidir le laghduithe ar astaíochtaí feirmeoireachta carbóin, astaíochtaí iomlána CH₄ dá dtagraítear i bpointe (g) den dara fohír d’Airteagal 4(2);

(ib) maidir le stóráil carbóin i ngníomhaíochtaí táirgí:

(i) an glantairbhe ceaptha táirge carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(2a);

(ii) ceapadh carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2a), pointe (a);

(iii) an ceapadh iomlán carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(2a), pointe (b);

(iv) an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 4(2a), pointe (c);

(m) miondealú de réir gás, foinsí, linnte carbóin agus stoc maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (j), (k) agus (l) den Iarscríbhinn seo;

(n) fad thréimhse faireacháin na gníomhaíochta aistrithe carbóin;

(m) miondealú de réir gás, foinsí, linnte carbóin agus stoc maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (i), (ia) agus (ib) den Iarscríbhinn seo;

(n) meán stórála, fad a mheastar a mhairfidh na torthaí agus fad thréimhse

faireacháin na gníomhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 6(2a);

(na) sásra dlítheadais mionsonraithe agus duine dlítheadach nó nádúrtha atá faoi dhlítheadas i gcomhréir le hAirteagal 6(2b);

(nb) i gcás cúlaithe, méid an charbóin iomláin a scaoiltear san atmaisféar ó linnte geolaíochta nó bithghineacha carbóin;

(o) **aon** chomhthairbhe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3);

(o) i gcás gníomhaíocht aistrithe carbóin, fianaise go gcomhlíonann an ghníomhaíocht na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) nó go ngineann an ghníomhaíocht comhthairbhí;

(oa) i gcás gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin, fianaise go gcomhlíonann an ghníomhaíocht na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(1a) agus go ngineann an ghníomhaíocht comhthairbhí dearfacha freisin maidir leis an gcuspóir i bpointe (f);

(ob) maidir le stóráil carbóin i ngníomhaíocht táirge, fianaise go gcomhlíonann an ghníomhaíocht na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(1b) agus go ngineann an ghníomhaíocht comhthairbhí dearfacha freisin i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí sin;

(oc) cainníocht na n-aonad arna ndeimhniú leis an deimhniú i gcomhréir le hAirteagal 9;

(p) tagairt d'aon deimhniú aistrithe carbóin eile.

(p) tagairt d'aon aistriú carbóin nó d'aon fheirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin eile i ndeimhniú táirgí.

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin

IARSCRÍBHINN IIa

An fhaisnéis íosta atá le cur san áireamh i gclárann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12

I gcás gach gníomhaíochta deimhnithe, áireofar i gclárann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12 an fhaisnéis íosta seo a leanas ar a laghad:

- (a) ainm agus cineál na gníomhaíochta, lena n-áirítear an ionann an ghníomhaíocht agus gníomhaíocht aistrithe carbóin, gníomhaíocht ceaptha feirmeoireachta carbóin, gníomhaíocht chun astaíochtaí feirmeoireachta carbóin a laghdú le haghaidh carbóin, nítrigine nó meatáin, nó stóráil carbóin i ngníomhaíocht táirgí, ainm agus sonraí teagmhála an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí;*
- (b) dáta tosaigh éifeachtach agus dáta deiridh ionchasach na gníomhaíochta;*
- (c) ainm na scéime deimhniúcháin;*
- (d) an Ballstát ina ndéantar an ghníomhaíocht;*
- (e) an mhodheolaíocht deimhniúcháin le haghaidh gach gníomhaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 8;*
- (f) an glantairbhe a bhfuiltear ag súil leis;*
- (g) stádas reatha an deimhnithe (gníomhach, aistarraingthe, imithe in éag);*
- (h) i gcás inarb infheidhme, sealbhóir nádúrtha nó dlíthiúil aonaid dheimhnithe, an chríoch a bhfuil an t-aonad deimhnithe á shealbhú ina leith agus an praghas a íocadh leis an oibreoir;*
- (i) i gcás gach gníomhaíochta, nasc chuig an tuarascáil iniúchóireachta*

deimhniúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, chuig an tuarascáil iniúchóireachta nuashonraithe, i gcomhréir le hAirteagal 9;

Áireofar freisin i gclárlann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12 liosta de na scéimeanna deimhniúcháin aitheanta go léir, a rialacha agus a nósanna imeachta i gcomhréir le hAirteagal 11(2), a dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 14, liosta de na comhlachtaí deimhniúcháin atá ceaptha acu, ina sonrófar maidir le gach comhlacht deimhniúcháin, an t-eintiteas nó an t-údarás poiblí náisiúnta a thug aitheantas dó, agus an t-eintiteas nó an t-údarás poiblí náisiúnta atá ag déanamh faireacháin air, i gcomhréir le hAirteagal 11(4).

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

‘Tá sé dosheachanta aistriú dé-ocsaíde carbóin (CDR) a úsáid chun astaíochtaí iarmharacha a bhfuil sé deacair srian a chur orthu a fhrithchothromú má tá astaíochtaí glan-nialasacha CO2 nó GCT le baint amach.’

An Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC

Tá an tAthrú Aeráide go mór i mbéal an phobail agus tá sé ag croílár Pharlaimint na hEorpa. Leagtar béim sa tuarascáil sin ar an tábhacht a bhaineann le haistrithe carbóin chun spriocanna glan-nialasacha domhanda a bhaint amach agus leagtar béim inti ar an ngá atá le creatáil deimhniúcháin láidre chun a áirithiú go n-úsáidfear aistrithe carbóin go héifeachtach agus go freagrach.

Ar an gcéad dul síos, beidh an sainmhíniú ar aistriú carbóin sa Chreat Deimhniúcháin maidir le hAistrithe Carbóin comhsheasmhach le caighdeáin idirnáisiúnta agus eolaíoch chun comhoiriúnacht a áirithiú, go háirithe le sainmhíniú IPCC.

Is dúshlán é an t-athrú aeráide lena n-éilítear cur chuige ilghnéitheach. Cé gurb é laghdú ar astaíochtaí an phríomhthosaíocht atá againn i gcónaí, is léir, agus aithnítear go hidirnáisiúnta, go mbeidh orainn straitéisí eile a úsáid freisin amhail aistriú carbóin chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach. Is féidir le haistriú carbóin a bheith éifeachtach maidir le dé-ocsaíd charbóin ón atmaisféar a ghabháil agus a stóráil, lena maolaítear tionchar na n-astaíochtaí iarmharacha a bhfuil sé deacair srian a chur orthu.

Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaimid faoi úsáid aistrithe carbóin go dáiríre agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa deimhniúcháin aistriú carbóin a rialáil go leormhaith chun aistrithe ar chaighdeán íseal agus glas-snasú a chosc, rud a d’fhéadfadh ar deireadh an bonn a bhaint dár n-iarrachtaí dul i ngleic leis an athrú aeráide. Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin creat láidir deimhniúcháin aistrithe carbóin a bhunú agus go bhfuil na céimeanna a glacadh sa tuarascáil seo maidir le faireachán, bailíocht, dliteanas, trédhearcacht agus an fhaisnéis atá le cur ar fáil don phobal chomh tábhachtach sin. Ní mór don Pharlaimint dul níos faide ná an Coimisiún maidir le sásraí cuí faireacháin, dul in éag agus dliteanas a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna cúlaithe agus ba cheart go mbeadh páirtí faoi dhliteanas ann tráth ar bith.

Ba cheart an creat a dhearadh chun tacú le haistrithe carbóin fadtéarmacha ardcháilíochta atá in ann aistrithe fóinteacha astaíochtaí ón atmaisféar a bhaint amach. Ag an am céanna, ba cheart go spreagfadh sé nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus i gcleachtais aistrithe carbóin, agus infheistíocht ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear san fheirmeoireacht carbóin. Sin é an fáth go bhfuil sé tábhachtach, gníomhaíochtaí a laghdaíonn scaoileadh carbóin a chur san áireamh freisin agus, ar an gcaoi sin, aistrithe carbóin a bheith mar thoradh orthu, amhail tailte portaigh a athfhlíuchadh. Ina theannta sin, chun stóráil fadtéarmach a dhreasú, beimid oscailte do stóráil carbóin bhuan lasmuigh den Aontas má ghabhtar an carbón san Aontas agus do stóráil faoi rialacha cosúil leis an Aontas. Mar shampla, aithnítear féidearthachtaí stórála geolaíochta i dtíortha amhail an Iorua agus an Íoslainn. Dá bhrí sin, maidir le carbón a aistriú san Aontas, ach a stóráiltear go geolaíoch i dtríú tír faoi na ceanglais dhlíthiúla chéanna, ba cheart é a bheith

indeimhnithe freisin.

Ceann de na gnéithe criticiúla de chreat deimhnithe rathúil aistrithe carbóin is ea an cumas idirdhealú a dhéanamh idir aistrithe ardcháilíochta agus ísealcháilíochta. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú go rannchuideoidh aistrithe carbóin go hiarbhrí le laghduithe ar astaíochtaí agus ní hamháin go gcuireann siad bealach ar fáil do chuideachtaí neodracht carbóin a mhaíomh gan astaíochtaí a laghdú go hiarbhrí. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go n-áireofaí sa chreat caighdeáin dhiana maidir le tionscadail aistrithe carbóin, lena n-áirítear aistrithe carbóin a fhíorú, agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí tionscadail san fhadtarma. Is féidir le haistrithe carbóin buana agus sealadacha araon rannchuidiú le spriocanna aeráide a bhaint amach, ach faoi choinníollacha éagsúla, ba cheart iad a bheith i bhfad níos déine le haghaidh aistrithe sealadacha carbóin, ó thaobh ceanglais faireacháin, éaga agus dliteanais de, chun muinín an phobail agus sláine aeráide a áirithiú.,

Chun cruthú maorlathas neamhriachtanach a sheachaint, oibreoidh an creat go héifeachtúil agus go héifeachtach freisin. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin an próiseas deimhniúcháin a chuíchóiriú, an t-ualach riaracháin ar fhorbróirí tionscadail a laghdú agus faisnéis atá inchomparáide go héasca agus trédhearcach a áirithiú, lena n-áirítear clárann aonair de chuid an Aontais. Ag an am céanna, ba cheart an creat a dheardh chun nuálaíocht a spreagadh agus chun gur féidir teicneolaíochtaí agus cleachtais nua aistrithe carbóin a fhorbairt ar bhealach níos éifeachtaí. Cuireann sé creat faireacháin, fíoraíthe agus tuairiscithe ar ardchaighdeán ar fáil, agus níor cheart dó teacht roimh chinntí maidir le húsáid aistrithe carbóin, a rialófar faoi na creataí dlíthiúla iomchuí. Leis an gcur chuige sin, áirithítear comhsheasmhacht, seachnaítear dúbláil rialála, agus, níos tábhachtaí fós, ceadáítear grinn-mheasúnuithe tiomnaithe maidir le húsáid aistrithe carbóin i gcomhthéacsanna éagsúla sula ndéanfar na cinntí rialála maidir leis an úsáid, go háirithe trí na hathbhreithnithe atá le déanamh i gcomhthéacs AE CTA agus LULUCF a comhaontaíodh sna hathbhreithnithe a rinneadh le déanaí ar na gníomhartha sin, sa togra maidir le hÉilimh Ghlasa a tiolacadh le déanaí, nó sna tograí maidir le sprioc aeráide do 2040 atá le teacht.

Bheadh gá freisin le creat deimhnithe rathúil maidir le haistriú carbóin a bheith suimiúil don earnáil phríobháideach. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin dreasachtaí a chruthú do chuideachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail aistrithe carbóin.

Mar fhocal scoir, tá sé ríthábhachtach creat deimhniúcháin láidir maidir le haistriú carbóin a bhunú chun ár spriocanna astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach agus ní thiocfaidh sé in ionad na laghduithe astaíochtaí GCT is gá. Le creat den sórt sin, ní mór tús áite a thabhairt do laghduithe ar astaíochtaí, tacú le haistrithe carbóin fadtéarmacha ardcháilíochta, nuálaíocht a chothú, agus infheistíocht a mhealladh ón earnáil phríobháideach. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir linn margadh trédhearcach iontaofa a chruthú le haghaidh aistrithe carbóin a thacaíonn lenár n-iarrachtaí dul i ngleic leis an athrú aeráide agus deiseanna nua infheistíochta agus nuálaíochta a chruthú ag an am céanna.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Is ar bhonn deonach a cuireadh an liosta a leanas le chéile faoi fhreagracht an Rapóirtéara amháin. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis seo a leanas nuair a bhí an dréacht-tuarascáil á hullmhú:

Eintiteas agus/nó duine
Associação Zero
ATIC
Barilla
Bellona
BioEnergy Europe
CAN Europe
Carboculture
Carbon Gap
Carbon Market Watch
Cembureau
CEPI
CEPS
Clean Air Task Force
Concito
Copa-cogeca
Corporate Europe Observatory
Drax Group
E3G
ECOS
Ecostandard
European Biochar Industry Consortium
European Confederation of Woodworking Industries
European Environmental Bureau
European Forest Owners
Fern
FoodDrink Europe
Gevo
Hydro
I4CE
ILO
Indigo
Negative Emmissions Platform
Paebbl
Permanent Representation of the Kingdom of the Netherlands to the European Union
PlasticsRecyclers Europe
Potsdam Institute
Stockholm Exergi
Swedenergy

SWP
The European Lime Association - EuLA
The Swedish Forest Industries Federation
UNDRR

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin (COM(2022)672 – C9-0399/2022 – 2022/0394(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Martin Hlaváček

RÉASÚNÚ GEARR

Tá acmhainneacht mhór ag baint le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a ghlactar ar scála níos mó trí chleachtais iomchuí bainistithe talún chun rannchuidiú le cuspóirí aeráide an Aontais chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Trí ghníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, ba cheart d'fheirmeoirí, d'úinéirí agus do bhainisteoirí foraoise a bheith in ann breisluach a thabhairt agus éifeachtaí comhcheangailte a thabhairt ní hamháin don chomhshaol, ach do sheirbhísí éiceachórais agus don bhithéagsúlacht freisin agus slándáil bia an Aontais a choinneáil ag an am céanna. Chuige sin, tá gá le scéimeanna láidre, deonacha, inchreidte agus inrochtana a fhorbairt ar leibhéal an Aontais lena dtugtar aitheantas dlíthiúil d'fheirmeoirí as a gcuid gníomhaíochtaí, go háirithe ós rud é go mealltar go leor feirmeoirí sa lá atá inniu ann chun páirt a ghlacadh in iliomad scéimeanna príobháideacha a bhfuil leibhéal éagsúla inchreidteachta acu.

Chuige sin, moltar sa dréacht creat deonach atá comhsheasmhach, tarraingteach agus inchreidte a bhunú le haghaidh deimhniú feirmeoireachta carbóin lena n-áiritheofaí go mbeadh suim ag feirmeoirí, lena dtabharfaí ráthaíochtaí maidir lenár bpríomhphrionsabail beartais talmhaíochta agus comhshaoil, lena gcuirfí teorainn leis an ualach breise riaracháin agus leis an gcostas breise. Ba cheart go n-áiritheofaí leis freisin an t-aistriú ó scéimeanna deimhniúcháin atá ann cheana go creat AE amach anseo i gcás ina gcomhlíonann siad na caighdeáin cháilíochta is gá.

Sin an fáth a mholtar sa tuarascáil sin gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin a dhíchúpláil. Is é is cúis leis sin cineál sonrach agus bunús dlí na feirmeoireachta agus mar gheall ar bhuaire dhifriúil na stórála. Trí idirdhealú a dhéanamh ar an dá ghné sin, cuirfear réitigh feirmeoireachta carbóin in oiriúint níos mó do réaltacht na talmhaíochta agus na foraoiseachta.

San fheirmeoireacht, is deacair labhairt go heisiach faoi aistrithe carbóin gan aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, go háirithe i gcás meatáin agus ocsaíd nítriúil. Dá ndíreofaí go heisiach ar aistrithe carbóin, bheadh tionchar suntasach ag feirmeoirí ar spéis leo astaíochtaí foriomlána GCT feirme a laghdú. Ní leor laghduithe ar astaíochtaí neamh-CO₂ a mheas mar chomhthairbhí amháin chun feirmeoirí a spreagadh chun iarracht níos mó a dhéanamh ar an ábhar sin. Mar thoradh air sin, chuirfeadh sé isteach ar ár n-uaimhianta d'earnáil na talmhaíochta san iomlán chun claochlú níos tapúla a dhéanamh i dtreo

inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Ní mór aghaidh a thabhairt go hoibiachtúil ar bhuaine na stórála carbóin san fheirmeoireacht. Chun measúnú a dhéanamh ar an riosca in-aisiompaitheachta, ba cheart don Choimisiún rátaí lascaine a bhunú do gach gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin maidir le buaine stórála a chomhfhogasú agus bunaithe air sin, rátaí lascaine a bhunú do gach gníomhaíocht. Chuirfeadh sé sin ar chumas na bhfeirmeoirí dul isteach ina ngníomhaíocht feirmeoireachta carbóin leis an eolas tosaigh ar bhuaine agus ar na rioscaí a bhaineann lena gcinntí agus chuirfí deireadh freisin leis an ualach agus an costas a bhaineann le faireachán agus fíorú fada.

Maidir leis an modheolaíocht deimhniúcháin, ba cheart don Choimisiún foghlaim ó na ceannródaithe ionas nach ndéanfar athrú ó bhonn, agus ag an am céanna, creat atá soiléir agus fóna ó thaobh na reachtaíochta de a leagan síos. Ba cheart do shaineolaithe agus d'fheirmeoirí a bhfuil baint acu leis na scéimeanna feirmeoireachta carbóin atá i bhfeidhm faoi láthair a bheith rannpháirteach freisin i ndrúchtú na modheolaíochtaí chun malartú dea-chleachtas agus rátaí glactha a áirithiú.

Ba cheart dúinn caighdeán praghais a shocrú freisin le haghaidh fritháireamh agus iniúchtaí carbóin. Mura bhfuil aon treoir ann maidir le caighdeáin praghsanna agus costas na n-iniúchtaí, tá baol ann go mbeidh ráta glactha íseal i measc feirmeoirí.

Chun costais riaracháin agus costais idirbheart le haghaidh scéimeanna feirmeoireachta carbóin a laghdú go suntasach, moltar sa tuarascáil go mbainfí úsáid as struchtúir riaracháin an Aontais atá ann cheana. Chuige sin, is fearr is féidir le gníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát ról an údaráis creidiúnaithe náisiúnta a ghlacadh chucu féin agus leas a bhaint as bunachar sonraí an Chórais Aitheantais Dáileachtaí Talún (LPIS) atá ann cheana chun gealltanais feirmeoireachta carbóin a chlárú agus chun an leibhéal trédhearachta is airde a bhaint amach.

Dá ndéanfaí creat deimhniúcháin feirmeoireachta carbóin de chuid an Aontais a fhorbairt ar bhonn deonach, daingean, inchreidte agus fóna ó thaobh an dlí de, réiteofaí bealach go loighciúil i dtreo laghduithe ar astaíochtaí agus aistriú carbóin araon a aithint i gcreataí ETS AE agus LULUCF atá ann cheana. Chuirfeadh sé sin le spreagadh na n-imreoirí uile sa slabhra luacha a mhéadú tuilleadh. Ina theannta sin, ionas nach gcuirfear teorainn le hindíoltacht na n-aistriú carbóin agus na laghduithe carbóin, níor cheart feirmeoirí a theorannú do laghduithe ar astaíochtaí Scóip 3 amháin.

LEASÚ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Teideal 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA
hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena mbunaítear creat deimhniúcháin de
chuid an Aontais le haghaidh aistrithe
carbóin

Leasú

Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA
hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena mbunaítear creat deimhniúcháin de
chuid an Aontais le haghaidh aistrithe
carbóin agus feirmeoireachta carbóin

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Lua 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú
an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe
Airteagal 192(1) de,

Leasú

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú
an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe
Airteagal 43(2) agus Airteagal 192(1) de,

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Is é is aidhm don Rialachán seo creat deimhniúcháin deonach de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh aistrithe carbóin, d'fhonn glacadh le haistrithe carbóin ardcháilíochta a dhreasú, agus lánurraim á tabhairt do chuspóirí na bithéagsúlachta agus do na cuspóirí maidir le truailliú nialasach. Is uirlis í chun tacú le cuspóirí an Aontais faoi Chomhaontú

Leasú

(3) Is é is aidhm don Rialachán seo creat deimhniúcháin deonach de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin, d'fhonn glacadh aistrithe carbóin ardcháilíochta agus, i gcás feirmeoireachta carbóin, laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a dhreasú, agus lánurraim á tabhairt do chuspóirí na bithéagsúlachta agus na

Pháras a bhaint amach, go háirithe an sprioc maidir le haeráidneodracht chomhchoiteann faoi 2050 a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴. Gheall an tAontas freisin astaíochtaí diúltacha a ghiniúint tar éis 2050. Is ionstraim thábhachtach í Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 25 chun aistriú carbóin in éiceachórais talún a fheabhsú, Rialachán atá á athbhreithniú faoi láthair. Is é is cuspóir don athbhreithniú sprioc glan-aistriú de chuid an Aontais de 310 Mt de choibhéis CO₂ a leagan amach faoi 2030, agus chun spriocanna faoi seach a leithdháileadh ar gach Ballstát.

gcuspóirí maidir le truailliú nialasach. Is uirlis í chun tacú le cuspóirí an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe an sprioc maidir le haeráidneodracht chomhchoiteann faoi 2050 a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴. Gheall an tAontas freisin astaíochtaí diúltacha a ghiniúint tar éis 2050. ***I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119, ba cheart tús áite a thabhairt do laghdúithe ar astaíochtaí iontaise, a chaithfeadh a chomhlánú le haistriú carbóin méadaithe chun aeráidneodracht a bhaint amach. Aithnítear i Rialachán (AE) 2021/119 go n-áirítear réitigh nádúrtha agus theicneolaíoch ar linnte carbóin.*** Ionstraim thábhachtach chun aistriú carbóin in éiceachórais talún a fheabhsú is ea Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/83925. Is é is cuspóir don athbhreithniú sprioc glan-aistriú de chuid an Aontais de 310 Mt de choibhéis CO₂ a leagan amach faoi 2030, agus chun spriocanna faoi seach a leithdháileadh ar gach Ballstát. ***Ba cheart raon feidhme gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin ar thalamh faoin Rialachán seo a bheith comhsheasmhach le raon feidhme Rialachán (AE) 2018/841, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/839, agus le raon feidhme an tuairiscithe faoin Rialachán sin sna fardail náisiúnta ghás ceaptha teasa agus freisin le tuairisciú faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999. I ndáil leis an méid sin, ba cheart breathnú freisin san athbhreithniú atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2023/839 ar conas na haistriú carbóin a bhaintear amach trí fheirmeoireacht carbóin a ionchorprú i spriocanna an Aontais agus i spriocanna náisiúnta. Ina theannta sin, i gcás laghdú astaíochtaí GCT, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar conas iad siúd a chur san áireamh sa Chóras Trádála Astaíochtaí (ETS). Go dtí go dtiocfaidh***

rialacha uile-Aontais i bhfeidhm maidir le maímh ghlasa, tá úsáid aonad deimhniúche teoranta d'éilimh aeráide ar leibhéal na gcuideachtaí. Tá an méid sin teoranta tuilleadh ar bhealach nach gcuirfidh sé bac ná laghdú ar bhaint amach spriocanna laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa na cuideachta.

²⁴ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

²⁵ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

²⁴ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

²⁵ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Tacóidh creat deimhniúcháin an Aontais le forbairt gníomhaíochtaí aistriú carbóin san Aontas a mbeidh glantairbhe aistriú carbóin gan débhrí mar thoradh orthu, agus ag an am céanna seachnófar glas-snasú. I gcás feirmeoireacht carbóin, ba cheart do chreat deimhniúcháin den sórt sin glacadh gníomhaíochtaí aistriú carbóin a spreagadh freisin lena ngintear comhthairbhí don bhithéagsúlacht, agus dá bhrí sin na spriocanna athbhunaithe dúlra a leagtar amach i nDlí an Aontais maidir le

Leasú

(4) Tacóidh creat deimhniúcháin an Aontais le forbairt gníomhaíochtaí aistriú carbóin san Aontas a mbeidh glantairbhe aistriú carbóin gan débhrí mar thoradh orthu, agus ag an am céanna seachnófar glas-snasú. I gcás feirmeoireachta carbóin, ba cheart go spreagfadh creat deimhniúcháin den sórt sin laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa mar aon le haistriú carbóin a bhaint amach, ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an dá cheann sin ina dtimthriallta nádúrtha. Chun

hathbhunú an dúlra a bhaint amach. Beidh ról lárnach ag creat deimhniúcháin an Aontais chun cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide a leagtar amach i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais a bhaint amach.

astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, beidh gá lena modheolaíocht féin chun cuntasáíocht agus deimhniú a dhéanamh, in éineacht le haistrithe carbóin. Beidh ról lárnach ag creat deimhniúcháin an Aontais chun cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide a leagtar amach i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais a bhaint amach. Tógann creat deimhniúcháin dheonaigh an Aontais ar an obair phoiblí agus phríobháideach atá ar siúl i gcónaí maidir le haistrithe carbóin a dheimhniú agus cuireann sé leis an obair sin.

Leasú 5
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) Chun tacú le hoibreoírí atá toilteanach iarrachtaí breise a dhéanamh chun aistrithe carbóin a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe, ba cheart do chreat deimhniúcháin an Aontais na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, a sonraíochtaí agus a dtionchair ghaolmhara ar an gcomhshaol a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhínte soiléire a sholáthar sa Rialachán seo maidir le haistriú carbóin, gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, agus gnéithe eile de chreat deimhniúcháin an Aontais.

Leasú

(5) Chun tacú le hoibreoírí atá toilteanach iarrachtaí breise a dhéanamh chun aistrithe carbóin a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe, ba cheart a chur san áireamh i gcreat deimhniúcháin an Aontais na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin, na sainiúlachtaí a bhaineann leo agus na tionchair ghaolmhara ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhínte soiléire a sholáthar sa Rialachán seo ar aistriú carbóin, feirmeoireacht carbóin, stóráil feirmeoireachta carbóin, laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, aistriú carbóin agus gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, agus gnéithe eile de chreat deimhniúcháin an Aontais agus raon leathan féidearthachtaí maoiniúcháin a shonrú, idir príobháideach agus phoiblí.

Leasú 6
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

(5 a) Maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin go sonrach, ba cheart don rialachán luach a chur ar na haistrithe carbóin agus ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa arna nginiúint ag tionscadail mhaolaithe, ar choinníoll nach bhfuil na tionscadail sin faoi réir cur i bhfeidhm an phrionsabail cheangailtigh gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as ar an leibhéal Eorpach. Is é an aidhm atá ann tacaíocht leathan a áirithiú don chreat deimhniúcháin i measc bainisteoirí talún, agus ag an am céanna féachaint leis na spriocanna uaillmhianacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú do 2030 a bhaint amach, ar spriocanna tosaíochta iad i gcónaí.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6) Ba cheart don Rialachán seo na ceanglais faoinar cheart aistrithe carbóin a bheith incháilithe do dheimhniú faoi chreat deimhniúcháin an Aontais a leagan amach. Chuige sin, ba cheart aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach cruinn láidir; agus níor cheart iad a ghiniúint ach amháin trí ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin lena ngintear glantairbhe aistrithe carbóin, ar gníomhaíochtaí breise iad, arb é is aidhm dóibh stóráil fhadtéarmach carbóin a áirithiú, agus a bhfuil tionchar neodrach nó comhthairbheach acu ar chuspóirí inbhuanaitheachta. Thairis sin, ba cheart aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách tríú páirtí chun inchreidteacht agus iontaofacht an phróisis deimhniúcháin a áirithiú. Tá rialacha sainordaitheacha an Aontais maidir le praghsáil carbóin a bunaíodh trí Threoir

(6) Ba cheart go leagfaí amach sa Rialachán seo na ceanglais faoinar cheart aistrithe carbóin agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh de raon feidhme na feirmeoireachta carbóin a bheith incháilithe do dheimhniúcháin faoi chreat deimhniúcháin an Aontais. Chuige sin, ba cheart aistrithe carbóin agus astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi fheirmeoireacht carbóin a chainníochtú ar bhealach cruinn agus láidir agus a leibhéal neamhchinnteachta á chur san áireamh chun teorainn a chur leis an riosca go ndéanfaí rómheastachán ar chainníocht an CO₂ a bhaintear as an atmaisféar; agus níor cheart iad a ghiniúint ach amháin trí ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin a ghineann glansochar aistrithe carbóin, ar gníomhaíochtaí breise iad, a bhfuil sé mar aidhm leo stóráil fhadtéarmach carbóin a áirithiú, nó, i gcás

2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ i bhfeidhm lena rialaítear láimhseáil astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do Threoir 2003/87/CE, ach amháin i ndáil le deimhniú aistrithe astaíochtaí ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

feirmeoireachta carbóin, ar gníomhaíochtaí sealadacha iad, agus ba cheart tionchar neodrach nó comhthairbhe a bheith acu ar chuspóirí inbhuanaitheachta. *Maidir leis na haistrithe carbóin agus na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaintear amach trí fheirmeoireacht charbóin, ba cheart iad sin a chainníochtú freisin ar bhealach cruinn agus láidir, le faisnéis arna soláthar trí bhunachar sonraí an Chórais Aitheantais Dáileachtaí Talún (LPIS); ba cheart dóibh a bheith sa bhreis freisin agus comhthairbhí a chruthú.* Ina theannta sin, ba cheart aistrithe carbóin agus gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách tríú páirtí chun inchreidteacht agus iontaofacht an phróisis deimhniúcháin a áirithiú. Tá rialacha sainordaitheacha an Aontais maidir le praghsáil carbóin a bunaíodh trí Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ i bhfeidhm lena rialaítear láimhseáil astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do Threoir 2003/87/CE, ach amháin i ndáil le deimhniú aistrithe astaíochtaí ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

²⁶ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

²⁶ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6 a (nua)

(6 a) Ba cheart go gcloífeadh táirgeadh bithghualach le dianchritéir inbhuanaitheachta, amhail na cinn a leagtar amach sa Deimhniú Eorpach Bithghualach agus ní mór measúnú tionchair saolré agus ionchuir a sholáthraíonn tríú páirtí a chur san áireamh. Maidir lena gcur i bhfeidhm in ithreacha, leagtar síos tairseacha chun úsáid shábháilte agus stóráil shábháilte a ráthú i rialachán an Aontais maidir le táirgí leasacháin. Tá tairseacha d'fheidhmeanna eile e.g. an úsáid in ábhair, leagtha síos laistigh den Deimhniú Eorpach Bithghualach.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7

(7) Ba cheart go mbeadh glantairbhe aistrithe carbóin mar thoradh ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin lena léireofaí go mbeadh tionchar dearfach aige ar an aeráid. Ba cheart an glantairbhe aistrithe carbóin a ríomh trí úsáid a bhaint as dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, ba cheart d'oibreoírí méid na n-aistrithe carbóin breise atá á nginiúint ag gníomhaíocht aistrithe carbóin a chainníochtú i gcomparáid le bonnlíne. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhonnlíne chaighdeánaithe lena léirítear gnáthfheidhmíocht gníomhaíochtaí inchomparáide i gcúinsí comhchosúla sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha agus tús áite a thabhairt so shuíomhanna geografacha ós rud é go n-áirithítear oibiachtúlacht léi, go n-íoslaghdaítear comhlíonadh agus costais riaracháin, agus go n-aithnítear go dearfach gníomhaíocht ceannródaithe a bhí páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin. I gcomhthéacs na

(7) Ba cheart go mbeadh glantairbhe carbóin mar thoradh ar aistriú deimhnithe carbóin, agus ar ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin, rud a léiríonn go mbíonn tionchar dearfach aige ar an aeráid. Ba cheart an glantairbhe aistrithe carbóin a ríomh trí úsáid a bhaint as dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, ba cheart d'oibreoírí méid na n-aistrithe breise carbóin atá ginte ag gníomhaíocht aistrithe carbóin a chainníochtú i gcomparáid le bonnlíne. Ina theannta sin, i gcás feirmeoireachta carbóin, ba cheart d'oibreoírí na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a shocraítear i gcoinne na bonnlíne a chainníochtú freisin. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhonnlíne chaighdeánaithe lena léirítear gnáthfheidhmíocht gníomhaíochtaí inchomparáide i gcúinsí comhchosúla sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha agus tús áite a thabhairt so shuíomhanna geografacha ós rud é go n-áirithítear oibiachtúlacht léi, go n-íoslaghdaítear

feirmeoireachta carbóin, ba cheart úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografáí, cianbhraiteacht, intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, agus léarscáileanna leictreonacha a chur chun cinn chun na costais a bhaineann le bonnlínte a bhunú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin a laghdú. Mar sin féin, i gcás nach féidir bonnlíne chaighdeánaithe den sórt sin a shocrú, is féidir bonnlíne a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a úsáid atá bunaithe ar fheidhmíocht aonair an oibreora. Chun na forbairtí sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha a léiriú agus chun uailmhian a spreagadh le himeacht ama i gcomhréir le Comhaontú Pháras, ba cheart na bonnlínte a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

comhlíonadh agus costais riaracháin, agus go n-aithnítear go dearfach gníomhaíocht ceannródaíthe a bhí páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin. I gcomhthéacs na feirmeoireachta carbóin, ba cheart úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ar fáil, lena n-áirítear bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografáí, cianbhraiteacht, córais chainníochtaithe carbóin nua in-réimse, intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, agus léarscáileanna leictreonacha a chur chun cinn chun laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le bonnlínte a bhunú agus le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin. Mar sin féin, i gcás nach féidir bonnlíne chaighdeánaithe den sórt sin a shocrú, is féidir bonnlíne a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a úsáid atá bunaithe ar fheidhmíocht aonair an oibreora. ***Ba cheart go mbeadh éilimh ard ar chosaint sonraí, ós rud é go bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith i gcuid mhaith de na sonraí a bhailítear.*** Chun na forbairtí sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha a léiriú agus chun uailmhian a spreagadh le himeacht ama i gcomhréir le Comhaontú Pháras, ba cheart na bonnlínte a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus an t-ualach riaracháin a choinneáil inláimhsithe, go háirithe i gcás oibreoirí aonair.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) Sa dara céim chun glantairbhe aistrithe carbóin a chainníochtú, ba cheart aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le cur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin a dhealú. Ar na hastaíochtaí ábhartha gás ceaptha teasa ba cheart a chur san áireamh, áirítear astaíochtaí díreacha, amhail na hastaíochtaí

Leasú

(8) Sa dara céim chun glantairbhe aistrithe carbóin a chainníochtú, ba cheart aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le cur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin a dhealú. Ar na hastaíochtaí ábhartha gás ceaptha teasa ba cheart a chur san áireamh, áirítear astaíochtaí díreacha, amhail na hastaíochtaí

sin a eascraíonn as níos mó leasachán, breosla nó fuinnimh a úsáid, nó astaíochtaí indíreacha, amhail na hastaíochtaí sin a eascraíonn as athrú ar thalamhúsáid, le rioscaí iarmhartacha do shlándáil an tsoláthair bia mar thoradh ar shuaitheadh táirgthe talmhaíochta. ***Níor cheart laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin a chur san áireamh chun an glantairbhe aistrithe carbóin a chainníochtú, ach ba cheart é a mheas mar chomhthairbhe i dtreo chuspóir inbhuanaitheachta an mhaolaithe ar an athrú aeráide;*** trí thuairisciú a dhéanamh ar na deimhnithe, is féidir le laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (amhail comhthairbhí inbhuanaitheachta eile) luach na n-aistrithe carbóin deimhnithe a mhéadú.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) Déanann gníomhaíocht aistrithe carbóin glantairbhe aistrithe carbóin a sholáthar nuair is mó na haistrithe carbóin os cionn na bonnlíne ná aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar gheall ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin. Mar shampla, i gcás gníomhaíochtaí lena soláthraítear stóráil bhuan carbóin trí charbón a instealladh faoi thalamh, ba cheart gur mhó an méid carbóin a stóráiltear go buan ná na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh ón bpróiseas tionsclaíoch. I gcás feirmeoireacht carbóin, ba cheart gur mhó an carbón a ghabhtar le gníomhaíocht foraoisithe nó an carbón a choinnítear sa talamh le gníomhaíocht athfhliuchta talún portaigh ná na hastaíochtaí ón innealra a úsáidtear chun an gníomhaíocht aistrithe carbóin a dhéanamh nó na hastaíochtaí indíreacha maidir le hathrú ar an

sin a eascraíonn as níos mó leasachán, breosla nó fuinnimh a úsáid, nó astaíochtaí indíreacha, amhail na hastaíochtaí sin a eascraíonn as athrú ar thalamhúsáid, le rioscaí iarmhartacha do shlándáil an tsoláthair bia mar thoradh ar shuaitheadh táirgthe talmhaíochta. Is féidir le tuairisciú comhthairbhí ar dheimhnithe cur le luach na préimhe feirmeoireachta carbóin. Maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, cuirfear an laghdú ar astaíochtaí GCT san áireamh ar mhaithe le glantairbhe feirmeoireachta carbóin na gníomhaíochta.

Leasú

(9) Déanann gníomhaíocht aistrithe carbóin glantairbhe aistrithe carbóin a sholáthar nuair is mó na haistrithe carbóin os cionn na bonnlíne ná aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar gheall ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin. Mar shampla, i gcás gníomhaíochtaí lena soláthraítear stóráil bhuan carbóin trí charbón a instealladh faoi thalamh, ba cheart gur mhó an méid carbóin a stóráiltear go buan ná na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh ón bpróiseas tionsclaíoch. I gcás feirmeoireachta carbóin, ba cheart go mbeadh glantairbhe aistrithe na feirmeoireachta carbóin a bhaineann leis an carbón a ghabhtar le gníomhaíocht foraoisithe, nó leis an carbón a choinnítear sa talamh ag gníomhaíocht athfhliuchta talún móna dearfach, agus ba cheart go mbeadh sé níos tábhachtaí ná na

talamhúsáid ar féidir gurb é sceitheadh carbóin is cúis leo.

hastáíochtaí ón innealra a úsáidtear chun an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a dhéanamh, nó ó na hastáíochtaí indíreacha ón athrú ar thalamhúsáid ar féidir sceitheadh carbóin a bheith mar thoradh orthu. ***Ba cheart d'fheirmeoirí, d'úinéirí foraoise agus do bhainisteoirí a ndícheall a dhéanamh laghdúithe ar astaíochtaí GCT a bhaint amach, a dhéanfar a chainníochtú agus a chur san áireamh mar chuid den ghlantairbhe feirmeoireachta carbóin.***

Leasú 12 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 10**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Ba cheart aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach ábhartha cruinn iomlán comhsheasmhach inchomparáide. Ba cheart éiginnteachtaí sa chainníochtú a thuairisciú go cuí agus a chur san áireamh chun teorainn a chur leis an riosca go ndéanfaí rómheastachán ar chainníocht na dé-ocsaíde carbóin a aistrítear ón atmaisféar. Ba cheart aistrithe carbóin arna nginiúint ag feirmeoireacht carbóin a chainníochtú le hardleibhéal cruinnis chun an caighdeán is airde a áirithiú agus chun éiginnteachtaí a íoslaghdú. Thairis sin, chun sineirgí idir cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a dhreasú, is gá faireachán feabhsaithe a dhéanamh ar thalamh, agus ar an gcaoi sin cuidiú le hathléimneacht aistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Ní mór na cineálacha cur chuige sin a léiriú go dlúth san fhaireachán agus sa tuairisciú ar astaíochtaí agus aistrithe ar shatailít agus ar an láthair, agus an úsáid is fearr a bhaint as ardteicneolaíochtaí atá ar fáil faoi chláir an Aontais, amhail Copernicus, agus an leas iomlán a bhaint as uirlisí atá ann cheana, agus comhsheasmhacht leis na fardail

Leasú

(10) Ba cheart aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach ábhartha, cruinn, iomlán, comhsheasmhach agus inchomparáide agus dea-shainithe. Ba cheart éiginnteachtaí sa chainníochtú a thuairisciú go cuí agus a chur san áireamh chun teorainn a chur leis an riosca go ndéanfaí rómheastachán ar chainníocht na dé-ocsaíde carbóin a aistrítear ón atmaisféar. Ba cheart aistrithe carbóin agus laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa arna nginiúint ag feirmeoireacht charbóin a chainníochtú le hardleibhéal cruinnis agus trédhearcachta, i gcomhréir le critéir bhailíochtaithe agus chomhsheasmhacha chun an cháilíocht is airde a áirithiú agus chun éiginnteachtaí a íoslaghdú. Thairis sin, chun sineirgí idir cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a dhreasú, tá gá le faireachán feabhsaithe ar thalamh, agus ar an gcaoi sin cuidiú le hathléimneacht na n-aistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Ní mór na cineálacha cur chuige sin a léiriú go dlúth san fhaireachán agus sa tuairisciú ar astaíochtaí agus aistrithe ar shatailít agus ar an láthair, agus an úsáid is fearr a bhaint as ardteicneolaíochtaí atá ar fáil faoi chláir an Aontais, amhail

náisiúnta de gháis ceaptha teasa a áirithiú.

Copernicus, agus an leas iomlán a bhaint as uirlisí atá ann cheana, agus comhsheasmhacht leis na fardail náisiúnta de gháis ceaptha teasa a áirithiú.

Leasú 13
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(11) Chun a áirithiú go gcuirfidh creat deimhniúcháin an Aontais dreasachtaí i dtreo aistrithe carbóin a théann thar an ngnáthchleachtas, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith ina ngníomhaíochtaí breise. Dá bhrí sin, ba cheart do na gníomhaíochtaí sin dul thar na ceanglais reachtúla, is é sin, ba cheart d'oibreoirí gníomhaíochtaí a dhéanamh nach bhfuil á bhforchur orthu cheana féin leis an dlí is infheidhme. Thairis sin, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dhéanamh de bharr na héifeachta dreasachta a chuirtear ar fáil leis an deimhniú. Is ann d'éifeacht den sórt sin nuair a athraíonn an dreasacht a chruthaítear leis na hioncaim fhéideartha, mar thoradh ar an deimhniú, iompar na n-oibreoirí ar bhealach ina nglacann siad páirt sa ghníomhaíocht bhreise aistrithe carbóin chun aistrithe carbóin breise a bhaint amach.

Leasú 14
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Ba cheart do bhonnlíne chaighdeánaithe na coinníollacha reachtúla

Leasú

(11) Chun a áirithiú go ndéanfaidh creat deimhniúcháin an Aontais dreasachtaí a threorú i dtreo aistrithe carbóin agus laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a théann níos faide ná an gnáthchleachtas, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin bheith ina ngníomhaíochtaí breise. Dá bhrí sin, ba cheart do na gníomhaíochtaí sin dul thar na ceanglais reachtúla, is é sin, ba cheart d'oibreoirí gníomhaíochtaí a dhéanamh nach bhfuil á bhforchur orthu cheana féin leis an dlí is infheidhme. Thairis sin, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin a dhéanamh mar gheall ar an éifeacht dreasachta a chuirtear ar fáil leis an deimhniú agus ba cheart go gceadófaí d'oibreoirí cleachtas a ghlacadh chun ioncam breise a ghiniúint ar bhonn deonach. Is ann d'éifeacht den sórt sin nuair a athraíonn an dreasacht a chruthaítear leis na hioncaim fhéideartha, mar thoradh ar an deimhniú, iompar na n-oibreoirí ar bhealach ina nglacann siad páirt sa ghníomhaíocht bhreise aistrithe carbóin chun aistrithe carbóin breise a bhaint amach.

(12) Ba cheart go léireodh bunlíne chaighdeánaithe na dálaí reachtúla agus

agus margaidh ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a léiriú. Má fhorchuirtear gníomhaíocht aistrithe carbóin ar oibreoirí leis an dlí is infheidhme, nó mura gá aon dreasacht a dhéanamh leis, léireofar feidhmíocht na gníomhaíochta sin sa bhonnlíne. Ar an gcúis sin, ba cheart a thiomhdiú gur gníomhaíocht bhreise í gníomhaíocht aistrithe carbóin a ghineann aistrithe carbóin os cionn bonnlíne den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart d'úsáid bonnlíne caighdeánaithe léiriú breisíochta d'oibreoirí a shimpliú. Dá bhrí sin, ba cheart go laghdófaí an t-ualach riaracháin maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcás bainisteoirí talún ar mhionscála.

margaidh ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht aistrithe carbóin nó feirmeoireachta carbóin. Má fhorchuirtear gníomhaíocht aistrithe carbóin ar oibreoirí leis an dlí is infheidhme, nó mura gá aon dreasachtaí a dhéanamh, léireofar feidhmíocht na gníomhaíochta sin sa bhonnlíne. I gcás feirmeoireachta carbóin in ithreacha mianraí arúla, is féidir an bhunlíne chaighdeánaithe a mheas mar bhonnlíne sheasta, ós rud é go bhfuil na rátaí reatha bainte carbóin in ithreacha mianraí san Aontas Eorpach ar an meán gar do nialas. Ar an gcúis sin, ba cheart a thiomhdiú gur gníomhaíocht bhreise í gníomhaíocht aistrithe carbóin a ghineann aistrithe carbóin os cionn bonnlíne den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart d'úsáid bonnlíne caighdeánaithe léiriú breisíochta d'oibreoirí a shimpliú. Dá bhrí sin, ba cheart go laghdófaí an t-ualach riaracháin maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcás bainisteoirí talún ar mhionscála.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(13) Carbón atmaisféarach agus bithghineach a ghabhtar agus a stóráiltear trí ghníomhaíocht aistrithe carbóin, tá riosca ann go scaoiltear ar ais san atmaisféar é (e.g. cúlú) mar gheall ar theagmhais nádúrtha nó antrapaigineacha. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí gach beart coisctheach ábhartha a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú agus ba cheart dóibh faireachán cuí a dhéanamh go leanfar de charbón a stóráil le linn na tréimhse faireacháin a leagtar síos don ghníomhaíocht aistrithe carbóin ábhartha. Ba cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe a bheith ag brath ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an stóráil agus na rioscaí éagsúla cúlaithe a bhaineann leis an

Leasú

(13) Carbón atmaisféarach agus bithghineach a ghabhtar agus a stóráiltear trí ghníomhaíocht aistrithe carbóin, tá riosca ann go scaoiltear ar ais san atmaisféar é (e.g. cúlú) mar gheall ar theagmhais nádúrtha nó antrapaigineacha. Tá éagsúlacht idir na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistrithe carbóin ó thaobh an phróisis aistrithe, an mheáin stórála agus amscálaí na stórála, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó na deicéanna de bhlianta go dtí na céadta bliain i gcás feirmeoireachta carbóin nó stórála carbóin i dtáirgí áirithe, go stóráil bhuan. ***Ar an gcúis sin, ba cheart rialacha éagsúla a leagan amach le haghaidh na gcineálacha sin gníomhaíochtaí. Is féidir***

ngníomhaíocht aistrithe carbóin ar leith. Le gníomhaíochtaí ina stóráiltear carbón i bhfoirmíochtaí geolaíocha, soláthraítear go leor cinnteachtaí maidir le fad an-fhadtéarmach na gcéadta bliain don charbón stóráilte agus is féidir a mheas go soláthraítear stóráil bhuan carbóin leo. Tá feirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí níos neamhchosanta ar an riosca go scaoilfear carbón san atmaisféar go deonach nó go neamhdheonach. Chun an riosca sin a chur san áireamh, ba cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe arna nginiúint ag feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a bheith faoi réir dáta éaga a chomhoirfidh le deireadh na tréimhse faireacháin ábhartha. Ina dhiaidh sin, ba cheart glacadh leis go bhfuil an carbón á scaoileadh san atmaisféar, ach amháin má chruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch cothabháil na stórála carbóin trí ghníomhaíochtaí faireacháin gan bhriseadh.

le haistrithe carbóin buana agus sealadacha araon rannchuidiú le spriocanna aeráide a bhaint amach, ach faoi dhálaí éagsúla. Ba cheart oibreoirí a spreagadh chun gach beart coisctheach ábhartha a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú agus faireachán cuí a dhéanamh go leanfar de charbón a stóráil le linn na tréimhse faireacháin a leagtar síos don ghníomhaíocht ábhartha aistrithe carbóin. Ba cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe a bheith ag brath ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an stóráil agus na rioscaí éagsúla cúlaithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin ar leith. I measc féidearthachtaí eile, tugann gníomhaíochtaí ina stóráiltear carbón i bhfoirmíochtaí geolaíocha go leor cinnteachtaí ar fhad an-fhadtéarmach na gcéadta bliain don charbón stóráilte agus is féidir a mheas go soláthraítear stóráil bhuan carbóin leo. Tá feirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí níos neamhchosanta ar an riosca go scaoilfear carbón san atmaisféar go deonach nó go neamhdheonach. Chun an riosca sin a chur san áireamh, níor cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe arna nginiúint ag feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a bheith faoi réir dáta éaga ach ba cheart í a shainiú tuilleadh in aghaidh na gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin sa mhodheolaíocht deimhniúcháin. Ba cheart an riosca in-aisiompaitheachta stórála carbóin a chur san áireamh i ráta faoin gcéad na n-aonad atá le cur i linn arna bhainistiú ag an scéim deimhniúcháin, mar a leagtar amach in aghaidh na gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin sa ghníomh tarmhligthe. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé de rogha ag bainisteoirí punainne um aistriú carbóin sásra dliteanais comhréireach a bheith acu a dhéanann faireachán ar fheidhmíocht fad saoil ar fud na punainne, mar shampla trí mheascán de theicneolaíochtaí cianbhraiteacha agus samplála in situ. Níor cheart feirmeoirí a dhíspreagadh dul i mbun gníomhaíochtaí feirmeoireachta

carbóin ina stóráiltear carbón ar bhonn sealadach, toisc gur féidir leis na gníomhaíochtaí sin méideanna suntasacha carbóin a leithlisiú sa ghearrthéarma. *Is féidir aghaidh a thabhairt ar riosca inaisathraitheachta na stórála sealadaí carbóin sin trí uirlisí amhail cistí frithpháirteacha, córais árachais nó lacáiste.*

Leasú 16
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(14) Anuas ar na bearta a dhéantar chun an riosca maidir le scaoileadh carbóin san atmaisféar a íoslaghdú le linn na tréimhse faireacháin, ba cheart sásraí iomchuí dliteanais a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna cúlaithe. D'fhéadfaí a áireamh sna sásraí sin e.g. lascainiú ar aonaid aistrithe carbóin, maoláin chomhchoiteanna nó cuntais ar aonaid aistrithe carbóin, agus sásraí árachais tosaigh. Ós rud é go bhfuil sásraí dliteanais i ndáil le stóráil gheolaíoch agus sceitheadh CO₂, agus bearta ceartaitheacha ábhartha leagtha síos cheana le Treoir 2003/87/CE agus Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷, ba cheart feidhm a bheith ag na sásraí dliteanais sin chun rialáil dhúbailte a sheachaint.

²⁷ Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón

Leasú

(14) Chomh maith leis na bearta a ghlactar chun an riosca maidir le scaoileadh carbóin isteach san atmaisféar le linn na tréimhse faireacháin a íoslaghdú, ba cheart sásraí iomchuí dliteanais a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna cúlaithe, agus teagmhais adhaimsire agus force majeure a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do stóráil carbóin ar an talamh á gcur san áireamh. D'fhéadfaí a áireamh sna sásraí sin e.g. aonaid aistrithe carbóin nó aonaid aistrithe feirmeoireachta carbóin a lascainiú, cistí frithpháirteacha, maoláin chomhchoiteanna nó cuntais ar aonaid aistrithe carbóin nó aonaid aistrithe feirmeoireachta carbóin, agus sásraí árachais tosaigh. Ós rud é go bhfuil sásraí dliteanais i ndáil le stóráil gheolaíoch agus sceitheadh CO₂, agus bearta ceartaitheacha ábhartha leagtha síos cheana le Treoir 2003/87/CE agus Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷, ba cheart feidhm a bheith ag na sásraí dliteanais sin chun rialáil dhúbailte a sheachaint.

²⁷ Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón

gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

Leasú 17
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) Tá acmhainneacht láidir ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin chun réitigh ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht a sholáthar, fiú mura féidir comhbhabhtálacha a chur as an áireamh. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais íosta inbhuanaitheachta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh tionchar neodrach ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin nó go gcruthófar comhthairbhí leo i dtaca leis na cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, cosaint agus athbhunú bithéagsúlachta agus éiceachóras, úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus cosc agus rialú ar thruailliú. Ba cheart do na ceanglais inbhuanaitheachta sin, de réir mar is iomchuí, agus coinníollacha áitiúla á gcur san áireamh, cur leis na critéir scagtha theicniúla maidir le ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ maidir le gníomhaíochtaí foraoiseachta agus stóráil bhuan gheolaíoch CO2 faoi thalamh, a leagtar síos i Rialachán Tarmiligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún, agus maidir leis na critéir inbhuanaitheachta maidir le hamhábhhar bithmhaise foraoise agus talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Níor cheart cleachtais amhail monashaothrú foraoise a mbíonn éifeachtaí díobhálacha acu ar an mbithéagsúlacht a bheith incháilithe do

Leasú

(15) Tá acmhainneacht láidir ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin chun réitigh ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht a sholáthar, fiú mura féidir comhbhabhtálacha a chur as an áireamh. Dá bhrí sin, is iomchuí íoscheanglais inbhuanaitheachta comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh tionchar neodrach ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin nó go ngineann siad comhthairbhí maidir leis na cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, úsáid agus cosaint inbhuanaithe uisce agus acmhainní muirí, cáilíocht na hithreach a chosaint agus creimeadh a chosc, táirgiúlacht talmhaíochta, cáilíocht táirgí, luach saothair cothrom d'oibreoirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach bithbhunaithe, agus cosc agus rialú ar thruailliú. ***Níor cheart cumas táirgthe gabháltas talmhaíochta agus foraoiseachta a chur i mbaol le cur chun feidhme an Rialacháin seo ach, ag an am céanna, ba cheart deiseanna nua eacnamaíochta a chur ar fáil d'fheirmeoirí.*** Dá bhrí sin, ba cheart tionchar neodrach a bheith ag an bhfeirmeoireacht charbóin ar shlándáil an tsoláthair bia, ar tháirgeadh bia, ar infhaighteacht agus ar sholáthar bia san Aontas nó sna tríú tíortha. Ba cheart na

dheimhniú.

ceanglais inbhuanaitheachta sin, de réir mar is iomchuí, agus coinníollacha áitiúla á gcur san áireamh, **a bheith comhsheasmhach** leis na critéir scagtha theicniúla maidir le Gan dochar suntasach a dhéanamh maidir le stóráil bhuan gheolaíoch CO₂ faoi thalamh, a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/213928 ón gCoimisiún²⁸. Ba cheart go nginfadh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin comhthairbhí dearfacha do chleachtas breise amháin ar a laghad a leagtar amach, amhail cáilíocht an uisce a chosc agus a fheabhsú, cáilíocht na hithreach a chosaint agus creimeadh a chosc, táirgiúlacht talmhaíochta, cáilíocht táirgí, luach saothair cothrom d'oibreoirí, cosaint na bithéagsúlachta agus eile.

²⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

²⁹ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(16) *Cuireann* cleachtais feirmeoireachta a bhaineann CO2 *as an atmaisféar le cuspóir na haeráidneodrachta* agus ba cheart iad a chúiteamh, *tríd an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) nó* trí thionscnaimh phoiblí nó phríobháideacha *eile*. Go *sonrach*, ba cheart *cleachtais* feirmeoireachta *dá dtagraítear sa Teachtaireacht maidir le Timthrialta Carbóin Inbhuanaithe³⁰ a chur san áireamh sa Rialachán seo*.

(16) *Le* cleachtais feirmeoireachta a bhaineann CO2 *ón atmaisféar nó a laghdaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear, rannchuidítear leis an gcuspóir aeráidneodrachta* agus *soláthraíonn siad comhthairbhí dearfacha d'éiceachórais, don bhithéagsúlacht agus d'oiriúnú don athrú aeráide* agus ba cheart iad a chúiteamh, trí thionscnaimh phoiblí nó phríobháideacha, *amhail maoiniú príobháideach inbhuanaithe, margáí carbóin deonacha agus éilimh táirgí nó iad a mhargú sa chóras lamháltas astaíochtaí*. *Chun a áirithiú go gcuirfidh creidmheasanna feirmeoireachta carbóin sruth ioncaim breise ar fáil d'fheirmeoirí*, ba cheart *luach na gcreidmheasanna a mhaoiniú ó lasmuigh den Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT), agus féadfaidh CBT bunú na gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin a chumhdach*.

³⁰ *Teachtairacht ón gCoimisiún, Timthrialta Carbóin Inbhuanaithe, COM (2022) 800*.

Leasú 19 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 17**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(17) Féadfaidh oibreoirí nó *grúpa* oibreoirí comhthairbhí a thuairisciú a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta thar na *ceanglais íosta* inbhuanaitheachta. Chuige sin, ba cheart dá dtuairisciú na modheolaíochtaí deimhniúcháin atá curtha in oiriúint do na gníomhaíochtaí aistrithe carbóin éagsúla, arna bhforbairt ag an gCoimisiún, a chomhlíonadh. Ba cheart do mhodheolaíochtaí deimhniúcháin, a mhéid is féidir, giniúint comhthairbhí don bhithéagsúlacht a dhreasú thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta. Leis na

Leasú

(17) Féadfaidh oibreoirí nó *grúpaí* oibreoirí comhthairbhí *sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha* a thuairisciú a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta thar na *híoscheanglais* inbhuanaitheachta. Chuige sin, ba cheart dá dtuairisciú na modheolaíochtaí deimhniúcháin atá curtha in oiriúint do na gníomhaíochtaí aistrithe carbóin éagsúla, arna bhforbairt ag an gCoimisiún, a chomhlíonadh. Ba cheart do mhodheolaíochtaí deimhniúcháin, a mhéid is féidir, giniúint comhthairbhí don bhithéagsúlacht a dhreasú thar na ceanglais

comhthairbhí breise sin, tabharfar luach eacnamaíoch níos mó do na haistrithe carbóin deimhnithe agus is é a bheidh mar thoradh orthu ioncam níos airde do na hoibreoirí. ***I bhfianaise na mbreithnithe sin, is iomchuí don Choimisiún tús áite a thabhairt d'fhorbairt modheolaíochtaí deimhniúcháin oiriúnaithe maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin lena soláthraítear comhthairbhí móra don bhithéagsúlacht.***

Leasú 20
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) Is iomchuí modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a fhorbairt le haghaidh na ngníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin chun na critéir cháilíochta a leagtar síos sa Rialachán sin a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe infhíoraithe inchomparáide. Leis na modheolaíochtaí sin, ba cheart deimhniú láidir trédhearcach a áirithiú den ghlantairbhe aistrithe carbóin a ghintear leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, agus ag an am céanna ualach riaracháin díréireach ar oibreoirí nó ar ghrúpa oibreoirí a sheachaint, go háirithe d'fheirmeoirí beaga agus do shealbhóirí foraoise. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe do na gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin. Ba cheart na modheolaíochtaí sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin agus leis na gníomhaithe leasmhara eile uile. Ní mór dóibh a bheith bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil, tógáil ar scéimeanna agus modheolaíochtaí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana le

íosta inbhuanaitheachta. Leis na comhthairbhí breise sin, tabharfar luach eacnamaíoch níos mó do na haistrithe carbóin deimhnithe agus is é a bheidh mar thoradh orthu ioncam níos airde do na hoibreoirí.

Leasú

(18) Is iomchuí modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a fhorbairt le haghaidh na ngníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin chun na critéir cháilíochta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe, infhíoraithe agus inchomparáide. Ba cheart a áirithiú leis na modheolaíochtaí sin go ndéanfar deimhniú láidir trédhearcach ar an nglantairbhe aistrithe carbóin nó feirmeoireachta carbóin a ghintear leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin nó feirmeoireachta carbóin, i gcomhréir le critéir bhailíochtaithe agus chomhsheasmhacha san Aontas, agus ag an am céanna ualach riaracháin agus airgeadais díréireach d'oibreoirí nó do ghrúpa oibreoirí a sheachaint, go háirithe d'fheirmeoirí beaga agus do shealbhóirí foraoise. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe do na gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin. Ba cheart na modheolaíochtaí sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin agus leis na gníomhaithe leasmhara eile uile. Ní mór

haghaidh deimhniú aistrithe carbóin, agus aon chaighdeán ábhartha agus aon rialail ábhartha a glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh.

dóibh a bheith bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr agus is déanaí atá ar fáil, agus ar an staid ar an láthair, cur leis na scéimeanna agus modheolaíochtaí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana le haghaidh deimhniú aistrithe carbóin, agus aon chaighdeán ábhartha agus aon rialacha ábhartha arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh. ***Agus na modheolaíochtaí sin á bhforbairt, ba cheart go n-áireofaí glao ar fhianaise a thacaíonn le dréachtú na modheolaíochtaí agus glao ar aiseolas maidir leis na dréacht-mhodheolaíochtaí, lena dtabharfaí an deis do na geallsealbhóirí leasmhara uile rannchuidiú.***

Leasú 21
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(19) Chun próiseas deimhniúcháin inchreidte iontaofa a áirithiú, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách tríú páirtí. Go sonrach, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh deimhniúcháin tosaigh sula gcuirfear chun feidhme iad, lena bhfiorófaí go gcomhlíonann siad na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear an cainníochtú ceart maidir leis an nglantairbhe aistrithe carbóin measta. Ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchtaí athdheimhniúcháin go tráthrialta chun comhlíonadh na n-aistrithe carbóin a ghintear a fhíorú. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an struchtúr, na sonraí teicniúla agus an fhaisnéis íosta atá le bheith sa tuairisc maidir leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, agus sna tuarascálacha iniúcháireachta deimhniúcháin agus

Leasú

(19) Chun próiseas deimhniúcháin inchreidte iontaofa a áirithiú, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách tríú páirtí. Go sonrach, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin a bheith faoi réir iniúchadh deimhniúcháin tosaigh sula gcuirfear chun feidhme iad, lena bhfiorófaí go gcomhlíonann siad na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear an cainníochtú ceart maidir leis an nglantairbhe aistrithe carbóin measta. Ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin a bheith faoi réir iniúchtaí athdheimhniúcháin go tráthrialta chun comhlíonadh na n-aistrithe carbóin a ghintear a fhíorú. Chuige sin, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun struchtúr, sonraí teicniúla, uasphraghas na hiniúcháireachta deimhniúcháin, agus an fhaisnéis íosta atá

athdheimhniúcháin, a leagan amach.

le bheith sa tuairisc ar an ngníomhaíocht aistrithe carbóin nó feirmeoireachta carbóin, agus sna tuarascálacha iniúcháireachta deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin a leagan amach.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(20) Tá sé ríthábhachtach eolas, uirlisí agus modhanna feabhsaithe a chur ar fáil do bhainisteoirí talún chun na haistrithe carbóin a mheasúnú agus a optamú ar bhealach níos fearr chun gníomhaíochtaí maolaithe a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach agus chun a rannpháirtíocht i bhfeirmeoireacht carbóin a chinntiú. Tá sé sin ábhartha go háirithe d'fheirmeoirí beaga nó sealbhóirí foraoise an Aontais nach mbíonn an fios ná an saineolas is gá acu chun gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a chur chun feidhme agus chun na critéir cháilíochta is gá agus na modheolaíochtaí deimhniúcháin gaolmhara a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal ar eagraíochtaí táirgeoirí soláthar seirbhísí comhairleacha ábhartha a éascú trí chomhairle theicniúil a thabhairt dá gcomhaltaí. Is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus le státchabhair náisiúnta tacaíocht airgeadais a thabhairt chun seirbhísí comhairleacha, malartú eolais, oiliúint, gníomhaíochtaí faisnéise nó tionscadail nuálaíochta idirghníomhacha le feirmeoirí agus le foraoiseoirí a sholáthar.

Leasú

(20) Tá sé ríthábhachtach eolas, uirlisí agus modhanna feabhsaithe a chur ar fáil do bhainisteoirí talún chun na haistrithe carbóin agus na gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a mheasúnú agus a optamú ar bhealach níos fearr chun gníomhaíochtaí maolaithe a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach agus chun a rannpháirtíocht i bhfeirmeoireacht carbóin a chinntiú. Tá sé sin ábhartha go háirithe d'fheirmeoirí beaga nó do shealbhóirí foraoise an Aontais nach minic a bhíonn na hacmhainní airgeadais, an fios gnó ná an saineolas is gá acu chun gníomhaíochtaí aistrithe carbóin nó feirmeoireachta carbóin a chur chun feidhme agus chun na critéir cháilíochta riachtanacha agus na modheolaíochtaí deimhniúcháin gaolmhara a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach na treoirlínte agus na dreasachtaí airgeadais is gá a sholáthar chun cur ar chumas eagraíochtaí táirgeoirí agus comharchumann soláthar seirbhísí comhairleacha ábhartha a éascú trí chomhairle theicniúil a thabhairt dá gcomhaltaí. Is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus le státchabhair náisiúnta tacaíocht airgeadais a thabhairt chun seirbhísí comhairleacha, malartú eolais, oiliúint, gníomhaíochtaí faisnéise nó tionscadail nuálaíochta idirghníomhacha le feirmeoirí agus le foraoiseoirí a sholáthar.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 21**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(21) Is iomchuí go mbeidh deimhnithe aistrithe carbóin mar bhonn taca d'úsáidí deiridh éagsúla, amhail fardail náisiúnta agus chorparáideacha gás ceaptha teasa a thiomsú, lena n-áirítear maidir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, cruthúnas ar mhaímh a bhaineann leis an aeráid agus éilimh chorparáideacha eile maidir leis an gcomhshaol (lena n-áirítear maidir leis an mbithéagsúlacht), nó aonaid fhíoraithe aistrithe carbóin a mhalartú trí mhargaí deonacha fritháirimh carbóin. Chuige sin, ba cheart faisnéis chruinn thrédhearcach a bheith sa deimhniú maidir leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, lena n-áirítear na haistrithe iomlána agus an glantairbhe aistrithe carbóin a chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe a shonrú nó a leasú tuilleadh.

³¹ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

Leasú 24 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 22**

Leasú

(21) Is iomchuí go mbeidh deimhnithe aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin mar bhonn taca d'úsáidí deiridh éagsúla, amhail fardail náisiúnta agus chorparáideacha gás ceaptha teasa a thiomsú, lena n-áirítear maidir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, cruthúnas ar mhaímh a bhaineann leis an aeráid agus éilimh chorparáideacha eile maidir leis an gcomhshaol (lena n-áirítear maidir leis an mbithéagsúlacht), nó aonaid fhíoraithe aistrithe carbóin a mhalartú trí mhargaí deonacha fritháirimh carbóin. Chuige sin, ba cheart faisnéis chruinn thrédhearcach a bheith sa deimhniú maidir leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, lena n-áirítear na haistrithe iomlána agus an glantairbhe aistrithe carbóin agus, i gcás feirmeoireachta carbóin, laghdú astaíochtaí GCT, a chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe a shonrú nó a leasú tuilleadh.

³¹ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

(22) Chun fíorú cruinn láidir trédhearcach a áirithiú, ba cheart na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá a bheith ag na comhlachtaí deimhniúcháin atá freagrach as gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dheimhniú agus ba cheart iad a bheith creidiúnaithe ag na húdaráis creidiúnaithe náisiúnta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³². Chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart do na comhlachtaí deimhniúcháin a bheith go hiomlán neamhspleách ar an oibreoir a dhéanann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin atá faoi réir an deimhnithe. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le cur chun feidhme ceart an phróisis deimhniúcháin a áirithiú trí mhaoirseacht a dhéanamh ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin atá creidiúnaithe ag údaráis creidiúnaithe náisiúnta, agus trí na scéimeanna deimhniúcháin a chur ar an eolas faoi thorthaí neamhchomhlíonta ábhartha.

(22) Chun fíorú cruinn láidir trédhearcach a áirithiú, ba cheart na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá a bheith ag na comhlachtaí deimhniúcháin atá freagrach as gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin a dheimhniú agus ba cheart iad a bheith creidiúnaithe ag na húdaráis creidiúnaithe náisiúnta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³². ***Chun críocha na feirmeoireachta carbóin, ba cheart do na húdaráis chreidiúnaithe náisiúnta sin a bheith ina ngníomhaireachtaí íocaíochta náisiúnta.*** Chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart do na comhlachtaí deimhniúcháin a bheith go hiomlán neamhspleách ar an oibreoir a dhéanann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin no feirmeoireachta carbóin atá faoi réir an deimhnithe. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le cur chun feidhme ceart an phróisis deimhniúcháin a áirithiú trí mhaoirseacht a dhéanamh ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin atá creidiúnaithe ag údaráis creidiúnaithe náisiúnta, agus trí na scéimeanna deimhniúcháin a chur ar an eolas faoi thorthaí neamhchomhlíonta ábhartha.

³² Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

³² Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

(23) Ba cheart d'oibreoírí scéimeanna deimhniúcháin a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin feidhmiú ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta atá iontaofa agus trédhearcach agus ba cheart cruinneas, iontaofacht, sláine agus neamhshéanadh tionscnaimh, agus cosaint i gcoinne calaois faisnéise agus sonraí a chuirtear isteach ag oibreoírí, a áirithiú. Ba **cheart dóibh** cuntasáocht cheart na n-aonad fíoraithe aistriithe carbóin **a áirithiú freisin**, go háirithe trí chomhaireamh dúbailte a sheachaint. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta, cuntasáochta agus iniúcháireachta neamhspleáiche atá le cur i bhfeidhm ag scéimeanna deimhniúcháin, chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoírí agus maidir le scéimeanna deimhniúcháin. Chun próiseas deimhniúcháin costéifeachtach a áirithiú, ba cheart é a bheith de chuspóir **freisin** ag na rialacha teicniúla comhchuibhithe sin maidir le deimhniú an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú d'oibreoírí, nó do ghrúpa oibreoírí, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear feirmeoirí agus foraoiseoirí **beaga**.

(23) Ba cheart d'oibreoírí scéimeanna deimhniúcháin a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin feidhmiú ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta atá iontaofa agus trédhearcach agus ba cheart cruinneas, iontaofacht, sláine agus neamhshéanadh tionscnaimh, agus cosaint i gcoinne calaois faisnéise agus sonraí a chuirtear isteach ag oibreoírí, a áirithiú. Ba **go n-áireofaí leo freisin** cuntasáocht cheart na n-aonad fíoraithe aistriithe carbóin, **aistriithe feirmeoireachta carbóin, nó na n-aonad laghdaithe gás ceaptha teasa, arna nginiúint ag gníomhaíocht dheimhnithe**, go háirithe trí chomhaireamh dúbailte a sheachaint. **Cé gurb ionann aonad aistriithe carbóin agus aonad aistriithe feirmeoireachta carbóin i dtéarmaí líon na dtonnaí carbóin a aistriódh agus ó thaobh critéir cháilíochta, mar a leagtar amach sa mhodheolaíocht deimhniúcháin, tá difríocht eatarthu ó thaobh fhad bailíochta an aonaid de, mar gheall ar an difríocht idir buaine an charbóin a stóráiltear.** Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta, cuntasáochta agus iniúcháireachta neamhspleáiche atá le cur i bhfeidhm ag scéimeanna deimhniúcháin, chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoírí agus maidir le scéimeanna deimhniúcháin. **Maidir le feirmeoireacht carbóin, chun críocha comhaireamh dúbailte a chosc, ba cheart an fhaisnéis uile is gá maidir leis na deimhnithe feirmeoireachta carbóin a bheith ar fáil i gcóras an Chórais Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS), atá nasctha leis na dáileachtaí sonracha a bhaineann tairbhe as an scéim.** Chun próiseas deimhniúcháin

costéifeachtach a áirithiú, ba cheart é a bheith de chuspóir ag na rialacha teicniúla comhchuibhithe sin maidir le deimhniú an t-ualach riaracháin **agus airgeadais** nach bhfuil gá leis a laghdú d'oibreoírí, nó do ghrúpa oibreoírí, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear feirmeoirí **beaga** agus foraoiseoirí.

Leasú 26
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(26) Ba cheart **do** scéimeanna deimhniúcháin clárlanna poiblí idir-inoibritheacha **a bhunú** agus **a choinneáil** ar bun chun trédhearcacht agus inrianaitheacht iomlán deimhnithe aistrithe carbóin a áirithiú, agus chun an riosca calaoise agus comhairimh dhúbailte a sheachaint. D'fhéadfadh calaois tarlú má eisítear níos mó ná deimhniú amháin le haghaidh na gníomhaíochta aistrithe carbóin céanna ós rud é gur cláraíodh an ghníomhaíocht faoi dhá scéim deimhniúcháin éagsúla nó gur cláraíodh í faoi dhó faoin scéim chéanna. D'fhéadfadh calaois tarlú freisin nuair a úsáidtear an deimhniú céanna roinnt uaireanta chun an maíomh céanna a dhéanamh bunaithe ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin nó ar aonad aistrithe carbóin. Ba cheart do na clárlanna na doiciméid a eascraíonn as próiseas deimhniúcháin aistrithe carbóin a stóráil, lena n-áirítear achoimrí ar iniúchtaí deimhniúcháin agus tuarascálacha iniúchóireachta athdheimhniúcháin, na deimhnithe agus deimhnithe nuashonraithe, agus ba cheart iad a chur ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach. Ba cheart do na clárlanna taifead a dhéanamh freisin de na haonaid aistrithe carbóin dheimhnithe a chomhlíonann critéir cháilíochta an Aontais. Chun cothrom iomaíochta laistigh den mhargadh aonair a áirithiú, ba

Leasú

(26) Ba cheart **go mbunófaí le** scéimeanna deimhniúcháin clárlanna poiblí idir-inoibritheacha agus **go gcoinneofaí** ar bun **iad** chun trédhearcacht agus inrianaitheacht iomlán deimhnithe aistrithe carbóin **agus feirmeoireachta carbóin** a áirithiú, agus chun an riosca calaoise agus comhairimh dhúbailte a sheachaint. D'fhéadfadh calaois tarlú má eisítear níos mó ná deimhniú amháin le haghaidh na gníomhaíochta aistrithe carbóin céanna ós rud é gur cláraíodh an ghníomhaíocht faoi dhá scéim deimhniúcháin éagsúla nó gur cláraíodh í faoi dhó faoin scéim chéanna. **Ba cheart don Choimisiún clárlann láraithe de chuid an Aontais a chur ar bun freisin ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha go léir ar bhealach a mbeidh rochtain iomlán ag an bpobal uirthi. Beidh sé éasca an fhaisnéis go léir sa chlárlann lárnach seo a úsáid agus cuardach a dhéanamh ina leith. Ba cheart go soláthrófaí don Choimisiún trí scéim deimhniúcháin an fhaisnéis uile is gá a stóráil agus a chur ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach i gclárlann an Aontais. Chun críocha calaois a chosc a mhéid a bhaineann le feirmeoireacht carbóin, níor cheart dáileachtaí sa Chóras Aitheantais Dáileachtaí Talún (LPIS) atá nasctha cheana le scéim feirmeoireachta carbóin atá ann cheana agus nach**

cheart a chumhachtú don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach caighdeáin agus rialacha teicniúla maidir le feidhmiú agus idir-inoibritheacht na gclárlann sin.

gcomhlíonann an Rialachán seo a mheas a bheith incháilithe do dheimhniúchán faoin Rialachán seo. D'fhéadfadh calaois tarlú freisin nuair a úsáidtear an deimhniú céanna roinnt uaireanta chun an maíomh céanna a dhéanamh bunaithe ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin nó ar aonad aistrithe carbóin. Ba cheart do na clárlanna na doiciméid a eascraíonn as próiseas deimhniúcháin aistrithe carbóin a stóráil, lena n-áirítear achoimrí ar iniúchtaí deimhniúcháin agus tuarascálacha iniúcháireachta athdheimhniúcháin, na deimhnithe agus deimhnithe nuashonraithe, agus ba cheart iad a chur ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach. Ba cheart do na clárlanna taifead a dhéanamh freisin de na haonaid aistrithe carbóin dheimhnithe a chomhlíonann critéir cháilíochta an Aontais. Chun cothrom iomaíochta laistigh den mhargadh aonair a áirithiú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach caighdeáin agus rialacha teicniúla maidir le feidhmiú agus idir-inoibritheacht na gclárlann sin.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(28) Chun a chur ar a chumas d'oibreoirí na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe costéifeachtach, agus saintréithe sonracha gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin á gcur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a bhunú maidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistrithe carbóin. Ba

Leasú

(28) Chun a chur ar a chumas d'oibreoirí na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe costéifeachtach, agus saintréithe sonracha gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin á gcur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a bhunú maidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistrithe carbóin. Ba cheart

cheart go mbeadh an Coimisiún in ann Iarscríbhinn II a leasú lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena **n-áirítear** ar leibhéal na saineolaithe, agus go **ndéanfaí** na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr³⁴. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, **faigheann** Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus **bíonn** rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a **bhíonn** ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

³⁴ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1 Is é is cuspóir don Rialachán seo úsáid aistrithe carbóin ag oibreoirí nó ag grúpaí oibreoirí a éascú. Chuige sin, leis an Rialachán seo bunaítear creat deonach de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin a dheimhniú, trí na nithe seo a leanas a leagan síos:

go mbeadh an Coimisiún in ann Iarscríbhinn II a leasú lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin **phoiblí** iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena **n-áirítear** ar leibhéal na saineolaithe, agus **lena n-áirítear glao ar fhianaise agus ar aiseolas, agus go ndéanfar** na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr³⁴. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, **gheobhaidh** Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus **beidh** rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a **bheidh** ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe **agus beidh ról comhairleach acu ar a laghad sna cruinnithe sin.**

³⁴ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

Leasú

1. Is é is cuspóir don Rialachán seo úsáid aistrithe carbóin **agus feirmeoireachta carbóin** ag oibreoirí nó ag grúpaí oibreoirí a éascú **agus tacú leis an gcur chun feidhme sin agus an gealltanais maidir le laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a cheanglaítear de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 á áirithiú ag an am céanna.** Chuige sin, leis an Rialachán seo bunaítear creat deonach de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin **agus feirmeoireacht carbóin** a dheimhniú, trí na nithe seo a

leanas a leagan síos:

Leasú 29
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) critéir cháilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dhéantar san Aontas;

Leasú

(a) critéir cháilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin **agus feirmeoireachta carbóin** a dhéantar san Aontas;

Leasú 30
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) rialacha maidir le **haistrithe** carbóin **a fhíorú** agus **a dheimhniú**;

Leasú

(b) rialacha maidir le **faireachán, dlíteanas, fíorú agus deimhniú aistrithe** carbóin agus **feirmeoireachta carbóin**;

Leasú 31
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ca) rialacha idirthréimhseacha maidir le húsáid deiridh na n-aonad deimhnithe

Leasú 32
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Níl feidhm ag an gcreat deonach sin de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin a dheimhniú maidir le hastaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE, seachas astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe a stóráil i gcomhréir le

2. Níl feidhm ag an gcreat deonach sin de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin **agus feirmeoireacht carbóin** a dheimhniú maidir le hastaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE, seachas astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe

hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

a stóráil i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

Leasú 33
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Article 1a

Rialacha idirthréimhseacha maidir le húsáid deiridh na n-aonad deimhnithe

Go dtí go dtiocfaidh rialacha uile-Aontais i bhfeidhm maidir le héilimh ghlasa, ní fhéadfaidh gnóthas, mar a shainmhínítear in Airteagal 1 (a) de Threoir 2013/34/AE, na haonaid arna ndeimhniú faoin Rialachán seo a úsáid le haghaidh éilimh dheonacha aeráide ach amháin mura gcuireann sé sin bac ná laghdú ar bhaint amach a spriocanna maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú, i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais arna nglacadh de bhun Airteagal 29b de Threoir 2013/34/AE.

Leasú 34
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) ciallaíonn ‘aistriú carbóin’ carbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráil laistigh de linnte carbóin ***geolaíocha***, linnte carbóin bithghineacha, táirgí ***fadtéarmacha*** agus ábhair fhadtéarmacha, agus an mhuirthimpeallacht, ***nó scaoileadh carbóin ó linn carbóin bhithghineach san atmaisféar a laghdú***;

(a) ciallaíonn ‘aistriú carbóin’ carbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráil laistigh de linnte carbóin ***litisféaracha***, linnte carbóin bithghineacha, táirgí agus ábhair fhadtéarmacha, agus an mhuirthimpeallacht;

Leasú 35
Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) ciallaíonn ‘gníomhaíocht aistrithe carbóin’ cleachtas nó próiseas amháin nó níos mó a dhéanann oibreoir a bhfuil stóráil bhuan carbóin mar thoradh air, lena bhfeabhsaítear gabháil carbóin ***i linn carbóin bhithghineach, lena laghdaítear scaoileadh carbóin*** ó linn carbóin bhithghineach ***chuig an atmaisféar***, nó lena stóráiltear carbón atmaisféarach nó bithghineach i dtáirgí fadtéarmacha nó in ábhair fhadtéarmacha;

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) ciallaíonn ‘oibreoir’ aon duine dlítheanach nó fisiciúil a oibríonn nó a rialaíonn gníomhaíocht aistrithe carbóin, nó a bhfuil cumhacht eacnamaíoch chinntitheach thar fheidhmiú teicniúil na gníomhaíochta tarmligthe chuige;

Leasú

(b) ciallaíonn ‘gníomhaíocht aistrithe carbóin’ cleachtas nó próiseas amháin nó níos mó a dhéanann oibreoir a bhfuil stóráil bhuan carbóin mar thoradh air, lena bhfeabhsaítear gabháil carbóin ó linn carbóin bhithghineach, nó lena stóráiltear carbón atmaisféarach nó bithghineach i dtáirgí fadtéarmacha nó in ábhair fhadtéarmacha;

Leasú

(ca) ciallaíonn ‘laghdú ar astaíochtaí GCT’ laghdú ar astaíochtaí GCT a scaoiltear ó linn charbóin bhithghineach chuig an atmaisféar agus an laghdú atá nasctha le bainistiú talún nó cósta, bainistiú foraoise, cleachtais feirmeoireachta agus cleachtais feirmeoireachta ainmhithe’;

Leasú

(d) ciallaíonn ‘oibreoir’ aon duine dlítheanach nó fisiciúil a oibríonn nó a rialaíonn gníomhaíocht aistrithe carbóin ***nó feirmeoireachta carbóin***, nó a bhfuil cumhacht eacnamaíoch chinntitheach thar fheidhmiú teicniúil na gníomhaíochta tarmligthe chuige; ***chun críocha gníomhaíochta feirmeoireachta carbóin, is feirmeoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán 22215/2021 é***

an t-oibreoir nó is úinéir nó bainisteoir foraoise é mar a shainmhínítear sa reachtaíocht náisiúnta ar féidir leis rialú fadtéarmach na talún a léiriú. í gcásanna tionóntachta, gheobhaidh bainisteoir na talún a dhéanfaidh an obair na sochair airgeadais nó an luach saothair a thiocfaidh as an scéim, seachas úinéir na talún;

Leasú 38
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) ciallaíonn ‘grúpa oibreoirí’ eintiteas dlítheanach a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná oibreoir amháin agus atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann na hoibreoirí sin an Rialachán seo;

Leasú

(e) ciallaíonn ‘grúpa oibreoirí’ eintiteas dlítheanach a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná oibreoir amháin agus atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann na hoibreoirí sin an Rialachán seo. ***Maidir le feirmeoireacht carbóin, ciallaíonn grúpa oibreoirí eintiteas dlítheanach a dhéanann ionadaíocht thar ceann níos mó ná feirmeoir, úinéir nó bainisteoir foraoise amháin nó comhfheirmeacha nó comharchumainn;***

Leasú 39
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) ciallaíonn ‘tréimhse faireacháin’ tréimhse, a gcinntear a fad i gcomhréir leis an gcineál gníomhaíochta aistrithe carbóin, ar lena linn a dhéanann an t-oibreoir faireachán ar stóráil carbóin;

Leasú

(f) ciallaíonn ‘tréimhse faireacháin’ tréimhse, a gcinntear a fad i gcomhréir leis an gcineál gníomhaíochta aistrithe carbóin ***nó feirmeoireachta carbóin***, ar lena linn a dhéanann an t-oibreoir ***nó an grúpa oibreoirí*** faireachán ar stóráil carbóin;

Leasú 40
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(g) ciallaíonn ‘stóráil carbóin bhuan’ gníomhaíocht aistrithe carbóin, faoi ghnáthchúinsí agus cleachtais bhainistíochta iomchuí á n-úsáid, a stóráilann carbón atmaisféarach nó bithghineach ar feadh ***na gcéadta bliain***, lena n-áirítear bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin agus dírghabháil agus stóráil carbóin;

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(h) ciallaíonn ‘feirmeoireacht carbóin’ gníomhaíocht aistrithe carbóin a bhaineann le bainistíocht ***talún*** as a ***n-eascraíonn*** méadú ar stóráil carbóin i mbithmhais bheo, ábhar orgánach ***marbh*** agus ithreacha ***tríd an ngabháil*** carbóin a fheabhsú agus/nó scaoileadh ***an charbóin*** san atmaisféar a laghdú;

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2– mír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(g) ciallaíonn ‘stóráil carbóin bhuan’ gníomhaíocht aistrithe carbóin, faoi ghnáthchúinsí agus cleachtais bhainistíochta iomchuí á n-úsáid, a stóráilann carbón atmaisféarach nó bithghineach ar feadh ***tréimhse suntasach ama***, lena n-áirítear bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin, ***bithghualach*** agus dírghabháil agus stóráil carbóin;

Leasú

(h) ciallaíonn ‘feirmeoireacht carbóin’ gníomhaíocht aistrithe carbóin ***agus laghdaithe astaíochtaí GCT*** a bhaineann le ***cleachtais feirme, bainistiú cósta nó talamh, talmhaíocht, feirmeoireacht ainmhithe nó*** bainistíocht ***foraoiseachta*** as a ***dtagann*** méadú ar stóráil carbóin i mbithmhais bheo, ábhar ***marbh*** orgánach agus ithreacha ***trí ghabháil*** carbóin a fheabhsú agus/nó scaoileadh ***astaíochtaí carbóin agus astaíochtaí GCT eile*** san atmaisféar a laghdú ***trí bhainistíocht talún, cósta, foraoiseacht agus feirmeoireachta ainmhithe fheabhsaithe agus trí chleachtais feirme***;

Leasú

(ha) ciallaíonn ‘stóráil feirmeoireachta carbóin’ gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin ina stóráiltear carbón atmaisféarach agus bithghineach i mbithmhais bheo, i mbithghualach, in ithreacha agus in ábhar orgánach marbh de réir gníomhaíochta feirmeoireachta

*carbóin sa mhodheolaíocht
deimhniúcháin;*

Leasú 43
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(i) ciallaíonn ‘stóráil carbóin i dtáirgí’ gníomhaíocht aistrithe carbóin lena stóráiltear carbón atmaisféarach agus bithghineach i dtáirgí fadtéarmacha nó in ábhair fhadtéarmacha;

Leasú

(i) ciallaíonn ‘stóráil carbóin i dtáirgí’ gníomhaíocht aistrithe carbóin **nó feirmeoireachta carbóin** lena stóráiltear carbón atmaisféarach agus bithghineach i dtáirgí fadtéarmacha nó in ábhair fhadtéarmacha;

Leasú 44
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(k) ciallaíonn ‘scéim deimhniúcháin’ **scéim** arna bainistiú ag eagraíocht phríobháideach nó phoiblí a dhéanann formhaoirseacht ar dheimhniú comhlíontachta oibreoírí nó grúpa oibreoírí leis an Rialachán **seo**;

Leasú

(k) ciallaíonn ‘scéim deimhniúcháin’ **tionscnamh, atá comhdhéanta de shraith gealltanais**, arna bainistiú ag eagraíocht phríobháideach nó phoiblí a dhéanann formhaoirseacht ar dheimhniú comhlíontachta oibreoírí nó grúpa oibreoírí leis an Rialachán **sin**;

Leasú 45
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(oa) ciallaíonn ‘aonad aistrithe feirmeoireachta carbóin’ aon tona amháin de ghlantairbhe aistrithe carbóin deimhnithe a ghintear le gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin agus atá cláraithe le scéim deimhniúcháin.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(oa) ciallaíonn ‘aisiompú’ aon scaoileadh carbóin a aistrítear, a stóráiltear agus a dheimhnítear a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin.

Leasú 47
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe o b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ob) ciallaíonn ‘aonad laghdaithe astaíochtaí GCT’ tona amháin de ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa deimhnithe de choibhéis CO₂ nó CO₂ a ghintear le gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin agus atá cláraithe le scéim deimhniúcháin.

Leasú 48
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe o c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(oc) ciallaíonn ‘bithghualach’ ábhar cobhsaí, póiriúil, carbónúil a tháirgtear trí chóireáil phirealaíoch a dhéanamh ar bhunábhair orgánacha.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Beidh aistrithe carbóin incháilithe do dheimhniúchán faoin Rialachán seo i gcás

Beidh aistrithe carbóin **agus feirmeoireacht charbóin** incháilithe do

ina gcomhlíonann siad an dá choinníoll seo a leanas:

dheimhniúchán faoin Rialachán seo i gcás ina gcomhlíonann siad an dá choinníoll seo a leanas:

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) gintear iad ó ghníomhaíocht aistrithe carbóin a chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagail 4 go 7;

Leasú

(a) gintear iad ó ghníomhaíocht aistrithe carbóin ***nó feirmeoireachta carbóin*** a chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagail 4 go 7;

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) Is é $GCT_{\text{méadú}}$ an méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha ***seachas iad siúd ó linnte carbóin bithghineacha i gcás feirmeoireacht carbóin***, arb é is cúis leo an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a chur chun feidhme.

Leasú

(c) Is é $GCT_{\text{méadú}}$ an méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha, arb é is cúis leo an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a chur chun feidhme.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. II gcás feirmeoireacht carbóin, tuigfear $AC_{\text{bonnlíne}}$ agus $AC_{\text{iomlán}}$ ***mar glanaistrithe nó glanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/841.***

Leasú

2. II gcás feirmeoireacht carbóin, tuigfear ***gurb ionann an glantairbhí feirmeoireachta carbóin agus glantairbhe aistrithe carbóin móide glantairbhe laghdaithe GCT agus déanfar é a chainníochtú leis an bhfoirmle seo a leanas:***

Leasú 53
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Glantairbhe feirmeoireachta carbóin =
[[$AC_{\text{bonnlíne}} - AC_{\text{iomlán}} - GCT_{\text{méadú}} > 0$]
[[$GCT_{\text{bonnlíne}} - GCT_{\text{laghdú}} > 0$]] sna
cásanna seo a leanas:

Leasú 54
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) Is ionann $AC_{\text{bonnlíne}}$ agus na
haistrithe carbóin faoin mbonnlíne;

Leasú 55
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) Is ionann $AC_{\text{iomlán}}$ agus aistrithe
carbóin iomlána na gníomhaíochta
feirmeoireachta carbóin;

Leasú 56
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) Is ionann $GCT_{\text{méadú}}$ agus an
méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa
díreacha agus indíreacha, seachas iad
siúd ó linnte carbóin bithghineacha i gcás
feirmeoireachta carbóin, arb é cur chun
feidhme na gníomhaíochta
feirmeoireachta carbóin is cúis leo.

Leasú 57
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(d) Is ionann $GCT_{iomlán}$ agus scaoileadh astaíochtaí GCT díreacha agus indíreacha a ndéantar cuntas orthu in CO_2 nó i gcoibhéis CO_2 , a bhaintear amach trí ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin a chur chun feidhme.

Leasú 58
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(e) Is éard atá i gceist le $GCT_{bonnlíne}$ ná astaíochtaí díreacha agus indíreacha GCT ón suíomh gníomhaíochta.

Leasú 59
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Sa chás sin, tuigfear gur glanaistrithe gás ceaptha teasa nó glanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir leis na rialacha cuntasáíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/841 iad $AC_{bonnlíne}$ agus $AC_{iomlán}$.

Leasú 60
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Déanfar cainníochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), a ainmniú le comhartha **diúltach** (-) más glanaistrithe gás ceaptha teasa iad agus le comhartha

3. Déanfar cainníochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), **agus mír 2, pointí (a), (b), (c) agus (d) (e)** a ainmniú le comhartha **diúltach** (-) más glanaistrithe

deimhneach (+) más glanastaíochtaí gás ceaptha teasa iad; déanfar iad a shloinneadh i dtonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin.

gás ceaptha teasa iad **nó, i gcás feirmeoireacht carbóin, laghduithe** agus le comhartha **dearfach** (+) más glanastaíochtaí gás ceaptha teasa iad; déanfar iad a shloinneadh i dtonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin.

Leasú 61
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Déanfar aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach ábhartha cruinn **iomlán** comhsheasmhach trédhearcach.

Leasú

4. Déanfar aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach ábhartha, cruinn, **fianaisebhunaithe, láidir,** comhsheasmhach, **inchomparáide agus** trédhearcach, **bunaithe ar chritéir bhailí agus ar leibhéal aonfhoirmeach ar fud an Aontais.**

Leasú 62
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4a. Ba cheart gach scéim deimhniúcháin feirmeoireachta carbóin a chur chun cinn go tráthúil, gan tosaíocht a thabhairt d'aon mhodheolaíocht ná d'aon earnáil ar leith.

Leasú 63
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Comhfhreagróidh an bhonnlíne d'fheidhmíocht **chaighdeánach aistrithe carbóin** gníomhaíochtaí inchomparáide **in imthosca** sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus **teicneolaíocha comhchosúla** agus cuirfear an comhthéacs

Leasú

5. Comhfhreagróidh an bhonnlíne d'**aistriú carbóin nó, i gcás feirmeoireachta carbóin,** d'fheidhmíocht **astaíochtaí gás ceaptha teasa na gcleachtas coiteann reatha a bhaineann le** gníomhaíochtaí inchomparáide **i gcúinsí**

geografach san áireamh.

comhchosúla sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus **teicneolaíochta** agus cuirfean an comhthéacs geografach san áireamh *inti*.

Leasú 64
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Maidir le feirmeoireacht carbóin in ithreacha mianraí arúla, tá an bhonnlíne chaighdeánaithe socraithe, arb ionann í agus aistriú nialasach.

Leasú 65
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

6. ***De mhaolú ar mhír 5, i gcás ina mbeidh údar cuí leis, féadfar an bhonnlíne a bhunú ar fheidhmíocht aonair aistrithe carbóin na gníomhaíochta sin.***

6. ***Féadfaidh an bhonnlíne a bheith bunaithe ar fheidhmíocht aonair na gníomhaíochta sin nó, i gcás gníomhaíochta laghdaithe GCT feirmeoireachta carbóin, ar mheasúnú aonair ar astaíochtaí díreacha agus indíreacha atá nasctha leis an láithreán gníomhaíochta, nó ar fhíorú a bheith á dhéanamh ag comhlacht neamhspleách ar stoic charbóin iarbhír aonair.***

Leasú 66
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 6 – fomhír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Is féidir préimh fheabhsaithe feirmeoireachta carbóin a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí breise a léiríonn feabhas ar tháscairí comhshaoil eile, amhail bithéagsúlacht fheabhsaithe nó bearta lena laghdaítear úsáid breoslai iontaise, atá le fíorú ag comhlacht

neamhspleách.

Leasú 67
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

7. **Déanfar** an bhonnlíne **a thabhairt** cothrom le dáta go **tráthrialta**.

Leasú

7. **Tabharfar** an bhonnlíne cothrom le dáta go **tréimhsiúil ach ba cheart go bhfanfadh sí seasmhach don oibreoir le linn na tréimhse faireacháin a luaithe a chuirfear tús le gníomhaíocht aistriú carbóin nó gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin.**

Leasú 68
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

9. Chun tacú le **cainníochtú aistriú carbóin a ghintear le feirmeoireacht carbóin**, baileoidh an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí sonraí maidir le haistriú carbóin agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhealach atá comhoiriúnach le fardail náisiúnta gás ceaptha teasa faoi Rialachán (AE) 2018/841 agus faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999.

Leasú

9. Chun tacú le **haistriú carbóin agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa arna nginiúint ag feirmeoireacht charbóin a chainníochtú**, baileoidh an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí sonraí maidir le haistriú carbóin agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhealach atá comhoiriúnach le fardail náisiúnta gás ceaptha teasa faoi Rialachán (AE) 2018/841 agus faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 **le modhanna simplithe d'oibreoirí ar mhionscála, dá bhforáiltear in Airteagal 8.3.**

Leasú 69
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) tarlaíonn sé **de bharr** éifeacht dreasachta **an deimhniú**.

Leasú

(b) tarlaíonn sé **mar gheall ar an** éifeacht dreasachta **a bhaineann le deimhniúchán, cruthú aonad aistriú**

carbóin agus luach airgid a chur air.

Leasú 70
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Is gníomhaíocht bhreise bheidh i ngníomhaíocht feirmeoireachta carbóin. Chuige sin, comhlíonfaidh an ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin na critéir uile seo a leanas:

(a) tá níos mó i gceist leis ná ceanglais reachtúla an Aontais agus ceanglais reachtúla náisiúnta, go háirithe ceanglais reachtúla bhainistithe ábhartha agus caighdeáin GAEC a bhunaítear faoi Chaibidil I, Roinn 2 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus íoscheanglais ábhartha maidir le húsáid leasacháin agus táirgí cosanta plandaí, leas ainmhithe, chomh maith le ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais;

(b) tarlaíonn sé i ngeall ar an éifeacht dreasachta a bhaineann le haistriú feirmeoireachta carbóin a dheimhniú agus a chruthú nó aonad [laghdú astaíochtaí GCT] agus luach airgid a chur air.

Leasú 71
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. I gcás ina mbunófar an bhonnline de bhun Airteagal 4(5), meastar gur comhlíonadh an bhreisíocht dá dtagraítear i mír 1. I gcás ina mbunófar an bhonnline de bhun Airteagal 4(6), léireofar breisíocht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), trí thástálacha sonracha.

2. I gcás ina mbunófar an bhonnline de bhun Airteagal 4(5), meastar gur comhlíonadh an bhreisíocht dá dtagraítear i mír 1 **agus 1(a)**. I gcás ina mbunófar an bhonnline de bhun Airteagal 4(6), léireofar breisíocht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), trí thástálacha sonracha.

Leasú 72
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. **Léireoidh** oibreoir nó grúpa oibreoirí go bhfuil sé d’aidhm ag gníomhaíocht aistrithe carbóin **stóráil fhadtéarmach** carbóin a áirithiú.

Leasú 73
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) déanfaidh siad faireachán agus maolú ar aon riosca go dtarlóidh sé go scaoilfear an carbón stóráilte le linn na tréimhse faireacháin;

Leasú 74
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) beidh siad faoi réir sásraí iomchuí dliteanais chun aghaidh a thabhairt ar aon scaoileadh den charbón stóráilte a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin.

Leasú

1. **Glacfaidh** oibreoir nó grúpa oibreoirí **air féin a léiriú** go bhfuil sé d’aidhm ag gníomhaíocht aistrithe carbóin **nó feirmeoireachta** carbóin a áirithiú **go ndéanfar carbón a stóráil go fadtéarmach agus go sealadach i gcás feirmeoireacht carbóin.**

Leasú

(a) déanfaidh siad faireachán agus maolú ar aon riosca go dtarlóidh sé go scaoilfear an carbón stóráilte le linn na tréimhse faireacháin; **Maidir le bithghualach a aistriú, soláthróidh siad fianaise eolaíoch fhónta, go gcoisctear aisiompú foirm sholadaigh (e.g. carbónáití nó bithghualach) carbóin go CO₂;**

Leasú

(b) beidh siad faoi réir sásraí iomchuí dliteanais, **amhail, i gcás feirmeoireachta carbóin, céatadán creidmheasanna a chuirfear i linn arna bhainistiú ag an scéim deimhniúcháin, a shaineofar tuilleadh i ngníomh tarmligthe,** chun aghaidh a thabhairt ar aon scaoileadh den charbón stóráilte a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin **cé is moite den chás**

*ina mbeidh feidhm ag force majeure.
Féadfar imthosca den sórt sin a chosaint
trí chiste frithpháirteach nó trí shásra
árachais.*

Leasú 75
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Maidir le **feirmeoireacht carbóin agus** stóráil carbóin i dtáirgí, measfar go scaoilfear an carbón san atmaisféar a stóráiltear le gníomhaíocht aistriithe carbóin ag deireadh na tréimhse faireacháin.

Leasú 76
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Maidir le stóráil carbóin i dtáirgí, measfar go scaoilfear an carbón san atmaisféar a stóráiltear le gníomhaíocht aistriithe carbóin ag deireadh na tréimhse faireacháin.

Maidir le húsáid bithghualach, níl feidhm ag an bhforáil seo má tá an carbón ceangailte go buan i maitrís mhianrach (coincréit) nó in ithir nach féidir é a dheighilt ná a scaoileadh aisti.

Maidir le feirmeoireacht carbóin, measfar go scaoilfear an carbón a stóráiltear san atmaisféar ag deireadh na tréimhse measúnaithe buaine a áirítear sa mhodheolaíocht deimhniúcháin, ar choinníoll go n-urramaítear an íostréimhse faireacháin, ach amháin má dhéanann an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí an tréimhse a athnuachan trí chruthú go bhfuil faireachán agus gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin á cothabháil ar bhonn leanúnach agus gan bhriseadh nó go nglacann bainisteoir punainne um aistriú carbóin dliteanas agus go n-áirithíonn sé, mar chuid d'fhaireachán ar fud na punainne, go leanfar den fhaireachán gan bhriseadh tar éis dheireadh na tréimhse faireacháin.

I gcás ina dtugann beartas poiblí, ar mhaithe le leas an phobail, sainordú d'fheirmeoirí gníomhaíocht a dhéanamh lena laghdaítear a stoic charbóin, ní bheidh an feirmeoir faoi dhliteanas i leith an tionchair a bheidh ag na gníomhaíochtaí sin is gá ar stoic charbóin.

Ba cheart gníomhaíochtaí um atreisiú coiscitheach lena seachnaítear sceitheadh carbóin nádúrtha a spreagadh.

Leasú 77
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Beidh tionchar neodrach ag gníomhaíocht aistrithe carbóin ar na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas ar fad nó déanfaidh sí comhthairbhí a ghiniúint ina leith:

Leasú

1. Beidh tionchar neodrach ag gníomhaíocht **bhuan** aistrithe carbóin ar na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas ar fad nó déanfaidh sí comhthairbhí a ghiniúint ina leith:

Leasú 78
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) aistriú chuig geilleagar ciorclach;

Leasú

(d) aistriú chuig geilleagar ciorclach **bithbhunaithe agus rochtain ar amhábhair in-athnuaite;**

Leasú 79
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(fa) táirgiúlacht talmhaíochta lena n-áirítear slándáil an táirgthe talmhaíochta;

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe f b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(fb) *cáilíocht na dtáirgí talmhaíochta;*

Leasú 81
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe f c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(fc) *ioncam feirmeoirí nó toradh eacnamaíoch na hoibríochta feirme;*

Leasú 82
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe f d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(fd) *slándáil agus infhaighteacht bia.*

Leasú 83
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. *Beidh tionchar neodrach ag gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin ar na cuspóirí inbhuanaitheachta uile seo a leanas agus ginfear comhthairbhí dearfacha leo le haghaidh ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas:*

(a) *maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó chleachtais talmhaíochta a laghdú, chomh maith le stórais carbóin atá ann cheana a chothabháil agus ceapadh carbóin a fheabhsú;*

(b) *oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun feabhas a*

chur ar athléimneacht na gcóras táirgthe bia agus ar éagsúlacht ainmhithe agus plandaí ar mhaithe le frithsheasmhacht níos láidre in aghaidh galar agus an athraithe aeráide;

(c) cáilíocht an uisce a chosaint nó a fheabhsú, agus brú ar acmhainní uisce a laghdú;

(d) aistriú chuig geilleagar ciorclach bithbhunaithe;

(e) díghrádú ithreach agus creimeadh ithreach a chosc, athchóiriú ithreach, feabhas a chur ar thorthúlacht na hithreach agus ar bhainistiú cothaitheach agus bithra ithreach;

(f) bithéagsúlacht a chosaint, gnáthóga nó speicis a chaomhnú nó a athbhunú, lena n-áirítear gnéithe tírdhreacha nó limistéir neamhtháirgiúla a chothabháil agus a chruthú;

(g) gníomhaíochtaí maidir le húsáid inbhuanaithe agus laghdaithe lotnaidicídí agus leasachán sintéiseach, go háirithe iad siúd a bhfuil riosca ag baint leo do shláinte an duine nó don chomhshaol;

(h) táirgiúlacht talmhaíochta lena n-áirítear slándáil an táirgthe talmhaíochta;

(i) cáilíocht na dtáirgí talmhaíochta;

(j) ioncam feirmeoirí nó toradh eacnamaíoch na hoibríochta feirme;

(k) slándáil agus infhaighteacht bia.

Beidh tionchar neodrach ag gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin freisin nó ginfear comhthairbhí ó thaobh na hinbhuanaitheachta sóisialta agus eacnamaíche de.

Ní bheidh grabáil talún ná amhantraíocht talún mar thoradh ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin ná feirmeoireachta carbóin.

Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Chun críocha mhír 1, comhlíonfaidh gníomhaíocht aistriithe carbóin na **ceanglais íosta** inbhuanaitheachta a leagtar síos sna modheolaíochtaí deimhniúcháin, a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun **Airteagal 8**.

Leasú

2. Chun críocha mhír 1 **agus mhír 2**, comhlíonfaidh gníomhaíocht aistriithe carbóin **agus feirmeoireachta carbóin** na **híoscheanglais** inbhuanaitheachta a leagtar síos sna modheolaíochtaí deimhniúcháin, a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun **Airteagal 8 i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais maidir le ceanglais inbhuanaithe, nó i gcás inarb ábhartha agus ar fáil dóibh siúd a leagtar síos sa rialachán earnálach comhfhreagrach inbhuanaitheachta, amhail an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) le haghaidh gníomhaíochtaí aistriithe feirmeoirachta carbóin talmhaíochta.**

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. I gcás ina **dtuairisceoidh** oibreoir nó grúpa oibreoirí comhthairbhí a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear i **mír 1** thar na **ceanglais íosta** inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 2, comhlíonfaidh **siad** na modheolaíochtaí deimhniúcháin a leagtar amach **sna gníomhartha** tarmligthe dá dtagraítear in **Airteagal 8. Déanfaidh na** modheolaíochtaí deimhniúcháin **giniúint comhthairbhí** a théann thar na **ceanglais íosta** inbhuanaitheachta **a dhreasú a mhéid is féidir, go háirithe don chuspóir dá dtagraítear i mír 1, pointe (f).**

Leasú

3. I gcás ina **dtuairiscíonn** oibreoir nó grúpa oibreoirí comhthairbhí a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear i **míreanna 1 agus 1a** thar na **híoscheanglais** inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 2, comhlíonfaidh **an chaoi a dtuairiscítear iad faoin rialachán seo** na modheolaíochtaí deimhniúcháin a leagtar amach **i ngníomhartha** tarmligthe dá dtagraítear in **Airteagal 8. Aireofar sna** modheolaíochtaí deimhniúcháin **cur síos ar chomhthairbhí** a théann thar na **híoscheanglais** inbhuanaitheachta, **agus tabharfar luach saothair breise do na comhthairbhí sin.**

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla dá dtagraítear i mír 1 a bhunú maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le stóráil bhuan carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí. Áireofar sna modheolaíochtaí deimhniúcháin sin ar a laghad na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Leasú 87
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – fómhír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún, ***laistigh den tréimhse 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla dá dtagraítear i mír 1 a bhunú maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le stóráil bhuan carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí. Áireofar sna modheolaíochtaí deimhniúcháin sin ar a laghad na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I. ***Féadfaidh siad a bheith bunaithe ar, nó féadfaidh siad a bheith comhdhéanta de mhodheolaíochtaí a úsáidtear i dtionscadail feirmeoireachta carbóin atá ann cheana, a chuir na saineolaithe ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin le linn an chomhairliúcháin dá dtagraítear sa dara fómhír.***

Leasú

Sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmligthe sin, déanfaidh an Coimisiún comhairliúchán poiblí críochnúil, lena n-áirítear freisin saineolaithe a bhfuil baint acu leis na tionscadail feirmeoireachta carbóin atá i bhfeidhm faoi láthair, ionadaithe na mBallstát agus na bhfeirmeoirí agus an Sainghrúpa um Aistriú Carbóin.

Maidir le feirmeoireacht carbóin, cuirfear san áireamh sna modheolaíochtaí éagsúlacht na hithreach, na haeráide, na teochta agus comhthéacsanna ábhartha eile na mBallstát éagsúil.

Ina theannta sin, maidir le feirmeoireacht carbóin, is féidir aon ghníomhaíocht lena

gceaptar carbón agus lena mbaintear amach laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leibhéal na feirme a dheimhniú. Nuair a tharlaíonn gníomhaíochtaí éagsúla feirmeoireachta carbóin ar leibhéal na feirme, féadfar deimhniú feirme amháin a dhéanamh. Sa ghníomh tarmligthe, tiolacfaidh an Coimisiún modheolaíochtaí deimhniúcháin feirmeoireachta carbóin le haghaidh na ngníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III ar a laghad. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an Iarscríbhinn seo agus ar an ngníomh tarmligthe chun gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin nua nó nuálacha a chur san áireamh, gníomhaíochtaí a ullmhófar i gcomhréir leis na critéir a liostaítear i mír 3 agus tar éis dul i gcomhairle le saineolaithe a bhfuil baint acu leis na tionscadail feirmeoireachta carbóin atá i bhfeidhm faoi láthair, leis na Ballstáit agus le hionadaithe feirmeoirí, lena n-áirítear feirmeoirí beaga, agus leis an Sainghrúpa um Aistrithe Carbóin.

Leasú 88
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) na cuspóirí maidir le stóinseacht aistrithe carbóin a áirithiú agus cosaint agus athbhunú éiceachóras a aithint;

Leasú

(a) na cuspóirí maidir le stóinseacht aistrithe carbóin **agus laghduithe GCT** a áirithiú agus cosaint agus athbhunú éiceachóras a aithint;

Leasú 89
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) **na cuspóirí** maidir leis an ualach riaracháin ar oibreoirí a íoslaghódú, go háirithe **d'**oibreoirí feirmeoireachta carbóin

Leasú

(b) **an cuspóir** maidir leis an ualach riaracháin **agus airgeadais** ar oibreoirí a íoslaghódú, go háirithe **i gcás** oibreoirí

ar mhionscála;

feirmeoireachta carbóin ar mhionscála, **go háirithe i gcás Airteagal 4 mír 9;**

Leasú 90
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(da) na caighdeáin agus na dea-chleachtais atá ann cheana sna modheolaíochtaí deimhniúcháin;

Leasú 91
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(db) torthaí an phlé a rinne grúpa saineolaithe ina mbeidh saineolaithe ó na Ballstáit agus saineolaithe eile;

Leasú 92
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe d c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(dc) torthaí comhairliúcháin phoiblí mar a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr;

Leasú 93
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe d d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(dd) torthaí glao ar fhianaise a bhaineann go sonrath leis na gníomhartha faoi seach;

Leasú 94
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 – pointe d e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(de) toradh an ghlaio ar aiseolas maidir le dréacht de na gníomhartha faoi seach.

Leasú 95
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú comhlíontachta an Rialacháin seo, cuirfidh oibreoir nó grúpa oibreoirí iarratas faoi bhráid scéime deimhniúcháin. Ar ghlacadh leis an iarratas sin, cuirfidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí tuairisc chuimsitheach faoi bhráid comhlachta deimhniúcháin ar an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, lena n-áirítear an mhodheolaíocht deimhniúcháin a cuireadh i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 4 go 7, na haistrithe carbóin iomlána measta agus an glantairbhe aistrithe carbóin. Sonróidh grúpaí oibreoirí freisin ***cén chaoi a soláthraítear*** seirbhísí comhairleacha maidir le gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, go háirithe d'oibreoirí ***feirmeoireachta*** carbóin ar mhionscála.

1. Chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú comhlíontachta an Rialacháin seo, cuirfidh oibreoir nó grúpa oibreoirí iarratas faoi bhráid scéime deimhniúcháin. Ar ghlacadh leis an iarratas sin, cuirfidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí tuairisc chuimsitheach faoi bhráid comhlachta deimhniúcháin ar an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, lena n-áirítear an mhodheolaíocht deimhniúcháin a cuireadh i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 4 go 7, na haistrithe carbóin iomlána measta agus an glantairbhe aistrithe carbóin, ***nó an glantairbhe feirmeoireachta carbóin.*** Sonróidh grúpaí oibreoirí freisin ***conas a sholáthraítear*** seirbhísí comhairleacha maidir le gníomhaíochtaí aistrithe carbóin ***agus sonróidh siad conas a bheartaíonn siad an t-ualach riaracháin ar bhainisteoirí talún a íoslaghdú,*** go háirithe d'oibreoirí carbóin ar mhionscála. ***Maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, féadfaidh na Ballstáit comhairle a chur ar fáil d'fheirmeoirí faoi chuimsiú na seirbhísí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 15 nó Rialachán (AE) 2021/2115. Maidir le hoibreoirí nó grúpaí oibreoirí a bhfuil baint acu le tionscadail feirmeoireachta carbóin trasteorann agus/nó ilnáisiúnta, féadfaidh an scéim deimhniúcháin comhlacht deimhniúcháin aonair a cheapadh do gach tionscadal***

feirmeoireachta carbóin trasteorann agus ilnáisiúnta.

Leasú 96
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Maidir le feirmeoireacht charbóin, dáileacht talmhaíochta atá cláraithe sa Chóras Aitheantais Dáileachtaí Talún (LPIS) a leagtar amach in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2116/2021 atá deimhnithe cheana féin i scéim éagsúil um aistriú carbóin nó feirmeoireacht carbóin nach gcomhlíonann an Rialachán seo, ní bheidh sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú.

Leasú 97
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchadh deimhniúcháin chun an fhaisnéis a cuireadh isteach i gcomhréir le mír 1 a fhíorú agus chun a dheimhniú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin Airteagail 4 go 7. Mar thoradh ar an iniúchadh deimhniúcháin sin, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuarascáil **iniúchta** deimhniúcháin, ina mbeidh achoimre, **agus** deimhniú ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Déanfaidh an scéim deimhniúcháin rialú ar an tuarascáil iniúchta deimhniúcháin agus an deimhniú, agus cuirfidh sí an achoimre ar an tuarascáil iniúchta deimhniúcháin ar fáil go poiblí sa chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12.

2. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchadh deimhniúcháin chun an fhaisnéis a cuireadh isteach i gcomhréir le mír 1 a fhíorú agus chun a dheimhniú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin Airteagail 4 go 7. Mar thoradh ar an iniúchadh deimhniúcháin sin, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuarascáil **iniúchóireachta** deimhniúcháin ina mbeidh achoimre **agus, nuair a chomhlíonfaidh an fhaisnéis uile a chuirfidh an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí ar fáil na forálacha a leagtar amach in Airteagal 4 go hAirteagal 7** deimhniú ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Déanfaidh an scéim deimhniúcháin rialú ar an tuarascáil iniúchta deimhniúcháin agus an deimhniú, agus cuirfidh sí an achoimre ar an tuarascáil iniúchta deimhniúcháin ar fáil go

poiblí sa chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12.

Leasú 98
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Tacóidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí leis an gcomhlacht deimhniúcháin le linn iniúchtaí deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin, go háirithe trí rochtain a thabhairt ar áitreabh na gníomhaíochta agus trí shonraí agus doiciméid ábhartha a **sholáthar**.

Leasú 99
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. **Féadfaidh** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme **a ghlacadh** chun struchtúr, formáid, **sonraí** teicniúla na tuairisce cuimsithí ar an ngníomhaíocht aistriithe carbóin dá dtagraítear i mír 1, agus na dtuarascálacha **iniúchta deimhniúcháin** agus **athdheimhniúcháin** dá dtagraítear i **míreanna** 2 agus 3, a leagan amach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú

4. Tacóidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí leis an gcomhlacht deimhniúcháin le linn iniúchtaí deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin, go háirithe trí rochtain a thabhairt ar áitreabh na gníomhaíochta agus trí shonraí agus doiciméid ábhartha a **chur ar fáil, lena n-áiríteofar go gcomhlíonfar rialacha náisiúnta agus Eorpacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, fios gnó agus rúin trádála;**

Leasú

5. **Glacfaidh** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun struchtúr, formáid, **mionsonraí** teicniúla na tuairisce cuimsithí ar an ngníomhaíocht aistriithe carbóin **nó feirmeoireachta carbóin** dá dtagraítear i mír 1 agus na dtuarascálacha **iniúchóireachta ar dheimhniúchán** agus **ar athdheimhniú** dá dtagraítear i **mír 2** agus **i mír 3** a leagan amach, **chomh maith le huasphraghas le haghaidh iniúchadh deimhniúcháin arna socrú maidir le glan-aistriú carbóin iomlán nó glantairbhe feirmeoireachta carbóin na n-oibreoirí nó an ghrúpa oibreoirí**. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh údarás creidiúnaithe náisiúnta comhlachtaí deimhniúcháin arna gceapadh ag scéimeanna deimhniúcháin a chreidiúnú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷.

³⁷ Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 1

Leasú

1. Déanfaidh údarás creidiúnaithe náisiúnta comhlachtaí deimhniúcháin arna gceapadh ag scéimeanna deimhniúcháin a chreidiúnú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷.

Chun críocha feirmeoireachta carbóin, is é a bheidh san údarás creidiúnaithe náisiúnta gníomhaireachtaí iocaíochta náisiúnta de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/2116

³⁷ Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

Leasú

2a. Forbrófar creat lena n-áiritheofar comhsheasmhacht ar fud na mBallstát chun gur féidir comhscéim deimhniúcháin a oibriú ar fud an Aontais.

1. Déanfaidh scéim deimhniúcháin clárlann phoiblí a bhunú agus a **choinneáil ar bun** go cuí chun an fhaisnéis a bhaineann leis an bpróiseas deimhniúcháin **a chur ar fáil go poiblí**, lena n-áirítear na deimhnithe agus na deimhnithe nuashonraithe, agus cainníocht na n-aonad aistrithe carbóin **arna ndeimhniú** i gcomhréir le **hAirteagal 9**. Úsáidfidh na clárlanna sin córais uathoibrithe, lena n-áirítear teimpléid leictreonacha, agus beidh siad idir-inoibritheach.

1. Déanfaidh scéim deimhniúcháin clárlann phoiblí (**“clárlann na scéime deimhniúcháin”**) a bhunú agus a **chothabháil** go cuí chun an fhaisnéis a bhaineann leis an bpróiseas deimhniúcháin, lena n-áirítear na deimhnithe agus na deimhnithe nuashonraithe, agus cainníocht na n-aonad aistrithe carbóin, **an t-aonad aistrithe feirmeoireachta carbóin, an t-aonad chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, an t-aonad laghdaithe astaíochtaí GCT a dheimhnítear** i gcomhréir le **hAirteagal 9 a chur ar fáil go poiblí agus a rochtain go héasca ar bhealach inchoirdaithe**. Úsáidfidh na clárlanna sin córais uathoibrithe, lena n-áirítear teimpléid leictreonacha, agus beidh siad idir-inoibritheach.

Leasú 103

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

1a. Chun críocha feirmeoireachta carbóin, cleachtais bhainistithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht feirmeoireachta carbóin, dáta tosaigh agus dáta deiridh na gníomhaíochta aistrithe carbóin; áireofar ainm na scéime deimhniúcháin agus uimhir nó cód uathúil an deimhnithe maidir le dáileacht talmhaíochta ar leith sa chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, a leagtar amach in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2116/2021.

De bhreis ar na forálacha a leagtar amach i mír 1, bunóidh an Coimisiún clár poiblí (“clárlann an Aontais”) agus coinneoidh sé ar bun é mar is cuí, clárlann lena dtrasuífear sonraí ó chlárlanna na scéimeanna deimhniúcháin uile atá bunaithe san AE

chuíg clárlann choiteann. Soláthrófar leis na scéimeanna deimhniúcháin an fhaisnéis a áirítear i mír don Choimisiún chun críocha clárlann an Aontais a bhunú agus a chothabháil.

Leasú 104
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. **Féadfaidh** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme **a ghlacadh** lena **leagtar** amach struchtúr, formáid agus **mionsonraí** na gclárlann poiblí, agus **taifeadadh, coinneáil nó úsáid aonad** aistrithe carbóin, dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú 105
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 106
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. **Glacfaidh** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena **leagfar** amach struchtúr, formáid agus **sonraí teicniúla** na gclárlann poiblí **agus chlárlann an Aontais**, agus **maidir le haonaid** aistrithe carbóin **a thairfeadadh, a choinneáil nó a úsáid, amhail** dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

Leasú

4a. **Áiritheofar leis na ceanglais maidir leis na próisis fógartha agus aitheantais inrochtaineacht do scéimeanna deimhniúcháin níos lú.**

2a. **De bhreis ar an Tuarascáil a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Iúil 2026 dá**

dtagraítear i dTreoir 2003/87/CE, breithneoidh an Coimisiún an chaoi a gcuirfear laghdú astaíochtaí GCT, mar thoradh ar ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin, san áireamh i sprioc aeráide an Aontais do 2040 agus conas a chumhdófar iad le trádáil astaíochtaí.

Leasú 107
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2b. Sa bhreis ar an Tuarascáil a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear i Rialachán 2018/841, déanfaidh an Coimisiún a mheas conas a chuirfear san áireamh na haistrithe carbóin atá mar thoradh ar fheirmeoireacht charbóin i dtreo sprioc 2030 an Aontais maidir le glan-aistrithe gás ceaptha teasa.

Leasú 108
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2c. De bhreis ar fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann nó ar easpa forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta, breithneoidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, creat a mholadh le haghaidh scéimeanna deimhniúcháin do thríú tíortha atá toilteanach ailiniú le caighdeáin deimhniúcháin an AE nó socrúithe coibhéiseacha a chomhlíonadh.

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(h) rialacha maidir le faireachán agus maolú a dhéanamh ar aon riosca sceite maidir le carbón stóráilte dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (a);

Leasú

(h) rialacha maidir le faireachán agus maolú a dhéanamh ar aon riosca sceite maidir le carbón stóráilte dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (a) **agus an íostréimhse faireacháin is gá le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin;**

Leasú 110
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 111
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe k a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 112
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe k b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 113

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe k c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(kc) caighdeán a leagan síos do
phointe praghais aistriú na
feirmeoireachta carbóin agus na n-aonad
laghdaithe GCT;*

**Leasú 114
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*Liosta neamh-uileghabhálach de
shamplaí de ghníomhaíochtaí
feirmeoireachta carbóin atá incháilithe le
haghaidh deimhniúcháin*

Gníomhaíochtaí dúlra agus tírdhreacha

Dúlra agus Tírdhreach

Fálta sceach a chur

*Crainn a chur i dtailte curaíochta agus i
dtailte féaraigh*

*Gnáthóga/tearmainn a chruthú anseo
agus ansiúd don fhiadhúlra le clúdach
plandaí buan ar thalamh talmhaíochta*

*Gníomhaíochtaí bogaigh agus tailte
phortaigh*

Athchóiriú féar mara cois cósta

Athchóiriú talún riascach cois cósta

Athchóiriú fásra dumhcha cois cósta

*Athchóiriú tailte phortaigh -
athfhliuchadh / laghdú ar dhraenáil tailte
phortaigh fionnuisce*

*Limistéir bhithchoinneála uisce báistí /
„Bailiú Báistí“ Riascshaothrú*

Gníomhaíochtaí talamh curaíochta

*Talamh curaíochta a athrú go féarthailte
buana*

Saothrú plandaí domhainfhréamhaithe

Saothrú bliantúil barr cumhdaigh/glasú buan, barra fo-churtha freisin

Saothrú barra ilbhliantúla

Uainíochtaí barr SOC-saibhrithe/rogha barr

Saothrú barra arúla

Iarmhair bharra a choinnedáil

Córas curaíochta a athrú — go dtí curaíocht laghdaithe nó gan curaíocht ar bith (strip-till [curaíocht laghdaithe]), balcadh ithreach le hinnealra trom a laghdú freisin, lena n-áirítear úsáid rianta buana

Curaíocht inbhéartaithe dhomhain

Córais agraforaoiseachta

Úlloird agus fíonghoirt lena mbaineann íoschlúdach ithreach

Ligniceallalós ó tháirgeadh talmhaíochta

Bithghualach mar bhreiseán ithreach

Plandaí snáithín a shaothrú mar amhábharr tionsclaíoch do tháirgí idir lár agus fadtréimhseacha

Barra foráiste ilbhliantúla a shaothrú Gníomhaíochtaí féarthailte buana

Báin fhéaraigh a thiontú go meascáin féir agus glasraí

Ionradh plandaí adhmaid ar iarmhóinéir agus ar fhéaraigh

Féarach – Déine is fearr is féidir

Tailte féaraigh díghrádaithe a athbhunú tríd an déine bainistíochta is fearr is féidir

Srianta ama a ghearradh le haghaidh bainistíochta atá oiriúnach d'fheithidí agus d'éin

Gníomhaíochtaí foraoiseachta

Foraoisiú / Athfhoraoisiú

Ceapadh carbóin barrfheabhsaithe bainistíocht seastáin

Tiontú go foraoisí speiceas measctha atá cobhsaí ó thaobh na haeráide de

Athfhluchadh/draenáil laghdaithe foraoisí ar thailte portaigh ísealtáirgiúlachta

Imill foraoise ghrádaithe ar mhórán speiceas

Bearta chun fána agus fungais a fheabhsú Tiontú an roschoill go foraois stumpaí

Gníomhaíochtaí feirmeoireachta ainmhithe

Éiceamheatán

Gníomhaíochtaí bainistíochta cósta

Díghrádú leapacha féir mara a laghdú

Leasú 115

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe i a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ia) glantairbhe feirmeoireachta carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(2)

Leasú 116

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe j**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(j) na haistrithe carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in *Airteagal 4(1)*, pointe (a);

(j) na haistrithe carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in *Airteagal 4(1)*, pointe (a) *nó Airteagal 4(2) pointe (a)*;

Leasú 117

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe k**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(k) na haistrithe iomlána carbóin dá

(k) na haistrithe iomlána carbóin dá dtagraítear in *Airteagal 4(1)*, pointe (b); *nó*

dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b);

in Airteagal 4(2), pointe (b);

Leasú 118
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(l) an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (c);

Leasú

(l) an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (c); ***nó in Airteagal 4(2), pointe (c);***

Leasú 119
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe o

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(o) aon ***chomhthairbhí*** inbhuanaitheachta dá dtagraítear in ***Airteagal 7(3)***;

Leasú

(o) ***cé acu an ngineann nó nach ngineann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin nó feirmeoireachta carbóin comhthairbhí d'aon cheann de na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus 7(1a);***

Leasú 120
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe p a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(pa) ***laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, dá dtagraítear in Airteagal 4(2) pointe (d).***

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistriú carbóin
Tagairtí	COM(2022)0672 – C9-0399/2022 – 2022/0394(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	ENVI 1.2.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	AGRI 1.2.2023
Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	11.5.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Martin Hlaváček 29.3.2023
Pléite sa choiste	23.5.2023 28.6.2023
Dáta an ghlactha	30.8.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 31 –: 6 0: 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Daniel Buda, Asger Christensen, Ivan David, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, José Manuel Fernandes, Luke Ming Flanagan, Paola Ghidoni, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Colm Markey, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Bronis Ropė, Anne Sander, Sarah Wiener
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Asim Ademov, Theresa Bielowski, Franc Bogovič, Christophe Clergeau, Lara Comi, Rosanna Conte, Marie Dauchy, Anna Deparnay-Grunenberg, Lena Düpont, Emmanouil Fragkos, Charles Goerens, Claude Gruffat, Anja Hazekamp, Pär Holmgren, Ivo Hristov, Jan Huitema, Ladislav Ilčić, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Petros Kokkalis, Zbigniew Kuźmiuk, Sylvia Limmer, Benoît Lutgen, Cristina Maestre Martín De Almagro, Gabriel Mato, Tilly Metz, Alin Mituța, Dan-Ștefan Motreanu, Sandra Pereira, Pina Picierno, Tonino Picula, Nicola Procaccini, Katarína Roth Neved'álová, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Riho Terras, Irène Tolleret, Tom Vandenkendelaere, Achille Variati, Hilde Vautmans, Adrián Vázquez Lázara, Thomas Waitz, Emma Wiesner
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Erik Poulsen

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

31	+
ECR	Krzysztof Jurgiel, Zbigniew Kuźmiuk
ID	Rosanna Conte, Paola Ghidoni, Gilles Lebreton
PPE	Asim Ademov, Daniel Buda, Salvatore De Meo, José Manuel Fernandes, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Gabriel Mato, Anne Sander, Christine Schneider, Michaela Šojdová, Tom Vandenkendelaere
Renew	Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Alin Mituța, Ulrike Müller, Erik Poulsen
S&D	Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoș Benea, Cristina Maestre Martín De Almagro, Juozas Olekas, Achille Variati
The Left	Chris MacManus

6	-
ID	Ivan David
S&D	Maria Noichl
Verts/ALE	Benoît Biteau, Claude Gruffat, Martin Häusling, Sarah Wiener

2	0
The Left	Luke Ming Flanagan
Verts/ALE	Bronis Ropë

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

29.6.2023

**LITIR ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM
FHUINNEAMH**

An tUasal Pascal Canfin

Cathaoirleach

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia
an Bhruiséil

Ábhar: Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin (COM(2022)0672 – C9-0399/2022 – 2022/0394(COD))


A Chathaoirligh, a chara,

An 28 Márta, chinn Comhordaitheoirí an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) tuairim a tharraingt suas i bhfoirm litreach leis an gCathaoirleach mar an Rapóirtéir maidir leis an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin COM(2022)0672; 2022/0394(COD). Deonaíodh inniúlachtaí comhroinnte do ITRE faoi Riail 57 maidir le roinnt forálacha.

Ghlac Coiste ITRE a thuairim ag cruinniú an 28 Meitheamh 2023.

Faigh na leasuithe ITRE atá i gceangal leis seo san Iarscríbhinn, agus iarraim ort vótáil a dhéanamh orthu le linn na vótála ar an dréacht-tuarascáil i do choiste.

Is mise le meas,



Cristian-Silviu BUȘOI

IARSCRÍBHINN

ITRE 1

Aithris 3 a (nua)

- (3a) *Ba cheart comhleanúnachas rialála a choinneáil leis an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí agus leis na critéir inbhuanaitheachta sa Treoir maidir le Fuinneamh In-Athnuaite. Ba cheart comhtháthú leis an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a mheas san fhadtearma agus ba cheart é a bheith mar chuid den mheasúnú athbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán sin.*

ITRE 2

Aithris 4

- (4) Tacóidh creat deimhniúcháin an Aontais le forbairt gníomhaíochtaí aistrithe carbóin san Aontas a mbeidh glantairbhe aistrithe carbóin gan débhrí mar thoradh orthu, agus ag an am céanna seachnófar snas glas. I gcás feirmeoireacht carbóin, ba cheart leis an gcreat deimhniúcháin sin glacadh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a spreagadh freisin lena ngintear comhthairbhí do *chuspóirí comhshaoil agus eacnamaíocha eile, amhail* an bhithéagsúlacht, chun na spriocanna athbhunaithe dúlra a leagtar amach i ndlí an Aontais maidir le hathbhunú an dúlra *a bhaint amach*. *Ba cheart go gceadófaí le creat deimhniúcháin an Aontais gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dheimhniú i gcás ina ndéantar an stóráil gheolaíoch i dtríú tíortha má chomhlíontar ceanglais choibhéiseacha dhlíthiúla agus struchtúracha.* Beidh ról lárnach ag creat deimhniúcháin an Aontais chun cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide a leagtar amach i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais a bhaint amach.

ITRE 3

Aithris 4 a (nua)

- (4a) *Ós rud é go bhfeidhmíonn an creat ar bhonn deonach, feidhmeoidh an chéim sin mar chéim phiolótach ina ndéanfaidh oibreoirí agus scéimeanna deimhniúcháin acmhainneacht a fhorbairt. Bunaithe ar an taithí a fhaightear le linn na céime sin, déanfar measúnú ar roghanna beartais breise. Chun éifeachtacht an chreata a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún malartú dea-chleachtas a éascú idir na geallsealbhóirí leasmhara poiblí agus príobháideacha.*

ITRE 4

Aithris 4b (nua)

- (4b) *Spreagfaidh creat deimhniúcháin an Aontais taighde agus nuálaíocht freisin, agus béim á leagan ar ról mhisin Fís Eorpach, chomh maith le cláir eile i réimse na dteicneolaíochtaí gabhála agus úsáide carbóin, go háirithe teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht aistrithe carbóin acu agus na próisis atá ann cheana agus forbairtí féideartha á gcur san áireamh agus é mar aidhm rochtain teicneolaíochtaí nua ar an*

margadh a éascú.

ITRE 5

Aithris 4c (nua)

(4c) I ndáil leis an méid sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit dul i mbun comhar trasdisciplíneach, ina mbeadh institiúidí taighde náisiúnta agus réigiúnacha, eolaithe, feirmeoirí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide rannpháirteach.

ITRE 6

Aithris 4d (nua)

(4d) Ina theannta sin, ba cheart tacaíocht airgeadais le haghaidh tionscnaimh aistrithe carbóin a bheith ag gabháil le creat deimhniúcháin an Aontais chun uas-scáilú tionsclaíoch a úirithiú ina leith sin.

ITRE 7

Aithris 5 a (nua)

(5a) Chun cosc a chur ar charbón dul isteach san atmaisféar le linn úsáid agus diúscairt táirgí, ba cheart é a bheith ceangailte go ceimiceach ar bhealach a chomhlíonann rialacha AE CTA, lena n-áirítear le haghaidh mianrú CO₂ i dtáirgí foirgníochta stroighniúla, nó ba cheart é a stóráil ar feadh roinnt mhaith blianta i dtáirge inrianaithe fadtréimhseach, amhail adhmaid lománaithe a úsáidtear sa tógáil. Is féidir leis na táirgí sin carbón a stóráil ar feadh na mblianta tar éis a bheith déanta agus, nuair nach bhfuil sé in úsáid a thuilleadh, is féidir an carbón a aistriú chuig córas stórála fadtéarmach eile, cosúil le Bithfhuinneamh le Gabháil agus Stóráil Carbóin (BECCS).

ITRE 8

Aithris 5b (nua)

(5b) Beidh ceannaireacht na hEorpa ina gné thábhachtach maidir le creat láidir deimhniúcháin aistrithe carbóin a fhorbairt agus an gá atá le measúnú breise a dhéanamh ar ról na n-aistrithe carbóin buana agus ar na creidmheasanna gaolmhara in AE CTA. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na margatá carbóin sa mheántearma agus san fhadtearma, lena n-áirítear AE CTA agus margatá deonacha, chun tacú le himscaradh CDR. Ós rud é go mbeidh tábhacht ag baint leis na teicneolaíochtaí a bhainfidh carbón as an atmaisféar chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach, ba cheart é sin a dhéanamh le tacaíocht d'fhorbairt agus do mhéadú teicneolaíochtaí aistrithe carbóin, trí dhreasachtaí amhail conarthaí difríochta carbóin (CCfD).

ITRE 9

Aithris 5c (nua)

(5c) Gné thábhachtach d'aon chreat beartais le haghaidh aistrithe carbóin a bheidh i

líonraí agus bonneagair iompair agus stórála nua CO₂ a fhorbairt san Aontas, lena nascfar astaíróidí tionsclaíocha a bhfuil toiliú stórála CO₂ acu, chun dícharbónú a bhaint amach sna hearnálacha is deacair a mhaolú, chomh maith le haistriú carbóin i gcomhthéacs an bhithfhuinnimh le GSC (gabháil agus stóráil carbóin bithfhuinnimh) (BECCS) agus gabháil dhíreach ón aer (DAC);

ITRE 10

Aithris 5d (nua)

(5d) Beidh ról ag aistriú fadtéarmacha carbóin, bíodh siad buan nó sealadach, chun cuspóirí aeráide a bhaint amach, ach faoi réir téarmaí ar leith. Ba cheart feidhm a bheith ag coinníollacha níos déine, amhail ceanglais faireacháin, éaga agus dlíteanais, maidir le haistriú sealadacha carbóin.

ITRE 11

Aithris 5e (nua)

(5e) Ina theannta sin, d'fhonn leas a bhaint as taighde agus nuálaíocht, chomh maith le héagsúlú na gcleachtas agus na bpróiseas a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí aistriú carbóin, déanfaidh an Coimisiún éiceachórais mhúirí agus fionnuisce a mhapáil, faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar an bhféidearthacht ceapadh agus stóráil carbóin ghóim a áireamh faoi chuimsiú an Rialacháin sin, slabhra luacha tionsclaíoch nua a chothú chun carbón a ghabháil, a athchúrsáil, a iompar agus a stóráil ar bhealach inbhuanaithe agus cúnaimh a thabhairt do réigiúin chostúla agus oileánacha leis na modhanna is gá chun na spriocanna aeráide a bhaint amach.

ITRE 12

Aithris 5f (nua)

(5f) Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gcreat deimhniúcháin um aistriú carbóin an tsolúbthacht is gá chun freastal ar shainiúlachtaí réigiúnacha, teicniúla, struchtúracha agus geoifisiceacha, agus éagsúlacht na gcoinníollacha ó thaobh córas táirgthe sna Ballstáit agus ina réigiúin á gcur san áireamh.

ITRE 13

Aithris 5g (nua)

(5g) D'fhonn éascú a dhéanamh ar shlabhra luacha tionsclaíoch nua a chruthú chun carbón a ghabháil agus a athchúrsáil ar bhealach inbhuanaithe agus chun teicneolaíochtaí nua sa réimse sin a mhéadú, ba cheart tionscnaimh a bheith ag gabháil leis an gcreat deimhniúcháin um aistriú carbóin lena ndreasófaí forbairt bonneagair líonra stórála agus iompair CO₂ nua agus leormhaith.

ITRE 14

Aithris 7

- (7) Ba cheart go mbeadh glantairbhe aistrithe carbóin mar thoradh ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin lena léireofaí go mbeadh tionchar dearfach aige ar an aeráid. Ba cheart an glantairbhe aistrithe carbóin a ríomh trí úsáid a bhaint as dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, ba cheart d'oibreoirí méid na n-aistrithe carbóin breise atá á nginiúint ag gníomhaíocht aistrithe carbóin a chainníochtú i gcomparáid le bonnlíne. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhonnlíne chaighdeánaithe lena léirítear gnáthfheidhmíocht gníomhaíochtaí inchomparáide i gcúinsí comhchosúla sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha agus i suíomhanna geografacha comhchosúla ós rud é go n-áiríthítear oibiachtúlacht léi, go n-íoslaghdaítear comhlíonadh agus costais riaracháin, agus go n-aithnítear go dearfach gníomhaíocht ceannródaithe a bhí páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin. I gcomhthéacs na feirmeoireachta carbóin, ba cheart úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografaí, cianbhraiteacht, intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, agus léarscáileanna leictreonacha a chur chun cinn chun na costais a bhaineann le bonnlínte a bhunú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin a laghdú. Mar sin féin, i gcás nach féidir an bhonnlíne chaighdeánaithe sin a shocrú, is féidir bonnlíne a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a úsáid atá bunaithe ar fheidhmíocht aonair an oibreora. Chun na forbairtí sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha a léiriú agus chun uailmhian a spreagadh le himeacht ama i gcomhréir le Comhaontú Pháras, ba cheart don ***Choimisiún bonnlínte a athbhreithniú go tráthrialta agus*** ba cheart iad ***a thabhairt cothrom le dáta, gach deich mbliana ar a laghad. Ba cheart do na bonnlínte do thionscadail dheonacha ailíniú le córais faireacháin agus comhlíonta a úsáidtear i bhfardail náisiúnta GCT agus i staidreamh talmhaíochta agus úsáide talún.***

ITRE 15

Aithris 13

- (13) Carbón atmaisféarach agus bithghineach a ghabhtar agus a stóráiltear trí ghníomhaíocht aistrithe carbóin, tá riosca ann go scaoiltear ar ais san atmaisféar é (e.g. cúlú) mar gheall ar theagmhais nádúrtha nó antrapaigineacha. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí gach beart coiscteach ábhartha a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú agus ba cheart dóibh faireachán cuí a dhéanamh go leanfar de charbón a stóráil le linn na tréimhse faireacháin a leagtar síos don ghníomhaíocht aistrithe carbóin ábhartha. Ba cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe a bheith ag brath ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an stóráil agus na rioscaí éagsúla cúlaithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin ar leith. Le gníomhaíochtaí a stóráilann carbón i bhfoirmíochtaí geolaíocha ***nó trí mhianrú carbóin***, soláthraítear go leor cinnteachtaí maidir le fad an-fhadtéarmach na gcéadta bliain don charbón stóráilte agus is féidir a mheas go soláthraítear stóráil bhuan carbóin leo. Tá feirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí níos neamhchosanta ar an riosca go scaoilfeadh carbón san atmaisféar go deonach nó go neamhdheonach. Chun an riosca sin a chur san áireamh, ba cheart go gcumhdódh ***tréimhse faireacháin*** na n-aistrithe carbóin deimhnithe arna nginiúint ag feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí ***fad iomlán ghníomhaíocht nó shaolré an táirge, lena n-áirítear deireadh na gníomhaíochta nó deireadh shaolré an táirge, agus ba cheart na haistrithe carbóin deimhnithe sin a bheith*** faoi réir dáta éaga a chomhoirfidh le deireadh na tréimhse faireacháin ábhartha. Ina dhiaidh sin, ba cheart

glacadh leis go bhfuil an carbón á scaoileadh san atmaisféar, ach amháin má chruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch cothabháil na stórála carbóin trí ghníomhaíochtaí faireacháin gan bhriseadh.

ITRE 16

Aithris 15

- (15) Tá acmhainneacht láidir ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin chun réitigh a rachaidh chun ***tairbhe don chomhshaol, don gheilleagar agus*** don inbhuanaitheacht a sholáthar, ***cé nach*** féidir comhbhabhtálacha a chur as an áireamh. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais íosta inbhuanaitheachta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh tionchar neodrach ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin nó go gcruthófar comhthairbhí leo i dtaca leis na cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, cosaint agus athbhunú bithéagsúlachta agus éiceachóras, úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, ***slándáil bia***, cosc agus rialú ar thruailliú, ***táirgiúlacht talmhaíochta, ioncam feirmeoirí agus slándáil na táirgeachta talmhaíochta***. Ba cheart do na ceanglais inbhuanaitheachta sin, de réir mar is iomchuí, agus coinníollacha áitiúla á gcur san áireamh, cur leis na critéir scagtha theicniúla maidir le ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ maidir le gníomhaíochtaí foraoiseachta agus stóráil bhuan gheolaíoch CO₂ faoi thalamh, a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún¹, agus maidir leis na critéir inbhuanaitheachta maidir le hamhábhar bithmhaise foraoise agus talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle². Níor cheart cleachtas amhail monashaothrú foraoise a mbíonn éifeachtaí díobhálacha acu ar an mbithéagsúlacht ***agus a bhfuil iarmhairtí díobhálacha éiceolaíocha acu*** a bheith incháilithe le haghaidh deimhniúcháin. ***Le hacmhainní airgeadais, ba cheart tosaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí nach n-eascraíonn úsáid mhíchuí nádúrtha astu nó a bhfuil tionchar diúltach soiléir acu ar an mbithéagsúlacht.***

ITRE 17

Aithris 15 a (nua)

- (15a) ***Ba cheart go n-áireofaí tionchair ar an bpobal áitiúil sna measúnuithe ar ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin d’fhonn aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht***

¹Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúil a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

²Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

shóisialta. Ba cheart go n-áireofaí ar na táscairí don mheasúnú sin aon chruthú post a thiofáidh as sin, an chothromaíocht idir urraim do thraidisiún agus nuálaíocht agus úsáid iomarcach acmhainní nádúrtha ag an bpobal áitiúil.

ITRE 18

Aithris 16

- (16) Rannchuidíonn cleachtais feirmeoireachta a bhaineann CO₂ ón atmaisféar leis an gcuspóir aeráidneodrachta agus ba cheart iad a chúiteamh, tríd an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) nó trí thionscnaimh phoiblí nó phríobháideacha eile *amhail maoiniú príobháideach inbhuanaithe, socruithe conarthacha feadh slabhraí soláthair, margáí deonacha carbóin agus éilimh táirgí*. Go sonrach, ba cheart cleachtais feirmeoireachta dá dtagraítear sa Teachtaireacht maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe a chur san áireamh sa Rialachán sin³.

ITRE 19

Aithris 17

- (17) Féadfaidh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí comhthairbhí a thuairisciú a rannchuidíonn leis na cuspairí *comhshaoil, eacnamaíocha agus* inbhuanaitheachta thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta. Chuige sin, ba cheart dá dtuairisciú na modheolaíochtaí deimhniúcháin atá curtha in oiriúint do na gníomhaíochtaí aistrithe carbóin éagsúla, arna bhforbairt ag an gCoimisiún, a chomhlíonadh. Ba cheart do mhodheolaíochtaí deimhniúcháin, a mhéid is féidir, giniúint comhthairbhí don bhithéagsúlacht a dhreasú, ar comhthairbhí iad a théann thar na ceanglais íosta *chomhshaoil, eacnamaíocha agus* inbhuanaitheachta. Leis na comhthairbhí breise sin, *is dócha* go dtabharfar luach eacnamaíoch níos mó do na haistrithe carbóin deimhnithe agus *d'fhéadfadh* ioncam níos airde do na hoibreoirí a bheidh mar thoradh orthu. I bhfianaise na mbreithnithe sin, is iomchuí don Choimisiún tús áite a thabhairt d'fhorbairt modheolaíochtaí deimhniúcháin oiriúnaithe maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin lena soláthraítear comhthairbhí móra don bhithéagsúlacht. *D'fhéadfadh scéimeanna creidiúnaithe carbóin a bheith ina bhfoinse nua ioncaim, ach is dócha go mbeidh sé ina fhoinse costas breise freisin (e.g. costais maidir le tuairisciú, samhaltú, cuntasaíocht, deimhniú, sampláil ithreach). D'fhéadfadh bearta a chuirtear chun feidhme chun leibhéil cheapacháin a mhéadú difear a dhéanamh freisin do tháirgiúlacht feirme agus do chostais feirmeoireachta. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú gur samhail ghnó dhearfach fhadtéarmach do thiontairí carbóin é an scéim deimhniúcháin sin.*

ITRE 20

Aithris 17 a (nua)

- (17a) *Le deimhniúchán aistrithe carbóin, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt agus freastal ar riachtanais cuideachtaí príobháideacha agus poiblí agus infheisteoirí*

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún, Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe, COM (2022) 800.

*(astairí agus tiontairí carbóin) agus údaráis áitiúla atá toilteanach a gceanglais rialála AE nó náisiúnta, nó a spriocanna agus a n-éilimh dheonacha a chomhlíonadh.*ITRE 21

Aithris 18

- (18) Is iomchuí modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a fhorbairt le haghaidh na ngníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin chun na critéir cháilíochta a leagtar síos sa Rialachán sin a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe infhíoraithe inchomparáide. Leis na modheolaíochtaí sin, ba cheart deimhniú láidir trédhearcach a áirithiú den ghlantairbhe aistrithe carbóin a ghintear leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, agus ag an am céanna ualach riaracháin díreireach ar oibreoírí nó ar ghrúpa oibreoírí a sheachaint, go háirithe d'fheirmeoirí beaga, do shealbhóirí foraoise **agus d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna)**. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún an Rialachán sin a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe do na gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin. Ba cheart na modheolaíochtaí sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin agus leis na gníomhaithe leasmhara eile uile. Ní mór dóibh a bheith bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil, tógáil ar scéimeanna agus modheolaíochtaí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana le haghaidh deimhniú aistrithe carbóin, agus aon chaighdeán ábhartha agus aon riail ábhartha a glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh.

ITRE 22

Aithris 20

- (20) Tá sé ríthábhachtach eolas, uirlisí agus modhanna feabhsaithe a chur ar fáil do bhainisteoirí talún chun na haistrithe carbóin a mheasúnú agus a optamú ar bhealach níos fearr chun gníomhaíochtaí maolaithe a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach agus chun a rannpháirtíocht i bhfeirmeoireacht carbóin a chinntiú. Tá sé sin ábhartha go háirithe d'fheirmeoirí beaga nó sealbhóirí foraoise **agus FBManna** an Aontais nach mbíonn an fios ná an saineolas is gá acu chun gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a chur chun feidhme agus chun na critéir cháilíochta is gá agus na modheolaíochtaí deimhniúcháin gaolmhara a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal ar eagraíochtaí táirgeoirí soláthar seirbhísí comhairleacha ábhartha a éascú trí chomhairle theicniúil a thabhairt dá gcomhaltaí. Is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus le státhabhair náisiúnta tacaíocht airgeadais a thabhairt chun seirbhísí comhairleacha, malartú eolais, oiliúint, gníomhaíochtaí faisnéise nó tionscadail nuálaíochta idirghníomhacha le feirmeoirí agus le foraoiseoirí a sholáthar.

ITRE 23

Aithris 20 a (nua)

- (20a) Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit, d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla, le cúnaimh ón gCoimisiún, ionaid chomhairleacha áitiúla a bhunú a mbeidh sé de chúram orthu rochtain shimplí a áirithiú ar threoir theicniúil agus ar fhaisnéis maidir leis an scéim deimhniúcháin a bhunaítear leis an Rialachán sin, ina mbeidh comharchumainn nó comhlachais eile feirmeoirí rannpháirteach. Ba cheart do na*

lárionaid sin a bheith in ann na tairbhí a bhaineann le haistriú carbóin a chur in iúl agus tacú le cleachtais inbhuanaithe, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha a úsáid, agus an bhithéagsúlacht agus athbhunú an dúlra á gcur chun cinn ag an am céanna. Rannchuideoidh siad le forbairt scileanna inbhuanaitheachta laistigh de phobail spriocdhírthe, lena n-áirítear trí chláir oiliúna agus oideachais agus trí phiarfhoghlaim maidir le cleachtais feirmeoireachta carbóin a chur chun cinn trí bhíthin feirmeacha taispeántais.

ITRE 24

Aithris 20b (nua)

(20b) Rannchuideoidh na seirbhísí comhairleacha atá ann cheana sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, amhail an Córas um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS), le heolas agus faisnéis níos leithne chun tacú le cleachtais inbhuanaithe lena bhfeabhsaítear ceapadh carbóin agus bithéagsúlacht agus athbhunú an dúlra á gcur chun cinn ag an am céanna, agus chun rochtain éasca ar an bhfaisnéis sin a áirithiú, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha a úsáid i gcás inarb ábhartha. Cuirfidh AKIS ardán digiteach comhroinnte eolais ar bun, lena gcuirfear comhairle theicniúil ar fáil do bhainisteoirí talún agus lena gcuirfear aiseolas ar fáil do na Ballstáit;

ITRE 25

Aithris 20c (nua)

(20c) Tacóidh an Coimisiún freisin le fothú acmhainneachta sna Ballstáit trí ghrinnfhiosrúcháin leordhóthanacha i gcláir oiliúna agus oideachais, lena n-áirítear do gheallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus dá lucht saothair. Cuirfear san áireamh sa tacaíocht sin freisin réaltachtaí éagsúla na mBallstát agus na réigiún, agus trí na gníomhaíochtaí is oiriúnaí i ndáil leis na sainiúlachtaí éagsúla a shainiú freisin.

ITRE 26

Aithris 20d (nua)

(20d) Níor cheart aonad deimhnithe aistrithe carbóin a chomhaireamh faoi dhó. Nuair a théann deimhniú um aistriú carbóin in éag, ba cheart na haonaid aistrithe carbóin ghaolmhara a neamhniú agus a asbhaint, nó méid coibhéseach d'aonaid aistrithe carbóin a chur ina n-ionad. Chun trédhearcacht agus inrianaitheacht a áirithiú, ba cheart do chlárlann an Aontais taifid a choinneáil ar úinéirí agus úsáideoirí aonaid aistrithe carbóin san am a chuaigh thart agus atá ann faoi láthair.

ITRE 27

Aithris 23

(23) Ba cheart d'oibreoírí scéimeanna deimhniúcháin a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin sin a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin feidhmiú ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta atá iontaofa agus trédhearcach agus ba cheart cruinneas, iontaofacht, sláine agus neamhshéanadh tionscnaimh, agus cosaint i gcoinne calaois faisnéise agus sonraí a chuirtear isteach ag oibreoírí, a áirithiú. Ba cheart dóibh

cuntasaíocht cheart na n-aonad fíoraithe aistrithe carbóin a áirithiú freisin, go háirithe trí chomhaireamh dúbailte a sheachaint. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta, cuntasaíochta agus iniúcháireachta neamhspleáiche atá le cur i bhfeidhm ag scéimeanna deimhniúcháin, chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoírí agus maidir le scéimeanna deimhniúcháin. Chun próiseas deimhniúcháin costéifeachtach a áirithiú, ba cheart é a bheith de chuspóir freisin ag na rialacha comhchuibhithe teicniúla sin maidir le deimhniú an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú, **lena n-áirítear trí fheidhmchláir chaighdeánaithe a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear BECCS, d'oibreoírí, nó do ghrúpa oibreoírí, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear feirmeoirí beaga agus foraoiseoirí, gan cáilíocht na n-aistrithe carbóin a chur i mbaol. Ba cheart do na Ballstáit struchtúir iomchuí oiliúna agus tacaíochta a chur chun feidhme dóibh siúd atá freagrach as an bpróiseas deimhniúcháin a bhainistiú, is féidir leo cabhrú lena áirithiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna is gá acu chun an próiseas a bhainistiú go héifeachtach. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis phoiblí imscaradh teicneolaíochtaí a chothú a d'fhéadfadh cruinneas an fhaireacháin, an tuairiscithe agus an fhíoraithe a mhéadú, agus na costais ina dhiaidh sin a laghdú le himeacht ama ag an am céanna.**

ITRE 28

Aithris 24

- (26) **Cláraíonn scéimeanna deimhniúcháin aistrithe carbóin deimhnithe isteach i** gclárlanna poiblí chun trédhearcacht agus inrianaitheacht iomlán na ndeimhnithe aistrithe carbóin a áirithiú, agus chun an riosca calaoise agus comhaireamh dúbailte a sheachaint. D'fhéadfadh calaois tarlú má eisítear níos mó ná deimhniú amháin le haghaidh na gníomhaíochta aistrithe carbóin céanna ós rud é gur cláraíodh an ghníomhaíocht faoi dhá scéim deimhniúcháin éagsúla nó gur cláraíodh í faoi dhó faoin scéim chéanna. D'fhéadfadh calaois tarlú freisin nuair a úsáidtear an deimhniú céanna roinnt uaireanta chun an maíomh céanna a dhéanamh bunaithe ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin nó ar aonad aistrithe carbóin. **Ba cheart go soláthrófaí don Choimisiún trí scéim deimhniúcháin an fhaisnéis uile a gceanglaítear iad a stóráil agus a chur ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach i gclárlann an Aontais. Áirítear san fhaisnéis sin** na doiciméid a eascraíonn as próiseas deimhniúcháin aistrithe carbóin a stóráil, lena n-áirítear achoimrí ar iniúchtaí deimhniúcháin agus tuarascálacha iniúcháireachta athdheimhniúcháin, na deimhnithe agus deimhnithe nuashonraithe, agus ba cheart iad a chur ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach. Ba cheart don chlárann taifead a dhéanamh freisin de na haonaid aistrithe carbóin dheimhnithe a chomhlíonann critéir cháilíochta an Aontais. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den mhargadh aonair, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach caighdeáin agus rialacha teicniúla maidir le feidhmiú **na clárlainne i gcomhréir leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá ar na bacáin lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-**

inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)⁴.

ITRE 29

Aithris 30

- (30) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin sin 3 bliana **■** *tar éis* theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, agus ina dhiaidh sin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an athbhreithnithe dhomhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras. Ba cheart a chur san áireamh sna hathbhreithnithe sin forbairtí ábhartha a bhaineann le reachtaíocht an Aontais, dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch, forbairtí margaidh i réimse na n-aistrithe carbóin agus **■** *cuspóirí ábhartha comhshaoil agus eacnamaíocha amhail* slándáil bia lena n-áirítear infhaighteacht bia agus inacmhainneacht bia, agus ba cheart na hathbhreithnithe sin a bheith bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe dhomhanda ar Chomhaontú Pháras.

ITRE 30

Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

- (a) ciallaíonn ‘aistriú carbóin’ **■** carbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráil laistigh de linnte carbóin geolaíocha, linnte carbóin bithghineacha, táirgí fadtéarmacha agus ábhair fhdtearmacha, agus an mhuirthimpeallacht **■** ;

ITRE 31

Airteagal 2 - mír 1 - pointe b

- (b) ciallaíonn ‘gníomhaíocht aistrithe carbóin’ cleachtas nó próiseas amháin nó níos mó a dhéanann oibreoir a bhfuil stóráil **■** *shealadach_nó* bhuan carbóin mar thoradh air, lena bhfeabhsaítear gabháil carbóin i linn charbóin bhithghineach, **■** nó carbón bithghineach i dtáirgí nó in ábhair fhadmharthanacha;

ITRE 32

Airteagal 2 – mír 1 – pointe fa (nua)

- (fa) *ciallaíonn ‘stóráil shealadach carbóin’ gníomhaíocht aistrithecarbóin a dhéanann, faoi ghnáthchúinsí agus trí úsáid a bhaint as cleachtais bhainistíochta iomchuí, carbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráil go sealadach ar feadh tréimhse theoranta, infhaireachán, leanúnach agus intuartha, amhail feirmeoireacht carbóin, carbón stóráilte i dtáirgí, bithfhuinneamh lena ngabhann gabháil agus stóráil carbóin agus gabháil agus stóráil dhíreach carbóin aeir.*

ITRE 33

4Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) COM(2022) 720 deiridh 2022/0379 (COD).

Airteagal 2 – mír 1 – pointe g

- (g) ciallaíonn ‘buanstóráil charbóin’ gníomhaíocht aistrithe carbóin a stóráilann, faoi ghnáthchúinsí agus trí chleachtais bhainistíochta iomchuí a úsáid, carbón atmaisféarach nó bithghineach ar feadh na gcéadta bliain, **■ mar shampla trí stóráil gheolaíoch agus mianrú carbóin, laistigh de linnte carbóin ■ geolaíocha, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2009/31/CE⁵;ITRE 34**

Airteagal 2 – mír 1 – pointe h

- (h) ciallaíonn ‘feirmeoireacht charbóin’ gníomhaíocht aistrithe carbóin a bhaineann le bainistíocht talún *nó cósta* , as a n-eascraíonn méadú ar stóráil carbóin i mbithmhais bheo, in ábhar orgánach marbh agus in ithreacha trí ghabháil carbóin a fheabhsú agus **■ a d’fhéadfadh laghdú ar scaoileadh carbóin a ghiniúint freisin mar chuid den gníomhaíocht sin, mar shampla i gcás athfhluchadh talamh portaigh ■ ;**

ITRE 35

Airteagal 2 – mír 1 – pointe p

- (p) *ciallaíonn ‘laghdú ar astaíochtaí carbóin bithghineacha’ scaoileadh carbóin ó linn charbóin bhithghineach go dtí an t-atmaisféar a laghdú.*

ITRE 36

Airteagal 4 – mír 1 – pointe p

- (c) Is é ^{méadú}GCT an méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha **■** , arb é is cúis leo an gníomhaíocht aistrithe carbóin a chur chun feidhme.

ITRE 37

Airteagal 6 – teideal

■ Stóráil

ITRE 38

Airteagal 6 – mír 1

1. **■** Áiríteofar le gníomhaíocht aistrithe carbóin **■** go ndéanfar carbón a stóráil *go sealadach nó go buan.*

ITRE 39

Airteagal 6 – mír 2 – pointe a

5 Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíd charbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006.

- (a) *beidh siad faoi réir faireachán tréimhsiúil ag an gcomhlacht deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 9 agus maoloidh siad aon riosca go scaoilfear an carbón stóráilte a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin;*

ITRE 40

Airteagal 6 – mír 3

3. Le haghaidh *gníomhaíochtaí sealadacha aistrithe* carbóin ■ , measfar go scaoilfear an carbón a stóráiltear ■ san atmaisféar ag deireadh na tréimhse faireacháin.

ITRE 41

Airteagal 7 – mír 1

1. Beidh tionchar neodrach *ar a laghad* ag gníomhaíocht aistrithe carbóin ar *na cuspóirí inbhuanaitheachta uile seo a leanas* nó *féadfaidh* sí comhthairbhí *dearfacha* a ghiniúint le haghaidh ■ *ceann amháin nó níos mó de* na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas:

ITRE 42

Airteagal 7 – mír 1 – pointe fa (nua)

- (fa) *táirgiúlacht talmhaíochta agus slándáil bia;*

ITRE 43

Airteagal 7 – mír 1 – pointe fb (nua)

- (fb) *tionchar ar an bpobal áitiúil.*

ITRE 44

Airteagal 8 – mír 2

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla dá dtagraítear i mír 1 a bhunú maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le stóráil bhuan carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí. Áireofar sna modheolaíochtaí deimhniúcháin sin ar a laghad na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I. *I gcás gach dréachtghnímh tharmligthe, déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair críochnúil, lena n-áirítear an saineolas eolaíoch uile is gá, agus poibleofar a thorthaí deiridh tráth a ghlacfar an gníomh tarmligthe gaolmhar.*

ITRE 45

Airteagal 8 - mír 3 - pointe b

- (b) an cuspóir maidir leis an ualach riaracháin ar oibreoirí a íoslaghdú, go háirithe d'oibreoirí feirmeoireachta carbóin ar mhionscála *agus d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide gan cáilíocht na n-aistrithe carbóin nó na gcomhthairbhí carbóin a chur i mbaol;*

ITRE 46

Airteagal 8 – mír 3 – pointe da (nua)

(da) forbairtí teicneolaíochta ábhartha agus nuálaíocht sa réimse sin.

ITRE 47

Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

3a. Cuirfidh an Coimisiún na modheolaíochtaí deimhniúcháin ar fáil go poiblí.

ITRE 48

Airteagal 12 – mír 1

1. Déanfaidh *an Coimisiún* clár poiblí de chuid an *Aontais* maidir le gníomhaíochtaí aistriú carbóin agus aonaid aistriú carbóin arna ndeimhniú faoi Airteagal 9 a bhunú agus a chothabháil. *Tuairisceoidh gach scéim deimhniúcháin do chlárann an Aontais* maidir le gníomhaíochtaí aistriú carbóin agus aonaid aistriú carbóin arna ndeimhniú faoi Airteagal 9. Úsáidfidh *an clárann sin* córais uathoibríthe, lena n-áirítear teimpléid leictreonacha.

ITRE 49

Airteagal 18 – mír 1

1. Déanfar an Rialachán sin a choinneáil faoi athbhreithniú i ngach gné, agus na forbairtí ábhartha a bhaineann le reachtaíocht an Aontais, Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus Comhaontú Pháras, dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch, forbairtí margaidh i réimse na n-aistriú carbóin, slándáil bia an Aontais, slándáil bia náisiúnta agus réigiúnach agus tionchar na ngníomhaíochtaí aistriú carbóin ar na pobail áitiúla lena mbaineann.

ITRE 50

Airteagal 18 – mír 2

2. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin sin 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin agus tráth nach déanaí ná deireadh 2028, agus ina dhiaidh sin laistigh de 6 mhí tar éis thoradh gach athbhreithnithe dhomhanda a chomhaontaítear faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear measúnú ar chomhtháthú féideartha le Treoir ETS. Féadfaidh moladh reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí, chun an Rialachán sin a leasú.

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Creat deimhniúcháin de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh aistrithe carbóin	
Tagairtí	COM(2022)0672 – C9-0399/2022 – 2022/0394(COD)	
Dáta tíolactha chun PE	1.12.2022	
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ENVI 1.2.2023	
Coistí ar iarradh tuairim orthu Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 1.2.2023	AGRI 1.2.2023
Coistí comhlachaithe Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AGRI 11.5.2023	
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Lídia Pereira 10.1.2023	
Pléite sa choiste	1.3.2023	24.5.2023
Dáta an ghlactha	24.10.2023	
Toradh na vótála críochnaithe	+: –: 0:	59 9 17
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	João Albuquerque, Catherine Amalric, Mathilde Androuët, Maria Arena, Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Nathalie Colin-Oesterlé, Maria Angela Danzi, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Pietro Focchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Andreas Glueck, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Adam Jarubas, Karin Karlsbro, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Lydie Massard, Liudas Mažylis, Marina Mesure, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ljudmila Novak, Grace O’Sullivan, Nikos Papandreou, Jutta Paulus, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Frédérique Ries, Silvia Sardone, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraiki, Nils Torvalds, Edina Tóth, Achille Variati, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska	
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mercedes Bresso, Christophe Clergeau, Jens Gieseke, Martin Häusling, Stelios Kympouropoulos, Massimiliano Salini, Christel Schaldemose, Annalisa Tardino, Róza Thun und Hohenstein, Grzegorz Tobiszowski, Marie Toussaint, Nikolaj Villumsen, Sarah Wiener	
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Marie Dauchy, Carlo Fidanza, Georg Mayer, Maria Noichl, Philippe Olivier, Rob Rooken	
Dáta don chur síos	3.11.2023	

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

59	+
NI	Maria Angela Danzi
PPE	Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Jens Gieseke, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Stelios Kypouropoulos, Esther de Lange, Peter Liese, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjård, Massimiliano Salini, Christine Schneider, Maria Spyra, Pernille Weiss
Renew	Catherine Amalric, Pascal Canfin, Andreas Glueck, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Erik Poulsen, Frédérique Ries, Róza Thun und Hohenstein, Nils Torvalds, Emma Wiesner
S&D	João Albuquerque, Maria Arena, Mercedes Bresso, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Christophe Clergeau, Cyrus Engerer, Helène Fritzon, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Maria Noichl, Nikos Papandreou, Christel Schaldemose, Achille Variati, Tiemo Wölken
Verts/ALE	Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Martin Häusling, Pär Holmgren, Lydie Massard, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Marie Toussaint, Sarah Wiener

9	-
ECR	Teuvo Hakkarainen
ID	Mathilde Androuët, Marie Dauchy, Sylvia Limmer, Georg Mayer, Philippe Olivier
NI	Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth
Renew	Michał Wiezik

17	0
ECR	Carlo Fidanza, Pietro Focchi, Joanna Kopcińska, Rob Rooken, Grzegorz Tobiszowski, Alexandr Vondra, Anna Zalewska
ID	Gianna Gancia, Silvia Sardone, Annalisa Tardino
Renew	Martin Hojsík
The Left	Malin Björk, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Marina Mesure, Nikolaj Villumsen, Mick Wallace

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh